

An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Tuarascáil Bhliantúil 2013



Comhshaoil, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government

Tá leagan Gaeilge agus Leagan Béarla de Thuarascáil Bhliantúil (2013) le fáil ar - **www.environ.ie**.

Clár

Réamhrá an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	3
Achoimre ar na Príomhthorthaí a Baineadh Amach i rith na bliana 2013	10
Caibidil 1: Tithíocht.....	17
Caibidil 3: Comhshaol	30
Caibidil 4: Rialtas Áitiúil agus Toghchórais	37
Caibidil 5: Pobail agus Forbairt Tuaithe	43
Caibidil 6: Pleanáil	50
Caibidil 7: Met Éireann	56
Caibidil 8: Acmhainní a Sholáthar don Roinn Nua-Aimseartha	64
AGUISÍNÍ.....	74
AGUISÍN 1: Gníomhaíocht Reachtaíochta sa bhliain 2013.....	74
AGUISÍN 2: Foilseacháin sa bhliain 2013.....	126
AGUISÍN 3: Tuairisciú Bliantúil maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh – Forléargas ar Úsáid Fuinnimh sa bhliain 2013	134

Réamhrá an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Cé gurbh bhliain dhúshlánach a bhí sa bhliain 2013, ba bhliain thairbheach a bhí inti freisin don Roinn. Rinneadh dul chun cinn ar roinnt tiomantas i gClár an Rialtais, chomh maith le rannpháirtíocht mhór a bheith ag an Roinn le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an AE. Sa chomhthéacs sin, is cúis áthais domsa chomh maith le mo chomhghleacaithe, na hAirí Stáit, Jan O'Sullivan, T.D., agus Fergus O'Dowd, T.D., glacadh le Tuarascáil Bhliantúil na Roinne a thugann forléargas leathan ar ghníomhaíochtaí na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le linn na bliana 2013.

Leagtar amach i Ráiteas Straitéise 2011 – 2014 cuspóirí ardleibhéal agus straitéiseacha ríthábhachtacha na Roinne ar fud a réimsí Clár (Tithíocht, Seirbhísí Uisce, Comhshaoil agus Bainistiú Dramhaíola, Rialtas Áitiúil, Forbairt Pobail agus Tuaithe, Pleanáil agus Met Éireann). Tugann an Straitéis léiriú soiléir ar réimse freagrachta leathan na Roinne agus léiríonn tosaíochtaí straitéiseacha agus clár athchóirithe suntasach Chlár an Rialtais do Théarnamh Náisiúnta 2011 – 2016 a chuir ar chumas na tíre imeacht as Clár Tacaíochta Airgeadais an AE/IMF.

Déantar feidhmíocht na Roinne a thomhas ar bhonn bliantúil i gcoinne na bpríomhthorthaí agus táscairí feidhmíochta atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise, ach níos tábhachtaí fós déantar feidhmíocht a thomhas i gcoinne an feabhas a chuirtear ar shaol na ndaoine a ndéanann sí freastal orthu.

Rinne an Roinn dul chun cinn i rith na bliana 2013 ar bheartais a thug seasamh níos fearr don tír chun dul in oiriúint do raon dúshlán atá le sárú ag an tír i láthair na huaire agus a bheidh le sárú amach anseo. Chuir an Roinn in 2013 tús leis an athchóiriú is mó a rinneadh le céad bliain ar an rialtas áitiúil sa tír seo. Bunaíodh comhlacht le bainistiú agus seachadadh a dhéanamh ar ár n-acmhainn luachmhar uisce, chuidigh an Roinn le líon sáruithe comhshaoil na hÉireann a laghdú agus tríd an méid sin a dhéanamh fuarthas ardmholadh ón gCoimisiún Eorpach agus chuir sin le seasamh na hÉireann ar bhonn idirnáisiúnta a chur ina cheart arís. Chomh maith leis sin, dhírigh an Roinn a ról ceannaireachta ar aghaidh a thabhairt ar na dúshláin shuntasacha atá i gcúrsaí tithíochta agus pleanála, dúshláin atá ag teacht chun cinn agus atá casta. Bhí an Roinn gníomhach freisin i mbainistiú a dhéanamh ar an mbliain deiridh de clárthionscnaimh Leader agus Forbairt Áitiúil agus Pobail reatha a mbíonn an oiread sin tionchair acu ar phobail áitiúla ar fud na tíre.

Thar ceann mo chomhghleacaithe Aireachta agus thar mo cheann féin, is mian liom buíochas ó chroí a ghlacadh le foireann na Roinne as an scil, fuinneamh agus an ghairmiúlacht a léirigh siad ina gcuid oibre chun dul chun cinn mór a

dhéanamh ar fud raon leathan réimsí agus eárnálacha le linn na bliana 2013. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le Geraldine Tallon as a tiomantas le linn na bliana atá faoi athbhreithniú agus as an méid atá déanta aici sa Roinn le linn a tréimhse mar Ard-Rúnaí. Guím gach rath uirthi ar éirí as a cuid oibre di.

De bharr an méid a bhain an Roinn amach sa bhliain 2013, tá an bealach faoi réir chun anois chun tionscnaimh d'athnuachan eacnamaíoch agus fisiciúil, d'fhorbairt pobail agus sóisialta agus do chosaint comhshaoil a sheachadadh, tionscnaimh a éascóidh cruthú post agus todhchaí inbhuanaithe.

Phil Hogan, T.D.

An tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Ráiteas an Ard-Rúnaí

Lean an Roinn ag seachadadh raon leathan clár le linn na bliana 2013 agus ag cur leis an méid oibre a rinneadh le blianta beaga anuas. Thug sí líon beartas fadréimseach chun críche a raibh tábhacht mhór náisiúnta ag baint leo agus a chur leis an obair mhór fhorbartha a rinneadh le blianta roimhe sin.

Lean an Roinn le ról suntasach a bheith aici i dtéarnamh gheilleagar na hÉireann. Mar chuid den ról sin díriodh ar a chinntiú go n-éireodh thar barr le hUachtaránacht na hÉireann ar an AE sa chead leath de 2013 rud a chuidigh linn clú idirnáisiúnta na hÉireann a athnuachan.

Rinne an Roinn maith de roinnt tiomantas ardleibhéil le linn thréimhse na hUachtaránachta - Conradh na Náisiún Aontaithe ar Mhearcair, 7ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil an AE agus an Treoir nua ar na Caighdeáin maidir le Sábháilteacht Núicléach. Rinne obair leanúnach ó thaobh na Roinne de laghdú suntasach freisin ar líon sáruihte comhshaoil na hÉireann, agus fuarthas ardmholadh ón gCoimisiún Eorpach mar gheall air.

Chomh maith leis na torthaí ardleibhéil a bhain an Roinn amach bhí an Rannán Comhshaoil chun tosaigh i stiúradh an chláir comhshaoil le linn na hUachtaránachta, lena n-áirítear idirbheartaíocht rathúil ar ocht gcinn de na Comhaontuithe ar an gCéad Léamh le Parlaimint na hEorpa, chomh maith le formhuiniú Conclúidí na Comhairle ar an Straitéis Oiriúnaithe don Athrú Aeráide agus Clár Rio+20 iar-2015

Ag an am céanna leis an ngnó suntasach AE agus idirnáisiúnta a bhain leis an Uachtaránacht, lean clár baile na Roinne ag gluaiseacht ag an luas céanna agus rinneadh dul chun cinn suntasach ar raon tiomantas a bhí i gClár an Rialtais.

Rinne an Roinn athstruchtúrú agus leasú ar a cuid oibríochta tar éis na hUachtaránachta d'fhonn an éifeachtacht agus éifeachtúlacht is fearr a bhaint amach ar fud na heagraíochta agus leis an méid tacaíochta agus is féidir a thabhairt d'fheidhmiú beartas, do bhainistiú athraithe agus chun feabhas a chur ar phróiseas gnó. Eagraíocht níos fearr, níos solúbtha agus níos freagraí atá mar thoradh air sin.

Rinneadh infheistíocht de os cionn €95m i gcláir athghiniúna agus in oibreacha leasúcháin agus feabhsúcháin eile i Réimse na Tithíochta. Faoin athstruchtúrú leanúnach ar an gClár Infheistíochta do Thithíocht Shóisialta seachadadh 1,042 aonad ar léas agus rinneadh 4,701 aistriú breise faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos. Chomh maith leis sin rinneadh seachadadh ar 1,000 aonad nua cóiríochta sóisialta trí údaráis áitiúla agus comhlachtaí tithíochta ceadaithe.

Thosaigh an Roinn ag cur gné tithíochta chlár dí-institiúidithe an Rialtais i bhfeidhm chun tacaíocht a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas ar fhágáil institiúidí dóibh. I gcomhar leis sin, rinneadh forbairt ar phrótacal a rialaíonn próisis measúnuithe agus leithdháileadh tithíochta do dhaoine faoi mhíchumas agus eisíodh ar na húdaráis tithíochta go léir iad.

De bhun feidhmiú leanúnach na Scéime Cíos in Ionad Morgáiste d'iasachtaithe ó iasachtóirí príobháideacha agus gur éirigh leis an Scéim Cíos in Ionad Morgáiste píolótach d'iasachtaithe ó údaráis áitiúla le linn na bliana 2013, rinneadh an Scéim Cíos in Ionad Morgáiste Údaráis Áitiúla a leathadh amach ar bhonn náisiúnta i mí Feabhra na bliana 2014.

Leanadh le hobair shuntasach sa bhliain 2013 chun dul i ngleic le forbairtí tithíochta nach bhfuil críochnaithe. Rinneadh foráil speisialta i mBuiséad na bliana 2014, i bhfoirm Ciste Aonair Réitigh (SRF) spriocdhírthe chun tuilleadh cúnamh a chur ar fáil chun dul i ngleic le hoidhreacht na bhforbairtí tithíochta nach bhfuil críochnaithe. Chomh maith leis sin, rinneadh dul chun cinn ó thaobh déileáil le saincheisteanna oidhreachta a bhaineann le pírit; go háirithe, an tAcht um Réiteach Pírite 2013; a shínigh an tUachtarán i ndeireadh mhí na Nollag 2013, a rinne foráil do bhunú an Bhoird um Réiteach Pírite chun forbairt agus maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú scéime le tithe cónaithe a bhfuil dochar déanta ag pírit dóibh a chur ina gceart. Fógraíodh na Rialacháin um Rialú Foirgníochta (Leasú) 2013 nua mar chuid lárnach de shraith beartas a bhfuil sé mar aidhm leo na socruithe reatha maidir le rialú gníomhaíochta foirgníochta a láidriú ag tógáil ar an méid a foghlaimíodh as botúin san am a caitheadh. Beidh cuntasacht níos fearr i dtionscal na tógála mar thoradh ar na ceanglais seo.

Leanadh le forbairt a dhéanamh san earnáil uisce nuair a bunaíodh Uisce Éireann. Cuireann sé seo leis an obair dhian a rinneadh sna blianta roimhe seo. Achtaíodh an tAcht um Sheirbhísí Uisce 2013 a thugann bonn reachtúil do chlár um mhéadrú uisce tí agus bunú Uisce Éireann agus an tAcht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2) 2013 a fhorálann aistriú freagrachta maidir le soláthar seirbhísí uisce chuig Uisce Éireann agus do shannadh freagrachta maidir le rialachán eacnamaíoch seirbhísí uisce chuig an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh. Cuireadh tús le suiteáil na méadar uisce i mí Lúnasa 2013. Bhí os cionn 100,000 suiteáilte faoi dheireadh na bliana 2013, agus rinneadh deisiú nó athsholáthar ar thart ar 300km de phríomhlíonra faoin gclár um chaomhnú uisce.

Fuair an Roinn cead an Rialtais freisin le tosaíocht a thabhairt do dhréachtú an Bhille um Limistéar Muirí agus Urthrá (Leasú) a bhfuil sé mar aidhm leis an córas toilithe urthrá a lánpháirtiú leis an gcóras pleanála ar talamh atá á fheidhmiú ag

an mBord Pleanála agus ag údaráis áitiúla, ag tabhairt éifeacht dá réir sin do roinnt tiomantas Rialtais.

Chomh maith le clár gníomhach idirnáisiúnta, rinne Rannán Comhshaoil na Roinne dul chun cinn suntasach i ndáil le clár gníomhach baile. Ainmníodh trí phríomhúdarás do phleanáil réigiúnach bainistithe dramhaíola i mí an Mheithimh 2013. Leanadh le monatóireacht a dhéanamh freisin ar fheidhmiú 70 beart tras-rialtais a aithníodh sa chreat-dhoiciméad, Ár dTodhchaí Inbhuanaithe: Creat don Fhorbairt Inbhuanaithe d'Éire sa bhliain 2013. Chomh maith leis sin, tugadh tosaíocht shuntasach do bheartais aeráide agus do chlár reachtach a chur chun cinn.

Thug an Grúpa Straitéise Náisiúnta um Rialú Radóin, a bunaíodh le forbairt a dhéanamh ar Straitéis Náisiúnta le dul i ngleic le tionchar radóin, an Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin chun críche a foilsíodh go luath sa bhliain 2014.

Ag leanúint le feidhmiú clár toghcheantair an Rialtais, mar thoradh ar an maoirseacht a rinne an Roinn ar an réimse Toghchóras, rinneadh bainistíocht ar shocruithe reachtúla agus oibríochta do dhá Reifreann, achtaíodh reachtaíocht le hatarraingt a dhéanamh ar léarscáil an toghcheantair áitiúil do thoghcháin áitiúla na bliana 2014 agus rinneadh atarraingt ar dháilcheantair Dála agus Eorpacha.

Rinneadh dul chun cinn maidir le hathrú a chur ar an léarscáil toghcheantair áitiúil d'fhonn athrú ó bhonn a dhéanamh ar an struchtúr rialtais áitiúil in Éirinn a thiocfaidh i bhfeidhm tar éis thoghcháin áitiúla na bliana 2014 mar chuid de bhunathrú chun feabhais ar struchtúir, ról, feidhm agus airgeadas na n-údarás áitiúil. Bhí an Bille um Athchóiriú Rialtais Áitiúil beagnach rite trí Thithe an Oireachtais freisin sa bhliain 2013; déanann an reachtaíocht seo, a achtaíodh go rathúil in Eanáir na bliana 2014, foráil dhlíthiúil do na hathchóirithe atá leagtha amach i gClár Gnímh an Rialtais do Rialtas Áitiúil Éifeachtach, Tús Áite do Dhaoine.

Thug an Roinn faoi rannpháirtíocht le geallsealbhóirí éagsúla sular feidhmíodh na hathruithe sin chun moltaí an Rialtais i ndáil le hathchóiriú rialtais áitiúil a chur chun cinn. Tugadh faoi chomhairliúchán freisin maidir le hailíniú forbairt pobail/rialtais áitiúil le hearnálacha forbartha áitiúla, pobail agus deonacha agus rialtas áitiúil agus le raon Ranna/Gníomhaireachtaí Rialtais.

Chinntigh ról na Roinne san earnáil Pobail gur soláthraíodh maoiniú de os cionn €80m, faoi ghnéithe LEADER den Chlár Forbartha Tuaithe 2007-2013, a raibh cruthú 1,110 post lánaimseartha mar thoradh air sa bhliain 2013 chomh maith infreastruchtúr a bheith feabhsaithe i 1,301 sráidbhaile agus pobal ar fud na tíre.

Caitheadh €47.7m sa bhliain 2013 faoin gClár Forbartha Pobail Áitiúil agus chuidigh sé sin le 49,790 duine trí oideachas, oiliúint don mhargadh saothair nó tacaíocht féinfhostaithe a sholáthar.

Soláthraíodh cuidiú deontais arbh fhiú €2.3m é don Scéim Faire do Sheanáirí do ghrúpaí pobail áitiúla agus deonacha chun aláraim monatóireachta phearsanta a cheannach agus a shuiteáil le cur ar chumas daoine atá os cionn 65 bliain d'aois, a bhfuil a gcuid acmhainní teoranta, maireachtáil go slán sábháilte ina gcuid tithe féin. Mar thoradh air sin fuair 10,597 tairbhí aonad monatóireachta.

D'fhoilsigh an Stiúrthóireacht Náisiúnta do Bhainistiú Dóiteáin agus Éigeandála Pobail a Choimeád Sábháilte (PCS), agus iad ag oibriú i gcomhpháirtíocht le húdaráis dóiteáin. Leagtar amach ann na caighdeáin náisiúnta atá ag teacht le sár-chleachtas idirnáisiúnta agus feidhmeoidh údaráis dóiteáin áitiúla iad sa tréimhse go dtí deireadh na bliana 2015.

Rinneadh obair shuntasach sa Rannán Pleanála sa bhliain 2013. Rinneadh measúnú ar 2,000 cairéal de réir an chórais rialála do chairéil faoin Acht Pleanála 2000 atá fós á leathadh amach agus a bhfuil monatóireacht leanúnach á dhéanamh air. Mar thoradh ar an measúnú eisíodh tuilleadh teorach ar údaráis phleanála faoi alt 28 den Acht. Chomh maith leis sin, foilsíodh Treoirínte maidir le Ranníocaíochtaí Forbartha nua sa bhliain 2013.

Ó thaobh na haimsire, ba díol suntais an t-earrach a bhí thar a bheith fuar agus ina dhiaidh ar tháinig samhradh te agus a chríochnaigh le sraith stoirmeacha. Sheol Met Éireann an córas rabhaidh aimsire ina bhfuil rabhaidh dathchódaithe anois agus atá ailínithe go hiomlán leis an gcóras Meteocalarm Eorpach. Cuireadh tairseach gréasáin nua i bhfeidhm chun eolas maidir le haimsir a sheachadadh ar ghníomhaireachtaí na seirbhíse poiblí. Bhí teilgin aeráide uasghrádaithe d'Éirinn mar thoradh ar thaighde athrú aeráide, bunaithe ar rannpháirtíocht i gCuibhreannas Domhanda-CE agus chuir sé go suntasach le hobair Phainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) ó thaobh ullmhú do thuarascáil an AR5. Rinneadh forbairt ar sheirbhís samhaltaithe easraithe oibriúcháin le truaileáin aeriompartha a thuar.

Ba bhliain í 2013 a ndearnadh obair mhór go háirithe nuair a ghlactar san áireamh an dúshlán breise a bhain le hUachtaránacht an AE agus i bhfianaise an méid sin ba mhaith liom scil agus iarrachtaí as cuimse mo chomhghleacaithe a admháil, a chuir ar chumas na Roinne leanúint ag soláthar go láidir ar feadh raon gníomhaíochtaí. Ba chóir aitheantas a thabhairt freisin do thacaíocht agus do rannpháirtíocht ár ngníomhaireachtaí agus ár bpatrúin sa Rialtas Áitiúil.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh go háirithe leis an té a tháinig romham, Geraldine Tallon, a d'éirigh as i Márta 2014. Ba faoina maoirseacht mar Ard-Rúnaí a baineadh amach an raon leathan torthaí a bhfuil cur síos déanta orthu i dTuarascáil Bhliantúil 2013. Táimid go léir thar a bheith buíoch as a treoir agus as an méid a bhain sí amach agus guímid gach rath uirthi is í ar scor.

Táim muiníneach, de réir mar atá Éire fós ag dul i dtreo téarnamh geilleagrach iomlán go bhfuil na scileanna, an cumas, an fuinneamh agus an tiomantas ag an Roinn le ról lárnach a ghlacadh sa mhórchéist seo. Déanfaimid sin trí dhíriú ar ár gclár gnó a chur chun cinn le linn na bliana 2014 agus ina dhiaidh sin.

John McCarthy
Ard-Rúnaí

Achoimre ar na Príomhthorthaí a Baineadh Amach i rith na bliana 2013

Tithíocht

- Cuireadh 1,042 aonad tithíochta ar fáil ar léas, 4,701 aonad faoin Scéim um Chóiríocht ar Cíos (SCC). Chomh maith leis sin rinneadh 950 aonad nua cóiríochta sóisialta a sholáthar trí údaráis áitiúla agus comhlachtaí tithíochta ceadaithe.
- Rinneadh infheistíocht leanúnach sa Chlár Athghiniúna Náisiúnta le beagnach €70m á infheistiú i raon tionscadal atá dírithe ar athghiniúint fisiciúil, sóisialta agus eacnamaíoch i bpríomhcheantair i mBaile Átha Cliath, Luimneach, Corcaigh, Port Láirge, Trá Lí, Dún Dealgan agus Sligeach. Caitheadh €25m eile ar chlár náisiúnta de thionscadail oibreacha leasúcháin agus ar mhaoiniú do sholáthar síntí, ar oibreacha feabhsúcháin in áit tithíocht údarás áitiúil agus ar fheabhsúcháin le cóiríocht a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas.
- Obair ullmhúcháin ar an Scéim Íocaíochta um Chúnamh Tithíochta (SÍCT) nua, lena n-áirítear measúnú eacnamaíoch ar an togra agus cleachtadh mionsonraithe ar leagan amach próiseas gnó a thabhairt chun críche.
- Cheadaigh an Rialtas an Scéim Ginearálta do Bhille Tithíochta (Forálacha Ilghnéitheach) 2013 a dhéanann foráil don ÍCT agus do mhíreanna gaolmhara.
- De bhun feidhmiú leanúnach na Scéime Cíos in Ionad Morgáiste d'iasachtaithe ó iasachtóirí príobháideacha agus an Scéim Cíos in Ionad Morgáiste píolótach d'iasachtaithe ó údaráis áitiúla le linn na bliana 2013, rinneadh leathadh amach ar bhonn náisiúnta ar an Scéim Cíos in Ionad Morgáiste d'Údaráis Áitiúla i mí Feabhra na bliana 2014.
- De bharr tacaíocht Stáitchiste de thart ar €38m bhain 7,011 teaghlach tairbhe as an Scéim Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine Scothaosta agus Daoine atá faoi Mhíchumas.
- Rinneadh forbairt ar phrótacal a rialaíonn próisis measúnuithe agus leithdháileadh tithíochta do dhaoine faoi mhíchumas agus eisíodh ar na húdaráis tithíochta go léir é.
- Cuireadh tús le feidhmiú gné na tithíochta de chlár dí-institiúidithe an Rialtais agus ceannaíodh 7 bhfoirgneamh chun tacaíocht a thabhairt do 15 duine faoi mhíchumas ar fhágáil institiúidí dóibh sa bhliain 2013.

- Foilsíodh doiciméad – Réiteach a fháil ar Fhorbairtí Tithíochta nach bhfuil Críochnaithe: Tuarascáil Dul Chun Cinn Bliantúil ar Ghníomhartha le haghaidh a thabhairt ar Fhorbairtí Tithíochta nach bhfuil Críochnaithe, lena n-áirítear Tuarascáil Achoimre ar Shuirbhé ar Fhorbairt Náisiúnta Tithíochta 2013. Leanadh le feidhmiú an Tionscnaimh Sábháilteachta Poiblí sa bhliain 2013 ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar na rioscaí sláinte is tromchúisí sna heastáit is mó a bhfuil fadhbanna leo.
- Foilsíodh Ráiteas Beartais an Rialtais maidir le hEaspa Dídine. Chuir an Grúpa Maoirseachta maidir le hEaspa Dídine a gCéad Tuarascáil ar fáil don Aire Tithíochta agus Pleanála an 19 Nollaig 2013.
- Cuireadh tús le hathbhreithniú ar Chuid V den Acht um Phleanáil agus Forbairt 2000 agus ar an Scéim Úinéireachta Roinnte.
- Comhaontaíodh Rialacháin um Rialú Foirgníochta nua agus Cód Cleachtas maidir le Cigireacht agus Deimhniú Oibreacha Tógála, le geallsealbhóirí, a bhfuil sé mar aidhm leo socruithe maidir le rialú foirgníochta a láidriú agus beidh éifeacht leo ón 1 Márta 2014.
- Achtaíodh an tAcht um Réiteach Piríte 2013 chun an Bord um Réiteach Piríte a bhunú ar bhonn reachtúil agus le soláthar a dhéanamh don scéim feabhsúcháin piríte.
- Comhaontaíodh creat leis na daoine a bhí ina gcónaí i Priory Hall agus le geallsealbhóirí eile ar an réiteach atá beartaithe don lucht cónaithe agus do thodhchaí an choimpléacs.

Uisce

- Faoi dheireadh na bliana 2013 bhí 250 conradh sa chlár infheistíochta seirbhísí uisce is déanaí agus an ceann deiridh tugtha chun críche agus bhí os cionn 100 idir lámha.
- Rinneadh deisiú ar 300km den phríomhlíonra nó rinneadh athsholáthar air faoin gclár um chaomhnú uisce.
- Achtaíodh dhá phíosa reachtaíochta a bhaineann le hathchóiriú na hearnála uisce: An tAcht um Sheirbhísí Uisce 2013, i mí an Mhárta agus an tAcht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2) 2013 i mí na Nollag.
- Cuireadh tús le suiteáil mhéadair uisce tí i mí Lúnasa 2013. Bhí os cionn 80,000 méadar suiteáilte faoi dheireadh na bliana 2013.

- Tháinig deireadh go foirmiúil le Cás Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh ar Fheidhmiú Creat Treoir Dramhaíola maidir le hUmair Mhúnlaigh agus le Córais Chóireála Aonair Eile (Cás Cúirte C-188/08) an 20 Bealtaine 2013. Thug údaráis áitiúla faoi chigireacht ó mhí Iúil ar aghaidh de réir an Phlean Cigireachta Náisiúnta a d'fhoilsigh an GCC i mí Feabhra 2013.
- Cheadaigh an Rialtas tosaíocht a thabhairt do dhréachtú an Bhille um Limistéar Muirí agus Urthrá (Leasú). Tá sé mar aidhm leis an mBille an córas toilithe urthrá a lánpháirtiú leis an gcóras pleanála ar talamh atá á fheidhmiú ag an mBord Pleanála agus ag údaráis áitiúla, agus tabharfaidh sé cúnamh le feidhm a thabhairt do roinnt tiomantas de chuid an Rialtais.
- D'éirigh le hUachtaránacht na hÉireann ar an AE comhaontú a bhaint amach maidir le leasuithe ar Shubstaintí Tosaíochta sa Chreat-Treoir Uisce
- Ghéill Éire do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le húsáidí Neamh-Loingseoireachta Sruthchúrsaí Trasteorann (1997) i mí na Nollag 2013.

Comhshaol

- Rinneadh stiúradh ar chlár comhshaoil le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an AE, lena n-áirítear idirbheartaíocht rathúil maidir le hocht gComhaontú ar an gCéad Léamh le Parlaimint na hEorpa agus formhuiniú Conclúidí na Comhairle ar an Straitéis Oiriúnaithe don Athrú Aeráide agus Clár Rio+20 iar-2015.
- Maidir le cur i bhfeidhm cuid thábhachtach de Bheartas Náisiúnta Dramhaíola an Rialtais, Deis Acmhainne, ainmníodh trí phríomhúdarás do phleanáil bainistithe dramhaíola réigiúnach – de réir na struchtúr réigiúnach atá leagtha amach i gClár Gníomhaíochta an Rialtais d'Údarás Áitiúil Éifeachtach - i mí na Bealtaine 2013. Beidh ról tábhachtach ag an laghdú ó deich réigiún dramhaíola go trí cinn ó thaobh soláthar a dhéanamh do sheachadadh éifeachtúil agus éifeachtach seirbhísí bainistithe dramhaíola agus déanfar dréachtú ar phleananna dramhaíola réigiúnacha sa bhliain 2014.
- Lean an Roinn le monatóireacht a dhéanamh sa bhliain 2013 ar 70 beart tras-rialtais a aithníodh sa chreat-dhoiciméad, Ár dTodhchaí Inbhuanaithe: Creat d'Fhorbairt Inbhuanaithe d'Éire.
- Thug an Grúpa Straitéise Náisiúnta um Rialú Radóin, a bunaíodh le forbairt a dhéanamh ar Straitéis Náisiúnta le dul i ngleic le tionchar radóin, gás radaighníomhach a tharlaíonn go nádúrtha agus a chuireann le baol

oilse scamhóg, an Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin chun críche, a d'fhoilsigh an tAire ag an bhFóram Náisiúnta Radóin i mí Feabhra 2014.

- Foilsíodh anailís bheartais agus imlíne Cheannteidil an Bhille um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin.

Rialtas Áitiúil agus Toghchórais

- Foilsiú an Bhille um Athchóiriú Rialtais Áitiúil mar bhonn taca faoin gclár athchóiriú ó bhonn ar struchtúir rialtais áitiúil, airgeadais agus feidhmeanna agus tacaíodh le rith an Bhille trí dhá Theach an Oireachtais, ag réiteach an bhealaigh don achtú i mí Eanáir na bliana 2014.
- Achtú an Achta um Thoghcháin (Leasú) (Dáilcheantair) 2013 agus an tAcht um Thoghcháin, Rialtais Áitiúil agus Pleanáil agus Forbairt 2013.
- Foilsiú an Bhille um Thoghcháin don Pharlaimint na hEorpa (Leasú) 2013.
- Socruithe reachtúla agus oibríochta don dá Reifreann.
- Tacaíocht tugtha don Choiste um Theorainneacha Toghlimistéar agus tuarascáil foilsithe.
- Bunaíodh Coiste um Thoghlaigh Parlaimint na hEorpa, tugadh tacaíocht dó agus tá tuarascáil foilsithe.
- Foilsiú Pobail a Choimeád Sábháilte & CAMP – An Chéad Ghlúin Eile, chomh maith le líon príomhdhoiciméid tacaíochta leis an Stiúrthóireacht um Bhainistíocht Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála.
- Seoladh feachtas uile oileánda maidir le sábháilteacht dóiteáin i gcomhoibriú le Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála Thuaisceart Éireann, le linn Sheachtain Náisiúnta na Sábháilteachta Dóiteáin i mí Deireadh Fómhair.
- Infheistíocht chaipitil de €5m le hinfreastruchtúr na seirbhísí dóiteán a fheabhsú, lena n-áirítear uasghrádú ar stáisiúin dóiteáin; trealamh dóiteáin nua líne tosaigh faoi chomhthionscnamh soláthair; agus trealamh tarrthála éigeandála eile a sholáthar.

Pobail agus Forbairt Tuaithe

- Rannpháirtíocht le príomhghceallscealbhóirí chun moltaí Rialtais maidir le hathchóiriú rialtais áitiúil agus ailíniú rialtais áitiúil/forbairt áitiúil a chur chun cinn lena n-áirítear rannpháirtíocht leis na hearnálacha forbartha áitiúla, pobail agus deonacha agus le raon Ranna/Gníomhaireachtaí Rialtais. Bunaíodh Coistí Áitiúla Forbartha Pobail 'tosaigh' i gcúig cheantar údaráis áitiúil chun cur chuigí maidir le feidhmiú Coiste Áitiúil Forbartha Pobail (CAFP) a thriail agus taithí fhiúntach a fháil nuair a bheifí á leathadh amach go hiomlán sa bhliain 2014.
- Rinne Cuideachtaí Forbartha Áitiúil seachadadh ar Chlár Pobail Áitiúil agus Forbartha (CPAF) arbh fhiú €47.6m é sa bhliain 2013 agus cuireadh tacaíocht ar fáil do os cionn 45,000 duine. Feidhmeoidh Coistí Áitiúil Forbartha Pobail an CPAF agus an clár a bheidh ag teacht ina dhiaidh faoin mbeartas um ailíniú Rialtais Áitiúil/Forbairt Áitiúil agus cuireadh socruithe eastramhacha don bhliain 2014 i bhfeidhm sa dara leath den bhliain
- Soláthraíodh maoiniú de os cionn €80m faoi ghnéithe LEADER den Chlár Forbartha Tuaithe 2007-2013. Cruthaíodh 1,110 post lánaimseartha sa bhliain 2013 agus cuireadh feabhas ar infreastruchtúir i 1,301 sráidbhaile agus pobal ar fud na tíre.
- Bhí 55 bliain ar an bhfód bainte amach ag Comórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara sa bhliain 2013 agus fuarthas 830 iontráil ar an gcomórtas. Bhí Maigh nEalta, Co. na Mí ar an sráidbhaile ba shlachtmhara agus ina bhuaiteoir foriomlán ar an gcomórtas. Áiríodh i measc buaiteoirí eile:
 - Baile Beag: Neidín, Co. Chiarraí,
 - Baile Mór: Cill Airne, Co. Chiarraí
 - Ceantar mór Uirbeach: Inis, Co. an Chláir
- Seoladh an Feachtas Náisiúnta Tabhartha “an difríocht a dhéanann an t-aon faoin gcéad”, agus bunaíodh an Ciste Nuálaíochta Sóisialaí faoi Acht na gCuideachtaí.

Pleanáil

- Rinneadh obair shuntasach sa Rannán Pleanála sa bhliain 2013. Rinneadh measúnú ar 2,000 cairéal de réir an chórais rialála do chairéil faoin Acht Pleanála 2000 atá fós á leathadh amach agus a bhfuil monatóireacht leanúnach á dhéanamh air. Bailíodh sonraí agus cuireadh ar láithreán gréasáin na Roinne iad. Mar thoradh ar an measúnú, eisíodh tuilleadh Treorach ar na húdaráis phleanála faoi alt 28 den Acht.

- Faoi na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2013 rinneadh foráil do dhíolúine ó phleanáil (faoi réir ag coinníollacha áirithe) do phointí luchtaithe d'fheithicilí leictreach, d'oibreacha leasúcháin áirithe a rinneadh ar umair mhúnlaigh, agus ar struchtúir áirithe arna soláthar ag gealltóir reachtúil atá údaraithe le seirbhísí teileachumarsáide a sholáthar.
- Foilsíodh Treoirínite do Phlean Limistéir Áitiúil d'Údaráis Phleanála agus Lámhleabhar neamhreachtúil do Phleananna Limistéir Áitiúil a ghabhann leo, chun cuidiú le húdaráis phleanála a gcuid oibleagáidí éigeantacha, is é sin pleananna limistéir áitiúil, a sheachadadh.
- Foilsíodh Treoirínite maidir le Ranníocaíochtaí Forbartha nua chun treoir neamhreachtúil a thabhairt maidir le scéimeanna ranníocaíochtaí forbartha a dhréachtú in údaráis phleanála.
- D'fhoilsigh tionóil réigiúnach Innéacs Forbartha Geataí agus Moil 2012 i gcomhar leis an Roinn sa bhliain 2013.

Met Éireann

- Tugadh isteach córas rabhaidh aimsire dathchódaithe agus tugadh an córas rabhaidh aimsire náisiúnta go hiomlán de réir an chórais Meteoalarm Eorpach.
- Rinneadh forbairt ar thairseach gréasáin MET chun seachadadh a dhéanamh ar eolas aimsire grafach do phríomhúsáideoirí na hearnála poiblí.
- Leanadh le céim na pleanála den Tionscadal Nuachóirithe agus Uathoibríthe Eitlíochta (AMAP) a chuirfidh córais áirithe ag aerfoirt ar bhonn uathoibríoch agus bhí comhairliúchán leathan le geallsealbhóirí i gceist leis sin.
- Tugadh cothrom le dáta teilgin athrú aeráide na hÉireann.
- Bunaíodh seirbhís samhaltaithe easraithe nua ar mhaithe le tacaíocht éigeandála i gcás go ligfí ábhair dhíobhálacha isteach san atmaisféar.

Acmhainní a chur ar fáil don Roinn Nua-Aimseartha

- Baineadh amach spriocanna Creat Rialaithe Fostaíochta (CRF) agus Párolla.
- Tugadh tacaíocht d'Uachtaránacht na hÉireann ar an AE trí atheagrú Roinne, imlonnú na foirne inmheánaigh agus trí líon beag breise foirne sealadaí a fhostú.

- Tionscnaíodh tionscadal ollmhór athstruchtúraithe tar éis na hUachtaránachta chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht Roinne; mar thoradh ar seo go dtí seo tharla gluaiseacht shuntasach foirne agus comhdhlúthú feidhmeanna le hacmhainní atá dírithe ar phríomhthosaíocht gnó agus tá pleananna ann le tabhairt faoi thuilleadh athstruchtúraithe sa bhliain 2014.
- Bunaíodh roinnt Foirne Tionscadail chun moltaí na foirne a chur chun cinn agus a dhéanfaidh, le comhaontú Coiste Bainistíochta na Roinne, athchóiriú ar an bpróiseas gnó i raon réimsí laistigh den Roinn agus a chuirfidh feabhas air. Déanfar tuilleadh dul chun cinn ar obair na bhfoirne seo le linn na bliana 2014 agus ina dhiaidh sin.
- Athruithe Chomhaontú Bóthar Haddington curtha i bhfeidhm go rathúil agus tá coigilteas/éifeachtúlachtaí párolla bainte amach.
- Rinneadh seachadadh ar os cionn seacht gcéad cúrsa oiliúna don fhoireann chomh maith le tacaíocht a thabhairt do 35 cúrsa tríú leibhéal.

Caibidil 1: Tithíocht

Cuspóir Ardleibhéil

Chun a chur ar chumas gach teaghlach rochtain a bheith acu ar thithíocht ar ardchaighdeán a oireann d'imthosca an teaghlaigh agus sa phobal áirithe a roghnaíonn siad.

Tá an príomhfhócas, i dtéarmaí tacaíocht tithíochta atá á sholáthar ag an Roinn, dírithe ar fhreastal ar ghéar-riachtanais na ndaoine sin nach bhfuil ar a gcumas cóiríocht a sholáthar as a gcuid acmhainní féin. Tá an tacaíocht dírithe ar thithíocht shóisialta a sholáthar ar bhealaí atá solúbtha agus éifeachtach ó thaobh costais, atá curtha in oiriúint le freastal ar riachtanais daoine ag an gcéim áirithe sin ina saol.

An Clár Infheistíochta Tithíochta Sóisialta (CITS)

Leanann CITS le seachadadh a dhéanamh ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil ar chóiríocht ar ardchaighdeán a chur ar fáil dóibh siúd le riachtanas tithíochta. Soláthraítear maoiniú chuig CTCanna le seachadadh a dhéanamh ar chóiríocht shóisialta ar cíos atá oiriúnach faoin Scéim Cúnaimh Caipitil (SCC) dóibh siúd le riachtanais tithíochta sonracha, ar nós daoine faoi mhíchumas, daoine scothaosta agus daoine gan dídean.

Tá clár náisiúnta oibreacha feabhsúcháin maidir le stoc tithíochta an údaráis áitiúil agus clár athghiniúna fisiciúil, sóisialta agus eacnamaíoch d'eastáit na n-údarás áitiúil agus coimpléacs árasán cathrach a bhfuil drochbhail orthu á bhfeidhmiú faoi CITS freisin. Chomh maith leis sin, leantar le clár deontas agus tacaíochta do thithíocht phríobháideach le feabhas a chur ar choinníollacha maireachtála na ndaoine sin atá ina gcónaí ina dtithe féin le fócas faoi leith ar dhaoine atá níos sine agus daoine atá faoi mhíchumas.

Leanadh le hathstruchtúrú leanúnach CITS; cuireadh 1,042 aonad ar fáil ó léasú agus rinneadh 4,701 aistriú nua ó Fhorlónadh Cíosa chuig an Scéim um Chóiríocht ar Cíos agus tacaíocht tithíocht shóisialta eile. Nuair a chuirtear iad sin leis na haonaid agus na haistrithe roimh 2013, bhí glanchostas iomlán de os cionn €157m ann don dá scéim mar thoradh air sin. B'ionann na múnlaí sin agus cion suntasach den seachadadh iomlán tithíochta sóisialta don bhliain 2013, ag teacht le cuspóirí an Ráitis ar Bheartas Tithíochta, 2011.

Chomh maith le hathstruchtúrú leanúnach CITS, rinneadh seachadadh ar 950 aonad nua cóiríochta sóisialta trí údaráis áitiúla agus comhlachtaí tithíochta ceadaithe. Lean CITS le seachadadh a dhéanamh ar thithíocht shóisialta sa bhliain 2013, agus rinneadh seachadadh ar thart ar 550 aonad nua de chóiríocht shóisialta údarás áitiúil trí thógáil agus fáil.

Leanadh le leathnú ról na hearnála deonaigh agus comharchumann ó thaobh aghaidh a thabhairt ar riachtanais tithíochta sóisialta, trí fheabhas a chur ar an gcreat rialála deonach don eanáil agus trí thabhairt isteach saoráidí iasachtaithe atá dírithe tríd an nGníomhaireacht Airgeadais Tithíochta sa bhliain 2013.

Cuireadh thart ar €50m ar fáil sa bhliain 2013 faoin tionscnamh spreagtha speisialta do phoist chun feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh do stoc tithíochta an údaráis áitiúil atá níos sine. Cuirfidh an clár infheistíochta trí bliana seo feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar leibhéal compoird i 25,000 teach údarás áitiúil. Bhain 13,000 teach leas as an mbeart éifeachtúlachta fuinnimh seo sa bhliain 2013, agus b'ionann caiteachas agus €27m.

Baineadh amach seachadadh suntasach aonaid bhreise a cuireadh ar fáil tríd an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (NAMA), cuireadh thart ar 367 aonad ar fáil do thithíocht shóisialta sa bhliain 2013. Rinneadh seachadadh ar na haonaid sin trí úsáid a bhaint as léas airgeadais agus clár infheistíochta tithíocht údarás áitiúil agus deonach. Rinneadh na haonaid seo a sheachadadh den chéad uair sa bhliain 2013 tríd an fheithicil shainchuspóireach ar a dtugtar Seirbhísí Réadmhaoine Cónaithí Sócmhainní Náisiúnta Teoranta, a bhunaigh NAMA sa bhliain 2012 chun maoin a fháil ó lucht forbartha nó ó fhaighteoirí i bpunann iasachta NAMA agus iad sin a chur ar fáil d'údaráis áitiúla agus do CTCanna trí léas fadtéarmach.

Soláthraíodh 210 aonad cóiríochta nua do na daoine sin i gcatagóir shonrach riachtanas tithíochta leis an maoiniú a chuireadh ar fáil faoin SCC. Leanadh le leathnú ról na hearnála deonaigh agus comharchumann ó thaobh aghaidh a thabhairt ar riachtanais tithíocht sóisialta, trí fheabhas a chur ar chreat rialála deonach don eanáil agus trí thabhairt isteach saoráidí iasachtaithe dhírigh tríd an nGníomhaireacht Airgeadais Tithíochta sa bhliain 2013.

Áiríodh ar an méid eile a baineadh amach sa bhliain 2013:

- Seoladh an Chóid Rialála Deonach don Chomhlacht Tithíochta Ceadaithe (CTC).
- Infheistíocht leanúnach sa Chlár Athghiniúna Náisiúnta le beagnach €70m caite ar raon tionscadal atá dírithe ar athghiniúint fhisiciúil, shóisialta agus

eacnamaíoch i bpríomhcheantair i mBaile Átha Cliath, Luimneach, Corcaigh, Port Láirge, Trá Lí, Dún Dealgan agus Sligeach.

- Bhain 7,011 teaghlach tairbhe as Scéim na nDeontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine Scothaosta agus Daoine atá faoi Mhíchumas a chosain €38.3m ar an Státchiste.
- Infheistíocht de bheagnach €25m ar scéimeanna d'oibreacha leasúcháin ar fud eastát agus ar shíneadh agus ar oiriúnú an stoic tithíochta sóisialta le freastal ar riachtanas na dtionóntaí atá faoi mhíchumas.

Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta

Cheadaigh an Rialtas tabhairt isteach Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) nua an 18 Iúil 2013. Cheadaigh an Rialtas an Scéim Ginearálta do Bhille Tithíochta an 17 Nollaig 2013, le creat dlíthiúil a sholáthar mar bhonn taca don scéim. Tugadh faoi obair ullmhúcháin as cuimse ar an scéim. Áiríodh air sin tabhairt chun críche agus cur faoi bhráid an Rialtais measúnú eacnamaíoch ar an moladh maidir leis an scéim. Chomh maith le sin tugadh chun críche cleachtadh próiseas deartha gnó mionsonraithe. Leanann an Roinn agus an Roinn Coimirce Sóisialaí le hobair go dlúth ar shaincheisteanna dlíthiúla, beartais agus oibríochta a bhaineann le forbairt a dhéanamh ar ÍCT í á tabhairt isteach, lena n-áirítear glacadh le cur chuige réasúnach i leith feidhmiú a d'fhéadfadh tosaíocht a thabhairt do ghrúpaí áirithe ar nós iad siúd atá dífhostaithe go fadtéarmach nó iad siúd atá gan dídean nó i mbaol a bheith gan dídean.

Scor na Scéime Comhiomlánaithe Talún

Tháinig an Scéim Comhiomlánaithe Talún i bhfeidhm den chéad uair sa bhliain 2010 agus é mar chuspóir léi an t-iarbhéid iasachta gan íoc a laghdú de réir a chéile don talamh ar leabhair na n-údarás áitiúil. Bhí sé soiléir sa bhliain 2013, mar thoradh ar an mbrú leanúnach ar acmhainní an Státchiste nár rogha inbhuanaithe don todhchaí a bhí sa chaiteachas ar an Scéim Chomhiomlánaithe Talún. Threisigh an leibhéal laghdaithe i ndáil le maoiniú caipitil a bhí á sholáthar do fho-cheanteideal tithíochta na Roinne sa bhliain 2014 an tuairim seo. Mar thoradh air sin, tugadh faoi athbhreithniú ar an scéim i gcomhairle leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tugadh chun críche é sin nuair a eisíodh Ciorclán 35/2013 ar gach Údarás Áitiúil i mí na Nollag 2013 a chuir in iúl dóibh nach rabhthas le leanúint leis an Scéim.

Thug an Ciorclán fógra freisin do na hÚdarás Áitiúla nach nglacfaí le haon aighneachtaí nua maidir le hiasachtaí a bhí aibithe nó ar tí a bheith aibithe, isteach sa scéim agus nach bhféadfaí glacadh le haon iarratas isteach sa Scéim a fuarthas ach nach raibh ceadaithe ag an am ar eisíodh an Ciorclán.

Chuir an Ciorclán faoi deara don Roinn áfach, leanúint le maoiniú a dhéanamh ar aisghabháil íocaíochtaí iasachta blianachta d'údaráis áitiúla maidir le tailte a bhí ceadaithe faoin scéim cheana féin.

An Coiste Náisiúnta Comhordaithe um Fhorbairtí Tithíochta nach bhfuil Críochnaithe

Bunaíodh Coiste Náisiúnta Comhordaithe um Fhorbairtí Tithíochta nach bhfuil Críochnaithe (CNC) i mí an Mheithimh na bliana 2011, faoi chathaoirleacht an Aire Tithíochta agus Pleanála, chun feidhmiú iarrachtaí le fadhbanna a bhaineann le forbairtí tithíochta nach bhfuil críochnaithe a bhrú chun cinn. Tá an Coiste comhdhéanta d'ionadaithe ón lucht cónaithe, an Roinn, údaráis áitiúla, forbróirí, baincéirí agus NAMA.

D'fhoilsigh an CNC Plean Gnímh dhá bhliain ó shin le haghaidh a thabhairt ar mholtaí tuarascála leis an nGrúpa Comhairleach ar Fhorbairt Tithíocht nach bhfuil Críochnaithe. Ullmhaíodh Tuarascáil Bhliantúil maidir le dul chun cinn gach bliain uaidh sin amach, i gcomhar leis an Suirbhé Náisiúnta ar Fhorbairt Tithíochta. Thug an Tuarascáil Bhliantúil faoi Dhul chun Cinn, Réiteach a fháil ar Fhorbairtí Tithíochta nach bhfuil Críochnaithe ar Ghníomhartha le hAghaidh a Thabhairt ar Fhorbairtí Tithíochta nach bhfuil Críochnaithe, i mí na Samhna 2013, imlíne ar an dul chun cinn atá déanta ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna. Ar an dul chun cinn a aithníodh bhí, gur tháinig laghdú 56% ar líon na bhforbairtí atá fanta gan críochnú fós ón mbliain 2010 agus gur tháinig laghdú 72% ar líon na n-aonad atá folamh. Cuireadh pleananna réitigh maidir le láithreáin i bhfeidhm go hiomlán ar 553 forbairt sa 12 mí go dtí Samhain 2013.

Leanadh le feidhmiú an Tionscnamh Sábháilteachta Poiblí sa bhliain 2013, a tugadh isteach sa bhliain 2011 ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar na rioscaí sláinte is tromchúisí sna heastáit is mó a bhfuil fadhbanna leo. Táthar ag leanúint le próiseas ullmhaithe agus feidhmithe na bPleananna maidir le Réitigh Suímh agus tá údaráis áitiúla ag leanúint le gníomh forfheidhme a leanúint, lena n-áirítear rochtain ar urrúis agus ar bhannaí le teacht ar mhaoiniú le hinfreastruchtúr poiblí a chríochnú.

Tá doiciméid maidir le forbairtí tithíochta nach bhfuil críochnaithe le feiceáil ar www.viron.ie agus www.housing.ie.

Beidh an príomhfhócas sa bhliain 2014 ar réiteach a fháil ar shaincheisteanna a eascraíonn ó fhorbairtí atá fanta agus nach bhfuil críochnaithe agus a bhfuil cónaitheoirí iontu agus go háirithe aon fhorbairtí atá aitheanta ag údaráis áitiúla chun críoche tarscaoileadh Cáin Mhaoine Áitiúil a mbeadh fadhb

tromchúiseach i gceist leo mar gheall ar a riocht.

Bhí foráil i mBuiséad na bliana 2014 do Chiste Réitigh Speisialta €10m aon uaire. Tabharfaidh an ciste seo spreagadh do thuilleadh infheistíochta ón earnáil phríobháideach ar ghníomhaíocht tógála ar fhorbairtí nach bhfuil fáil acu, mar gheall ar chúiseanna a bhaineann le heaspa sna forbairtí ar mhaoiniú banna agus ábhair eile a bhaineann leo, nach mbeadh indéanta iad a thabhairt chun na céime réitigh go dtí seo murach iad.

Léasú agus NAMA

Lean an Roinn seo, an Ghníomhaireacht Tithíochta agus NAMA ag obair i gcomhar leis na húdaráis tithíochta agus leis na CTCanna chun aonaid tithíochta oiriúnacha NAMA a aithint agus lena gcur in úsáid mar thithíocht shóisialta. Dheimhnigh údaráis áitiúla faoi dheireadh mhí na Nollag 2013, thart ar 2,055 aonad a bhí aitheanta ag NAMA agus a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach, mar aonaid a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach do thithíocht shóisialta. Sheas líon na n-aonad tithíochta críochnaithe a aistríodh ó phunann NAMA ag 492, agus bhí 104 aonad eile ar chonradh tráth a raibh obair chríochnaithe ar siúl orthu ar bhonn leanúnach. B'ionann seachadadh foriomlán tithíocht sóisialta a fuarthas ó NAMA agus 596 aonad (críochnaithe nó ar chonradh) ó cuireadh tús leis an bpróiseas.

Riaráistí morgáiste

Cuireadh an próiseas réitithe riaráistí morgáiste, atá ag feidhmiú cheana féin maidir le morgáistí ó iasachtóirí príobháideacha, i bhfeidhm go forchéimneach ar fud gach údarás áitiúil le linn na bliana 2013. I gcásanna a bhfuil géarchéim morgáiste i gceist, tá rogha ag úinéirí tí anois iarratas a dhéanamh le leas a bhaint as an bpróiseas dlíthiúil atá i bhfeidhm chun déileáil le dócmhainneacht phearsanta.

De bhun moltaí Tuarascáil Keane ar riaráistí morgáiste, thug an Rialtas isteach an scéim Cíos in Ionad Morgáiste i mí an Mheithimh 2012, a dhíríonn ar theaghlach ar ioncam íseal le morgáistí ó iasachtóirí príobháideacha agus nach féidir leis an staid ina bhfuil siad leis an morgáiste leanúint ar aghaidh agus nach bhfuil aon nó fíorbheagán dóigh ann maidir le hathrú suntasach ar imthosca amach anseo. Cinntíonn an Scéim go bhfanann an teaghlach ina dteach féin agus aistrítear úinéireacht chuig an CTC agus bíonn an teaghlach ina dtionóntaí de chuid an CTC ansin. Le linn na bliana 2013, rinneadh píolótú ar an scéim d'iasachtaithe údaráis áitiúla le riaráistí morgáiste i gContae na

hlarmhí agus i gCathair Bhaile Átha Cliath. Mar gheall gur éirigh leis an bpiólótú, rinneadh leathadh amach ar an Scéim Cíos in Ionad Morgáiste na nÚdarás Áitiúil ar bhonn náisiúnta i mí Feabhra 2014.

Ag Tógáil don Todhchaí, Cód Rialála Deonach do Chomhlachtaí Tithíochta Ceadaithe in Éirinn

Sheol an Roinn an Cód Rialála Deonach d'earnáil an CTC an 15 Iúil 2013. Leagan an doiciméad seo amach na bloic thógála maidir le córas rialála reachtúil agus soláthraíonn sé comhthéacs inar féidir le CTC aonair síniú do rialáil agus do mhaoirseacht dheonach. Leagan sé amach rialachas lárnach, prionsabail bhainistíochta, tomhais agus airgeadais a bheidh i bhfeidhm do gach CTC a bheag nó a mhór ag brath ar mhéid, scóip, leibhéal baoil srl CTC aonair.

An Scéim Chosanta Taiscí Tionóntachta

Tá an Clár don Rialtas 2011 tiomanta do bhunú scéim chosanta taiscí tionóntachta le taiscí tionóntaí san earnáil cíosa príobháidí a chosaint. Soláthraídh An Bille um Thionóntachtaí Cónaithe (Leasú) (Uimh. 2) 2012 an bonn reachtúil do bhunú na scéime cosanta taiscí tionóntachta. Ritheadh Tuarascáil agus Céimeanna Deiridh an Bhille sa Dáil i mí Iúil 2013 agus ritheadh an Dara céim sa Seanad i Meán Fómhair 2013.

Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas

Leanadh le cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2011–2016 chun tacú le daoine faoi mhíchumas laistigh de phobail ó thaobh an méid rogha agus neamhspleáchais agus is féidir le linn na bliana 2013.

Easpa Dídine

Foilsíodh Ráiteas Beartais maidir le hEaspa Dídine an Rialtais an 21 Feabhra 2013. Cuireann an Ráiteas béim shoiléir ar chur chuige atá faoi stiúir ag tithíocht mar bhunfhreagra i leith easpa dídine. Tá sprioc sa ráiteas beartais chun deireadh a chur le heaspa dídine faoi dheireadh na bliana 2016.

- Cheap an tAire Tithíochta agus Pleanála Grúpa Maoirseachta le scrúdú a dhéanamh ar an gcur chuige atá á leanúint sa Ráiteas Bheartais i leith Easpa Dídine, le hathbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn, chun bacainní a aithint agus réitigh a mholadh.
- Chuir an Grúpa Maoirseachta ar Easpa Dídine a gCéad Tuarascáil ar fáil don Aire Tithíochta agus Pleanála an 19 Nollaig 2013. Creideann an Grúpa gur

féidir na spriocanna chun easpa dídine fadtéarmach agus an gá le codladh amuigh a thabhairt chun críche faoin mbliain 2016. Díríonn Céad Tuarascáil an Ghrúpa ar na dúshláin ollmhóra nach mór a shárú le luas a chur leis an dul chun cinn, agus aithníonn sé na baic ollmhóra a chuireann moill ar dhul chun cinn i dtreo príomhspríocanna agus molann an bealach inar féidir teacht as na baic sin.

- Ag teacht leis an bPlean Feidhmithe Náisiúnta don Straitéis Easpa Dídine, cuireadh córas cineachta do sholáthar maoiniú easpa dídine d'údaráis tithíocht i bhfeidhm ar bhonn náisiúnta le linn na bliana 2013. Comhaontaíodh prótacail leis an bpríomhúdarás tithíochta i ngach aon réigiún de na naoi réigiún easpa dídine, ag cur béim ar fheabhas a chur ar éifeachtúlacht foriomlán agus ar luach ar airgead agus an deis a thabhairt do sheirbhísí easpa dídine le níos mó cinnteoireachta a bheith acu.
- Thionól an tAire Tithíochta agus Pleanála díospóireacht comhchéime ar easpa dídine i measc a comhghleacaithe ó Bhallstáit eile an 1 Márta i Lováin na Beilge le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an AE. Comhaontaíodh go n-oibreodh Ballstáit agus an Coimisiún le chéile le comhordú a láidriú ar fud líon prionsabal. Bhí ionadaithe ó 23 Stát agus ón gCoimisiún i láthair ag an gcrúinniú comhchéime.

Ailtireacht / Caighdeán Foirgníochta

Fógraíodh na Rialacháin um Rialú Foirgníochta (Leasú) nua 2013 i mí an Mhárta na bliana 2013, mar chuid lárnach de shraith beartas a bhfuil sé mar aidhm leo na socruithe reatha maidir le rialú gníomhaíochta foirgníochta a láidriú ag tógáil ar an méid a foghlaimíodh as botúin san am a caitheadh. Forálann na rialacháin, a mbeidh feidhm leo ón 1 Márta 2014, do theastais reachtúla maidir le dearadh agus tógáil araon, lóisteáil doiciméid comhlíontachta chomh maith le cigireachtaí éigeantacha le linn na tógála. Ciallóidh na ceanglais seo cuntasacht níos fearr i dtionscal na tógála.

Bhí rannpháirtíocht sa ráithe deireadh den bhliain 2013 ag an Roinn seo chomh maith leis an Roinn Airgeadais agus Roinn an Taoisigh le hionadaithe ó Chomhairle Chathrach Bhaile Átha Cliath, Cónaidhm na mBaincéirí Éireannacha, an Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní, iar-chónaitheoirí Priory Hall agus geallsealbhóirí eile maidir leis an réiteach atá beartaithe do na daoine a bhí ina gcónaí i Priory Hall agus todhchaí an choimpléacs. Thángthas ar chomhaontú leis na geallsealbhóirí lárnacha mar thoradh ar an bpróiseas ar Chur Chuige Creata i leith Réiteach ar Choimpléacs

Priory Hall, déanfaidh bord feidhmithe faoi chathaoirleacht an Dr. Martin McAleese maoirseacht ar a fheidhmiú éifeachtach.

Forálann an tAcht um Réiteach Piríte 2013 a shínigh an tUachtarán i ndeireadh mhí na Nollag, do bhunú an Bhoird um Réiteach Piríte chun forbairt agus maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú scéime le tithe cónaithe a bhfuil dochar is féidir a chur síos d'ardú piríte déanta dóibh a chur ina cheart. Samhlaítear go nglacfar leis an Scéim um Réiteach Piríte go luath sa bhliain 2014, agus go nglacfar le hiarratais ó úinéirí tí atá faoi thionchar ag pirít go luath ina dhiaidh sin.

Cheadaigh an Rialtas maoiniú tosaigh de €10m i mí Dheireadh Fómhair do leathadh amach na scéime le linn na mblianta 2014 agus 2015, le tuilleadh maoinithe le cur ar fáil tar éis comhairliúchán idir an tAire Hogan agus an tAire Howlin i gcomhthéacs pacáiste spreagtha breise atá le fógairt go luath sa bhliain 2014. Beidh an chéad chéim den chlár leasúcháin ag déileáil le thart ar 1,000 teach cónaithe a mheastar a bheith riachtanach a dheisiú.

Glacadh le Rialachán maidir le Táirgí Tógála (ar a dtugtar "RTT"), a leagan síos coinníollacha comhchuibhithe do mhargaíocht táirgí tógála agus déanann aisghairm ar an Treoir maidir le Táirgí Tógála (89/106/CEE, ar a dtugtar "TTT"), i mí an Mhárta 2011 agus bhí éifeacht iomlán leo ón 1 Iúil 2013.

Forchuireann sé oibleagáidí agus freagrachtaí nua ar dhéantúsóirí, ar allmhaireoirí, agus ar dháileoirí. Sa bhliain 2013 dhírigh an Roinn a cuid iarrachtaí ar chur le feasacht ar agus oibleagáidí agus ceanglais nua an RTT a léiriú do na geallsealbhóirí ábhartha (an tionscal tógála, comhlachtaí ionadaíochta do na grúpaí éagsúla lena n-áirítear lucht gairme, údaráis áitiúla agus comhlachtaí poiblí eile).

Éilíonn an RTT bunú Pointe Teagmhála Táirge do Thógáil (PTT) i ngach Ballstát le heolas/treoir ar rialacha agus ar rialacháin náisiúnta a sholáthar. Tá an Roinn ainmnithe mar PTT na hÉireann agus déanann sí comhordú ar obair an PTT le cúnaimh ó líon geallsealbhóirí comhlachtaí poiblí.

Caibidil 2: Uisce

Cuspóir Ardleibhéil

Acmhainní uisce agus éiceachórais a bhíonn ag brath ar uisce a chosaint agus a fheabhsú; infreastruchtúr seirbhísí uisce a sholáthar chun tacú le fás inbhuanaithe agus le cosaint comhshaoil, socruithe nua rialachais agus praghsála a thabhairt isteach chun seirbhísí uisce a sheachadadh agus a bhainistiú; agus rialáil chúil na hearnála uisce a chinntiú.

Cáilíocht Uisce

Rinneadh dul chun cinn leanúnach ar chreat dlíthiúil, beartais agus feidhmithe chun acmhainní uisce agus éiceachórais atá ag brath ar uisce a chosaint agus a fheabhsú le linn na bliana 2013 agus bhí na nithe seo a leanas i gceist:

- Fuarthas acmhainní foirne breise don GCC, ó laistigh d'uimhreacha foriomlán ECF don Roinn agus dá cuid gníomhaireachtaí chun éascú a dhéanamh ar thús a chur leis an 2ú sraith den phleanáil um bhainistíocht abhantraí sa bhliain 2014.
- Rinneadh athbhreithniú ar Chlár Gnímh Níotráití na hÉireann le linn na bliana 2013, agus cuireadh eolas ar fáil ina thaobh sin ón nGrúpa Athbhreithnithe faoi chomhchathaoirleacht an RCPRA agus an RTBM agus ó phróiseas iomlán comhairliúcháin phoiblí. Comhaontaíodh leasú ar an gclár le Coimisiún an AE ag deireadh na bliana 2013 a thugann cead le maolú níotráite na hÉireann a chur ar vóta chruinniú an Choiste Bainistíochta Níotráite i mí Feabhra na bliana 2014.
- Bhí bearta cáilíochta uisce spriocdhírithe a chur san áireamh sa Chlár Forbartha Tuaithe mar thoradh ar idirbheartaithe leis an RTBM

Reáchtáladh cruinniú neamhfhoirmiúil a bhí thar a bheith rathúil de Stiúrthóirí Uisce agus Muirí an Aontais Eorpaigh i mBaile Átha Cliath i mí na Bealtaine 2013 agus bhain Uachtaránacht na hÉireann ar an AE amach comhaontú rathúil ar leasuithe ar na Substaintí Tosaíochta sa Chreat-Treoir Uisce. Ghéill Éire do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le húsáidí Neamh-Loingseoireachta Sruthchúrsaí Trasteorann (1997) i mí na Nollag 2013.

D'fhreastail Éire ar a chuid oibleagáidí faoin gCreat-Treoir um Straitéis Mhuirí (CTSM) le tuarascálacha a chomhlánú maidir le measúnú tosaigh ar ár n-uiscí mara, ar chinneadh Stádas Maith Comhshaoil agus ar bhunú sprioc chomhshaoil agus táscairí gaolmhara. Tugadh na ceanglais tuairiscithe seo chun críche agus déanadh iad a uaslódáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin (EIONET) in Aibreán 2013. Mar chuid den tionscal seo, foilsíodh Atlas Muirí na hÉireann ar líne i mí Deireadh Fómhair 2013.

Dhún an Coimisiún imeachtaí i ndáil le Sárú Píolótach AE (CTSM) sa bhliain 2013, ar cuireadh tús leo in aghaidh na hÉireann sa bhliain 2012.

Athchóiriú na hEarnála Uisce

Ba bhliain ríthábhachtach a bhí sa bhliain 2013 ó thaobh seachadadh a dhéanamh ar chlár athchóirithe an Rialtais don earnáil uisce. Tá trí chuid thábhachtach sa chlár athchóirithe seo:

- Bunú Uisce Éireann mar chuideachta neamhspleách faoi úinéireacht stáit laistigh de Ghrúpa Bhord Gáis, bunaithe ar mhúnla fóntais phoiblí;
- Tabhairt isteach múnla maoinithe inbhuanaithe nua chun tacú leis an infheistíocht san infreastruchtúr uisce a raibh géarghá leis, lena n-áirítear tabhairt isteach muirir uisce baile bunaithe ar úsáid; agus
- Rialú neamhspleách eacnamaíoch do sheirbhísí uisce, atá le sannadh ar an gCoimisiún um Rialáil Fuinnimh (CRF), a leagfaidh síos ráta muirir uisce, a dhéanfaidh iniúchadh agus a cheadóidh costais Uisce Éireann agus a thabharfaidh cosaint do leasa custaiméirí.

Rinneadh dul chun cinn suntasach sa bhliain 2013 ar sheachadadh an chlár athchóirithe seo, lena n-áirítear:

- Achtaíodh dhá phársa reachtaíochta maidir le hathchóiriú a bhaineann le huisce: An tAcht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 1), i mí an Mhárta 2013 agus an tAcht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2) i mí na Nollag 2013.
- Rinneadh ordú faoi Acht na Seirbhísí Uisce (Uimh. 2), a d'ainmnigh an 1 Eanáir 2014 mar an dáta ar aistríodh feidhmeanna seirbhísí uisce ó údaráis áitiúla chuig Uisce Éireann. Dá bhrí sin is ionann Uisce Éireann anois agus an t-údarás seirbhísí uisce atá freagrach as seirbhísí uisce agus fuíolluisce a sholáthar do theaghlaigh agus do ghnólachtaí ar an bpríomhlíonra poiblí, agus as billeáil agus as ioncam a bhailiú ó theaghlaigh ar mhuirir a bheith tugtha isteach.
- Cuireadh tús le suiteáil méadair uisce i mí Lúnasa 2013. Bhí beagnach 80,000 méadar suiteáilte faoi dheireadh na bliana 2013. Leanfar leis an obair ar an

gclár uaimhianach seo le linn na bliana 2014. Chuir an rialtóir eacnamaíoch d'Uisce Éireann, an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh, tús le comhairliúchán poiblí ar shaincheisteanna rialaithe na hearnála uisce.

- Cuireadh tús le comhaontuithe leibhéal seirbhíse an 1 Eanáir 2014. Soláthraíonn údaráis áitiúla seirbhísí uisce áirithe trína comhaontuithe sin thar ceann Uisce Éireann.

Clár um Infheistíocht i Seirbhísí Uisce

Faoi dheireadh na bliana bhí 250 de na conarthaí sa chlár um infheistíocht i seirbhísí uisce is déanaí tugtha chun críche agus bhí os cionn 100 idir lámha.¹ Léiríonn na sonraí is déanaí atá ar fáil ó na húdaráis gur tugadh 41 mór-chonradh – 30 do sholáthar uisce (lena n-áirítear 13 ar chaomhnú uisce) agus 11 ar fhuíolluisce chun críche le linn na bliana 2013 agus bhí os cionn 600 mór-chonradh/scéim tugtha chun críche ón mbliain 2000. Rinneadh athsholáthar nó deisiú ar 300km measta de phríomhlíonra le linn na bliana faoin gclár um chaomhnú uisce. Cuireadh freagracht i ndáil le hinfeistíocht chaipitil i seirbhísí uisce poiblí ar Uisce Éireann ón 1 Eanáir 2014 tar éis achtú an Achta Seirbhísí Uisce (Uimh. 2) 2013.

Caomhnú Uisce

Meastar gur tugadh 13 conradh chun críche sa bhliain 2013. Tugann táscairí ó údaráis áitiúla le fios go léireoidh athsholáthar/athshlánú príomhlíonraí ardú ar an mbliain roimhe seo le thart ar 300km de phríomhlíonra deisithe nó athsholáthar déanta air sa bhliain 2013.

Cuireann an Clár um Infheistíocht i Seirbhísí Uisce 2010 – 2013 leis an infheistíocht atá déanta i gcaomhnú uisce cheana, thráth a ndearnadh caiteachas de os cionn €270m ar bhearta éagsúla caomhnaithe uisce idir 2003 agus 2013.

An Clár Uisce Tuaithe

Leanadh le hobair sa bhliain 2013 ar fheabhas a chur ar cháilíocht uisce i ngrúpscéimeanna uisce le foinsí príobháideacha ar nós aibhneacha, locha agus tollphoill, ar bhearta caomhnaithe agus uasghrádaithe uisce i ngrúpscéimeanna uisce atá ann cheana, lena n-áirítear scéimeanna ar sholáthar poiblí agus ar thógáil ar lámh grúpscéimeanna uisce ag údaráis uisce. Cuireadh maoiniú ar fáil freisin d'oibreacha beaga scéime ar thionscadal uisce poiblí agus fuíolluisce agus do dheontais do thobair aonair."

¹ Áirítear anseo sceimeanna ag na céimeanna soláthair

Umair Mhúnláigh

Dúnadh Cás an ECJ ar Fheidhmiú Creat Treoir Dramhaíola maidir le hUmair Mhúnláigh agus le Córais Chóireála Aonair Eile (Cás Cúirte C-188/08) go foirmiúil an 20 Bealtaine 2013. Áiríodh ar bhuaicphointí:

Nollaig 2012:

Rinne an tAire fógra maidir le scéim deontais a bhunú le cúnamh airgeadais a sholáthar do líonta tí, a mheastar tar éis cigireachta, go bhfuil a gcuid córas faoin reachtaíocht nua i ngá le feabhsúchán nó uasghrádú. Ar choinníoll incháilitheachta do chúnamh deontais ní mór an córas a bheith cláraithe faoin dáta forordaithe den 1 Feabhra 2013. Tháinig an scéim i bhfeidhm i mí Iúil 2013, le foilsiú Rialacháin Chórais Chóireála Fuíolluisce Tí (Cúnamh Airgeadais) 2013.

Iúil 2013:

Chuir údaráis áitiúla tús le cigireacht ina gcuid ceantair feidhme ó mhí Iúil, de réir an Phlean Cigireachta Náisiúnta a d'fhoilsigh an GCC mí Feabhra 2013. Déanfaidh údaráis áitiúla i gcomhairliúchán leis an GCC agus leis an Roinn athbhreithniú ar an bpróiseas cigireachta ar bhonn leanúnach.

Pleanáil Muirí agus Imeall Trá

Leanadh le cur i bhfeidhm na bhfeidhmeanna reachtúla faoi na hAchtanna Imeall Trá le linn na bliana 2013, lena n-áirítear 35 iarratas nua ar thoilíú a bheith faighte agus 34 cinneadh déanta i gcásanna a bhí idir lámha. Reáchtáil an Roinn comhairliúchán poiblí i mí Feabhra ar mholtaí le hathchóiriú a dhéanamh ar an gcóras toilithe urthrá. Cheadaigh an Rialtas dréachtú tosaíochta an Bhille um Limistéar Muirí agus Imeall Trá (Leasú) i mí Iúil. Foilsíodh Scéim Ginearálta an Bhille i mí Dheireadh Fómhair agus bhí sí faoi réir ag réamhscrúdú reachtach Chomhchoiste Oireachtais ar an gComhshaol, Cultúr agus an Ghaeltacht i mí na Samhna.

Tá sé mar aidhm leis an mBille an córas toilithe urthrá a chomhtháthú leis an gcóras pleanála ar talamh atá á fheidhmiú ag an mBord Pleanála agus ag údaráis áitiúla, agus tabharfaidh sé cúnamh le héifeacht a thabhairt do líon tiomantas Rialtais. Tá forálacha sa Bille freisin chun deireadh a chur leis an toiliú déach atá riachtanach d'iarratais "Dumpáil ar Farraige", chomh maith le líon leasuithe teicniúla ar an réimeas Dumpáil ar Farraige atá á fheidhmiú ag an

nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, agus forálacha maidir le stóráil gáis agus ainmniú limistéir mhuirí.

Caibidil 3: Comhshaoil

Cuspóir Ardleibhéil

Cosaint an chomhshaoil agus sláinte an duine a chur chun cinn agus cur le forbairt an gheilleagar ghlais agus leis na hiarrachtaí ar bhonn domhanda i gcoinne athrú aeráide, go díreach agus trína chinntiú go leanfar le lánpháirtiú an chomhshaoil agus breithnithe forbartha inbhuanaithe níos leithne i mbeartas eacnamaíoch agus eanála araon.

Forbairtí Idirnáisiúnta agus AE

Rinne an Roinn stiúradh agus cur chun cinn rathúil ar chlár comhshaoil le linn Uachtaránachta na hÉireann ar an AE, lena n-áirítear idirbheartú rathúil ar 8 gcinn de na Comhaontuithe ar an gCéad Léamh le Parlaimint na hEorpa ar shainchomhaid príomhbheartais ar nós an 7ú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil, ceallraí, scéim trádála astuithe eitlíochta, athchúrsáil loinge, CO2 ó veaineanna i measc nithe eile agus formhuiniú Conclúidí na Comhairle ar Straitéis Oiriúnaithe don Athrú Aeráide nua agus Clár Rio+20 iar-2015. Chomh maith leis na beartais straitéiseacha sin a sheachadadh, rinneamar bainistiú freisin ar chlár thar a bheith rathúil de 16 Imeacht Uachtaránachta Oifigiúil ar shaincheisteanna comhshaoil, lena n-áirítear cruinniú Airí Comhshaoil an AE i mBaile Átha Cliath in Aibreán 2013.

Ar leibhéal idirnáisiúnta, rinne foireann Uachtaránachta na hÉireann ionadaíocht ar an AE ag Comhairle Rialaithe Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (CCNA) i Nairobi i mí Feabhra, rinneadh dul chun cinn leis an obair ar fhorbairt Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus baineadh comhaontú domhanda amach ar ionstraim dlí-cheangailteach maidir le húsáid mhearcair a rialú. Reáchtáladh an chéad cheann de Chomhdhálacha ceann i ndiaidh a chéile ar Choinbhinsiún UN ar Cheimiceáin agus Dramhaíl freisin i mí na Bealtaine faoi Uachtaránacht na hÉireann ar an AE, áit ar tógadh 40 cinneadh tábhachtach le feabhas a chur ar chosaint comhshaoil sna réimsí seo.

Rinneadh tuilleadh dul chun cinn le linn na bliana 2013 ó thaobh aghaidh a thabhairt ar ár gcuid oibleagáidí reachtúla faoi dhlí AE le hiompar in am Treoracha agus Rialacháin nua agus laghdú ar líon na gcásanna sáruithe comhshaoil a bhí oscailte, a raibh an Roinn freagrach as 8 gcinn faoi dheireadh na bliana.

Beartas Dramhaíola agus Éifeachtúlacht Acmhainne

Rinneadh go leor oibre agus dul chun cinn sa bhliain 2013 maidir le hAthbhreithniú ar Shamhail an Tionscnaimh um Fhreagracht an Táirgeora in Éirinn (TFT). Mar chuid den phróiseas athbhreithnithe 2 bhliain seo, a mbeidh rialacháin agus córais nua ar fud raon réimsí dramhaíola mar bhuaicphointe air, d'fhoilsigh an Roinn an tuarascáil maidir le Rialachas Corparáideach agus "Tobhach Pacáistithe d'Éirinn" san Fhómhar, agus foilsíodh tuarascálacha ar Bhoinn Dramhaíola agus Feithiclí a bhfuil a Ré Caite ina dhiaidh sin i mí na Samhna 2013. Ciallóidh éascú ar chomhairliúcháin phoiblí i ndáil leis na tuarascálacha sin ar fad go gcuirfear eolas ar fáil do na beartais deiridh a bhfuil sé molta glacadh leo agus iad a chur i bhfeidhm.

Maidir le cur i bhfeidhm cuid thábhachtach de Bheartas Náisiúnta Dramhaíola an Rialtas, "Deis Acmhainne", ainmníodh trí phríomh-údarás do phleanáil bainistiú dramhaíola réigiúnach – i gcomhfhreagras leis na struchtúir réigiúnacha atá leagtha amach i gClár Gníomhaíochta an Rialtais d'Údarás Áitiúil Éifeachtach - i mí an Mheithimh 2013. Beidh ról tábhachtach ag an laghdú ó dheich réigiún dramhaíola go 3 cinn ó thaobh soláthar a dhéanamh do sheachadadh éifeachtúil agus éifeachtach seirbhísí bainistithe dramhaíola agus déanfar dréachtú ar phleananna dramhaíola réigiúnacha sa bhliain 2014.

Maidir le bainistíocht a dhéanamh ar dhramhaíl tí, sheol an tAire páipéar comhairliúcháin ar Rialachán do Dhramhaíl Tí i mí na Samhna 2013, le fócas suntasach ar an gcur chuige i leith struchtúir phraghsála maidir le bailiúchán dramhaíola tí agus an moladh leis an earnáil bailithe dramhaíola tí a aistriú chuig córas muiririthe praghais (in aghaidh an kg) in aghaidh an mheáchain. Tá eolas á chur ar fáil ó thuairimí a fuarthas le linn an phróisis comhairliúcháin maidir le forbairt a dhéanamh ar réimeas rialaithe nua do bhailiú dramhaíola tí a bhunófar sa dara leath den bhliain 2014.

Bhunaigh an Roinn grúpa oibre idir-rannach freisin chun tuairisc a chur ar fáil don Rialtas ar roghanna le tionchar muirir dhramhaíola ar líonta tí le hioncam íseal a íoslaghdú. Chuir an Grúpa Oibre, atá comhdhéanta d'ionadaithe ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil; ón Roinn Coimirce Shóisialaí, Caiteachas Poiblí agus Athchóirithe; ón Roinn Airgeadais; agus Oifig an Tánaiste, a dhara tuarascáil faoi bhráid an Rialtais i mí Iúil 2013. Tá iarrtha ag an Rialtas ar an nGrúpa agus an raon saincheisteanna casta atá i gceist á mbreithniú, tuarascáil eile a ullmhú a chuirfear i láthair sa bhliain 2014.

Thug an tAire isteach Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dramhbhia Teaghlaigh agus Bithdhramhaíl) 2013 in Aibreán 2013 atá leagtha amach chun:

- cur chun cinn deighilt agus úsáid thairbheach dramhbhia a eascraíonn san earnáil thráchtála;
- cur leis an méid dramhbhia a aisghabhtar; agus
- éascú a dhéanamh ar bhaint amach spriocanna atá leagtha amach sa Treoir maidir le Líonadh Talún (99/31/EC) i ndáil le hathstíúradh dhramhaíl cathrach in-bhithghrádaithe ó láithreáin líonadh talún, trí dhramhbhia deighilte ag an bhfoinse a threorú chuig gléasraí bithgháis agus múirínithe agus chuig cineálacha eile cóireála (seachas loscadh).

Táthar ag súil go gcuirfidh na Rialacháin sin leis an méid bia a aisghabhtar trí fhuinneamh, mhúirín agus dhíleáiteán a tháirgeadh agus trí sin a dhéanamh, go gcruthófar deiseanna nua do phoist le luach breise chomh maith le dramhaíl den sórt sin a athstíúradh ó líonadh talún chuig déanamh múirín agus chuig cineálacha eile cóireála.

Chomh maith leis sin, ar mhaithe lenár mbrath ar líonadh talún a laghdú tuilleadh, cuireadh ardú eile de €10 in aghaidh an tona ar an tobhach líonadh talún ó mhí Iúil 2013, a chiallaíonn go bhfuil sé €75 in aghaidh an tona anois. Tá an t-ardú seo ceaptha le tuilleadh spreagadh a dhéanamh ar athchúrsáil sruthanna dramhaíola agus chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt tionscnaimh éifeachtúlachta acmhainne agus deiseanna gnó.

Sa réimse forfheidhmithe dramhaíola, thugamar chun críche athbhreithniú mór ar struchtúir fhorfheidhmithe dramhaíola, le líon moltaí leagtha amach le feidhmeanna forfheidhmithe a sheachadadh amach anseo ar bhonn príomh-údaráis.

Leanadh le hiarrachtaí le tabhairt faoi bhruscar trí chomhaontuithe idirbheartaithe le tionscal an ghuma coganta agus le Cónaidhm na mBaincéirí Éireannacha agus tá an Roinn ag tabhairt tacaíocht freisin do thionscnaimh agus do chlár frithbhruscair eile lena n-áirítear Glantachán Earraigh Bliantúil an Taisce, An Comhshaol Uirbeach agus Tuaithe a Chosaint (CUTC) agus Gnólachtaí Éireannacha in Aghaidh an Bhruscair (GÉAB).

Leanadh le leasú a chur ar líonta talún leagáide le ceadúnas agus gan cheadúnas le linn na bliana 2013 ag láithreáin timpeall na tíre, agus tugadh tacaíocht shuntasach freisin d'údarás áitiúla chun líonra láithreáin athchúrsála agus fónais chathartha a fheidhmiú.

Ag leibhéal AE, léiríonn an comhaontú ar an Treoir Ceallraí le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an AE sa chéad leath den bhliain céim thábhachtach i bhforbairt ceallraí atá níos sábháilte, níos éifeachtúla ó thaobh fuinneamh agus a rachaidh chun leasa do shláinte an duine agus don chomhshaol. Cuireann an Treoir nua toirmeasc ar úsáid caidmiam i gceallraí uirlis chumhachta gan sreang agus ceallraí cnapchille ina bhfuil mearcair. Chomh maith leis sin, rinneadh dul chun cinn suntasach ar thrasúiomh an Treoir WEEE roimh an spriocdháta lena trasú ina dlí náisiúnta i mí Feabhra 2014.

Coinbhinsiún Aarhus

Cuireadh an chéad Tuarascáil Feidhmithe Náisiúnta ar Choinbhinsiún Aarhus ar Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirteachas an Phobail sa Phróiseas Cinnteoireachta agus Rochtain ar Cheartas in Ábhair Chomhshaoil faoi bhráid Choimisiún Eacnamaíoch na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CENAE) i mí na Nollag 2013, tar éis próiseas rannpháirtíocht poiblí tréan a mhair ar feadh sé mhí tráth ar bhaineadh úsáid as dea-chleachtas i modhanna rannpháirtíochta poiblí chun comhairliúchán éifeachtach agus leathan leis na geallsealbhóirí go léir a chinntiú. B'ábhar misnigh a bhí ann go bhfuair an próiseas ardmholadh ó eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna) comhshaoil agus gur luadh é mar shampla de dhea-chleachtas i gComhairliúchán Poiblí, formhuiniú láidir maidir lenár gcur chuige foriomlán.

Forbairt Inbhuanaithe

Lean an Roinn le monatóireacht a dhéanamh sa bhliain 2013 ar chur i bhfeidhm 70 beart tras-rialtais a aithníodh sa chreat-dhoiciméad, Ár dTodhchaí Inbhuanaithe: Creat d'Fhorbairt Inbhuanaithe d'Éire. Cuireadh dul chun cinn lár bliana is déanaí le chéile mar chuid den phróiseas seo.

Reáchtáladh cruinniú den Ghrúpa Idir-Rannach Ardleibhéil gaolmhar i mí Feabhra 2014 agus rinneadh breithniú ar an dul chun cinn a bhí déanta ar na bacainní a bhí rompu agus ar na deiseanna le haghaidh tuilleadh tionchair. Ag eascairt as na díospóireachtaí sin, cuirfear tuarascáil ar chur i bhfeidhm an Chreata faoi bhráid an Choiste Comh-Aireachta ar Athrú Aeráid agus ar an nGeilleagar Glas.

Níos túisce sa bhliain, dhaingnigh Éire Prótacal Forlíontach Nagoya-Kuala Lumpur (PFNKL) ar Dhliteanas agus ar Chúiteamh a fhorálann do rialacha agus do nósanna imeachta idirnáisiúnta ar dhliteanas agus ar chúiteamh i leith damáiste don bhithéagsúlacht, a bhfuil orgánaigh modhnaithe beo mar

thoradh orthu (OMBanna, a bhfuil níos mó aithne orthu mar orgánaigh géinmhodhnaithe – OGManna) Déanann an PFNKL comhlánú ar Phrótacal Cartagena ar an mBithshábháilteacht agus glacadh leis ag Cruinniú na bPáirtithe do Phrótacal Cartagena i mí Deireadh Fómhair 2010 in Nagoya sa tSeapáin.

Beartas Radaíochta agus Caighdeán Aeir

Thug an Grúpa Straitéise Náisiúnta um Rialú Radóin, a bunaíodh le forbairt a dhéanamh ar Straitéis Náisiúnta le haghaidh a thabhairt ar thionchar radón, gás radaighníomhach a tharlaíonn go nádúrtha agus a chuireann leis an mbaol ó ailse scamhóg, a chuid oibre ar an Straitéis Náisiúnta um Rialú Radóin chun críche, a d'fhoilsigh an tAire ag an bhFóram Náisiúnta Radóin i mí Feabhra 2014.

Rinne an Coiste Feidhmiúcháin Náisiúnta dul chun cinn suntasach freisin ar an gclár náisiúnta laghdaithe dramhaíola radaighníomhaí sa bhliain 2013. Tá Éire imithe ó 3,300 foinse radaighníomhach nach mbíonn in úsáid a thuilleadh (ag a mbíonn leathré níos mó ná deich mbliana) atá i seilbh 63 cheadúnaí chuig 31 foinse atá i seilbh 11 cheadúnaí; is ionann sin agus laghdú 99% ar an líon iomlán foinsí. I gcomhar leis sin, shínigh an tAire Hogan an tAcht um Chosaint Raideolaíoch, 1991 (atá Freagrach as Bainistíocht Shábháilte a dhéanamh ar Dhramhaíl Radaighníomhach) Ordú 2013 (I.R. 320 de 2013) i mí Lúnasa 2013, ag trasú Treoir AE 2011/70/Euratom i nDlí na hÉireann a bhunaíonn creat Comhphobail do bhainistiú freagrachta agus sábháilteachta breosla spíonta agus dramhaíl radaighníomhach.

Faoi uachtaránacht an AE, bhain Éire amach comhaontú substaintiúil leis an nGrúpa Oibre ar Cheisteanna Adamhach (GOCA) Chomhairle an AE ar atailgean an Treoir maidir le Buncaighdeán Sábháilteachta ar ghlac an Chomhairle Eorpach léi go foirmiúil i mí na Nollag 2013. Chomh maith leis sin, rinneadh dul chun cinn suntasach ar Rialacháin nua an AE ar ghás ceaptha teasa fluairínithe agus thángthas ar chomhaontú maidir leis an téacs deiridh ag teannadh le deireadh na bliana faoi Uachtaránacht na Liotuáine ar an AE.

Maidir le caighdeán aeir, mar aitheantas Bhliain an Aeir 2013 an AE, thionól Éire Fóram maidir le Beartas Eolaíochta Aeir i Farmleigh le linn mí Aibreáin áit ar tugadh le chéile sprioc-rannpháirtithe de shaineolaithe, comhairleoirí agus lucht déanta beartais ar fud an AE, le cur le feasacht an riachtanais leanúnaigh le tuilleadh forbartha agus láidriú a dhéanamh ar bheartais Náisiúnta agus AE

chun feabhas a chur ar chaighdeán aeir, bunaithe ar thuiscint eolaíochta ar na saincheisteanna is mó atá cothrom le dáta agus comhtháthú le faisnéis a bhaineann le hathrú aeráide, iompar, beartas fuinneamh agus talmhaíochta a chur chun cinn. Chomhlánaigh díospóireachtaí an Fhóraitm forbairt Pacáiste Beartais Aer Glan an AE a foilsíodh i mí na Nollag.

Ón thaobh an bhaile de, cuireadh síneadh leis an toirmeasc ar mhargaíocht, dáileadh, díol nó úsáid breoslaí soladacha biotúmach (ar a dtugtar an 'toirmeasc ar ghual le deatach' freisin) chuig 7 mbaile nua le héifeacht ó mhí na Bealtaine 2013 – Na Clocha Liatha, Leitir Ceanainn, an Muileann gCearr, an Uaimh, an Droichead Nua, Port Laoise agus Cill Mhantáin. Baineann an toirmeasc le 26 ceantar anois, lena n-áirítear gach baile ina bhfuil daonra de níos mó ná 15,000 duine iontu. Tugann sé tuilleadh éifeachta do mholadh an GCC buntáistí an aeir ghlain atá mar thoradh ar an toirmeasc a leathadh amach chuig gach ceantar uirbeach. Léirigh sonraí ó mhonatóireacht GCC roimhe seo go raibh feabhas mór tagtha ar chaighdeán an aeir sna bailte ina raibh an toirmeasc tugtha isteach, le buntáistí cruthaithe ó thaobh sláinte an duine. Is féidir teacht ar léarscáileanna mionsonraithe do gach ceantar ina bhfuil an toirmeasc i bhfeidhm ar láithreán gréasáin na Roinne.

Thángthas ar chomhaontú ar théarmaí tagartha comhstaidéir ar chaighdeán aeir agus ar astuithe ó bhreosla soladach baile ag an gComhairle Aireachta Thuaidh Theas, a bhfuil sé mar aidhm leis eolas a chur ar fáil do roghanna beartais chun feabhas a chur ar chaighdeán an aeir ar bhonn uile-oileánda. Eisíodh iarratas ar thairiscint i mí na Samhna chun tabhairt faoin staidéar. Beidh an tuarascáil deiridh ar thorthaí agus ar mholtaí an staidéir dlíte i bhFómhar na bliana 2014.

Beartas Aeráide

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar an gClár chun forbairt a dhéanamh ar an Reachtaíocht agus ar an mBeartas Náisiúnta Aeráide, a foilsíodh i mí Eanáir 2012, thar thréimhse na bliana 2013 agus tabharfar chun críche é i 2014. Ar chloch mhíle lárnach bhí Imlíne na gCeann maidir leis an mBille um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, a seoladh i mí Feabhra 2013, i gcomhar le hanailís chuimsitheach ar bheartas ar thug Rúnáíocht an Choiste Comhairle Eacnamaíoch agus Sóisialta fúithi. Bhí sé mar phríomhchuspóir leis an mBille foráil a dhéanamh don Stát chun aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin, aeráid-dhíonach agus atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de sa tréimhse go dtí an bhliain 2050 a leanúint agus a bhaint

amach. Chomh maith le haghaidh a thabhairt ar thrédhearcacht an dul chun cinn faoin gClár um Fhorbairt Beartais, rinne Comhchoiste an Oireachtais ar an gComhshaol, Cultúr agus Gaeltachta, ar thug sé féin faoi phróiseas comhairliúcháin fadréimseach sular eisigh sé a thuarascáil i mí na Samhna 2013, breithniú ar imlíne agus ar Anailís na gCeann. Le haird á thabhairt, inter alia, ar thuarascáil an Chomhchoiste, tá an tAire tiomanta do na Cinn Billí a thabhairt chun críche agus iad a fhoilsiú sa bhliain 2014.

Ag an am céanna le forbairt an Bhille um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, tá gás cheaptha teasa a mhaolú fós mar thosaíocht agus tá beartais maidir leis sin curtha chun cinn tríd an bpróiseas treochláir ísealcharbóin nua, a tionscnaíodh i mí na Nollag 2012. Bhí an príomhfhócas sa bhliain 2013 ar mhaolú ag leibhéal earnála dírithe ar aghaidh a thabhairt ar phríomhréimsí giniúna leictreachais, iompar, talmhaíocht agus an timpeallacht tógtha. Soláthróidh an obair seo ag leibhéal earnála gné shubstaintiúil den bhunsraith don chéad Treochlár Náisiúnta Ísealcharbóin, agus cuirfear dréacht de sin ar fáil i gcomhar le dréacht-Mheasúnú Comhshaoil Straitéiseach, ar feadh tréimhse shubstaintiúil de chomhairliúcháin oscailte sa bhliain 2014. Freagróidh an treochlár náisiúnta do phríomhchuspóir an bhille agus soláthróidh sé dearcadh beartais go dtí an bhliain 2050.

Caibidil 4: Rialtas Áitiúil agus Toghchórais

Cuspóir Ardleibhéil

An rialtas áitiúil a mhúnlú, a fhorbairt agus tacú leis, chun ionadaíocht agus freastal a dhéanamh go héifeachtach agus go héifeachtúil ar phobail.

Beartas, reachtaíocht agus córais a fhorbairt mar príomhghnéithe den athchóiriú toghcháin.

Athchóiriú/Nuachóiriú Rialtais Áitiúil

Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn na bliana 2013 ó thaobh clár athchóirithe an Rialtais a chur i bhfeidhm maidir le rialtas áitiúil a fógraíodh sa Chlár Gnímh do Rialtas Áitiúil Éifeachtach: Tús Áite do Dhaoine, i mí Deireadh Fómhair 2012. Go háirithe, foilsíodh an Bille Rialtais Áitiúil 2013, a fhorálann d'athchóiriú struchtúir, feidhmeanna, rialachas agus ábhair ghaolmhara an Rialtais áitiúil, a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2013 agus bhí an chéim dheiridh tríd an Oireachtas bainte amach aige faoi dheireadh na bliana.

Leanadh le hobair a dhéanamh ar údaráis áitiúla i Luimneach agus i dTiobraid Árann a chumasc sa bhliain 2013, faoi mhaoirseacht na Roinne de réir na bPleananna Feidhmithe a tugadh chun críche i mí an Mheithimh 2012. Fuarthas tuarascáil i mí an Mheithimh ón ngrúpa feidhmithe maidir le hobair thosaigh ullmhúcháin agus cur i bhfeidhm an próiseas atheagrúcháin a bhí á stiúradh i bPort Láirge. Ceapadh Bainisteoir Déach Eatramhach i dTiobraid Árann agus i bPort Láirge araon i mí an Mheithimh 2013, faoi seach, chun an próiseas cumaisc a stiúradh sna ceantair sin chomh maith leis an mBainisteoir atá ag feidhmiú i Luimneach cheana féin.

Bhí rannpháirtíocht dhlúth ag an Roinn leis na húdaráis áitiúla agus le cumainn ionadaíochta na n-údarás áitiúil, Cumainn Comhairlí Contae is Cathrach agus Comhlachas Údarás Bardasach na hÉireann le linn na bliana 2013 maidir le socruithe feidhmithe, lena n-áirítear dréachtú reachtaíochta chun atheagrú a dhéanamh ar rialtais áitiúla.

Chuir an Grúpa Feidhmithe atá faoi chathaoirleacht neamhspleách, lena n-áirítear saineolas ón earnáil phríobháideach, a bunaíodh chun feidhmiú moltaí Thuarascáil Ghrúpa Athbhreithnithe Éifeachtachta Rialtais Áitiúil (AÉRÁ) a stiúradh agus maoirseacht a dhéanamh orthu, an dara Tuarascáil maidir le Dul

Chun Cinn faoi bhráid an Aire. Foilsíodh é sin i mí Iúil 2013. Dheimhnigh Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach (CBCC), ina ionchur sa Tuarascáil, coigilteas iomlán de €839m ó thús an chúlaithe eacnamaíoch sa bhliain 2008. Tuairiscíodh sa tréimhse ó ullmhaíodh Tuarascáil AÉRÁ (2010 go deireadh na bliana 2012), gurbh ionann agus €561m coigilteas a baineadh amach agus a bhí réamh-mheasta. Áiríodh ansin €229m (tá níos mó na leath den €346m a aithníodh mar choigilteas éifeachtúlachta díreach a d'fhéadfadh a bheith ann i dTuarascáil AÉRÁ) atá luaite le bearta éifeachtúlachta (i gcomparáid le laghdú gníomhaíochta) sna blianta 2010 go dtí deireadh na bliana 2012. Bhain an chuid is mó den choigilteas éifeachtúlachta le laghduithe agus soláthar foirne. Thug an Grúpa agus an CBCC tosaíocht do chur i bhfeidhm phríomh-mholtaí a bhaineann le soláthar, ICT, acmhainní daonna/foirne agus seirbhísí comhroinnte mar réimsí a bhfuil acmhainn acu leis an leibhéal coigiltis is fearr is féidir a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm clár éifeachtúlachta laistigh den earnáil.

Tugadh mar thasc do ghrúpa faoi chathaoirleacht neamhspleách tabhairt faoi athbhreithniú ar líon na foirne agus líon na mbainisteoirí sinsearacha i gComhairle Cathrach Chorcaí. Cuireadh a dtuarascáil agus a gcuid moltaí, mar aon le Plean d'Fhórsa Saothair Chomhairle Cathrach Chorcaí 2010 – 2014 faoi bhráid an Aire agus foilsíodh é in Aibreán 2013.

- Tá leathadh amach náisiúnta láithreán gréasáin www.fixyourstreet.ie críochnaithe anois agus tá ar chumas daoine ón bpobal saincheisteanna a thuairisciú d'aon údarás áitiúil ón 1 Eanáir 2013. Tá www.fixyourstreet.ie comhdhéanta de láithreán gréasáin atá inrochtana go poiblí le teicneolaíochtaí soghluaiste gaolmhar inar féidir saincheisteanna nach saincheisteanna éigeandála iad ar nós graifítí, lochtanna bóthair, saincheisteanna le soilsiú sráide, saincheisteanna maidir le sceitheadh uisce/draenáil agus bruscar nó dumpáil mhídhleathach a thuairisciú. Faoi láthair tacaíonn www.fixyourstreet.ie le hardán fón póca Android agus táthar i mbun forbartha ar leagan don iPhone. Tá an láithreán gréasáin féin www.fixyourstreet.ie cumasaithe d'fheistí soghluaiste agus tugann comhéadan simplí i ndáil le féachaint agus saincheisteanna tuairiscithe trí bhrabhsálaí gréasáin fón phóca.
- Is é an cuspóir atá leis an tionscnamh go bhfreagraítear na saincheisteanna a ardaítear ar www.fixyourstreet.ie laistigh de 2 lá oibre.
- Maidir le 2013, b'ionann meán-am freagartha agus 3.87 lá oibre. Bhain 14 údarás áitiúil amach am freagartha de níos lú ná 2 lá oibre agus d'fhreagair 6 údarás áitiúil eile laistigh de 2 go dtí 3 lá oibre. Mar gheall gurbh í an bhliain 2013 an chéad bhliain de leathadh amach náisiúnta FixYourStreet, tá líon údaráis áitiúla ag streachailt lena chinntiú go mbíonn

an freagra tosaigh taifeadta ar láithreán gréasáin, FixYourStreet. D'fhéadfadh sé sin a bheith ag cur as do ghníomhaíochtaí ar an talamh (mar gheall ar an líon foirne laghdaithe atá san earnáil), mar sin féin is é sin an t-aon bheart amháin é atá ar fáil ar láithreán gréasáin FixYourStreet.

- Tá sé soiléir ó thuarascálacha reatha na bliana 2014 (bunaithe ar ghníomhaíochtaí na míosa roimhe seo) go bhfuil feabhsú suntasach tagtha ar chumas na gcomhairlí ó thaobh freagairt do thuarascálacha ar láithreán gréasáin FixYourStreet. (Mar shampla, b'ionann meán-am freagartha in aon tréimhse amháin 4 seachtaine agus 19 uaire an chloig).
- Ghlac an tseirbhís le 9,796 tuarascáil ar an iomlán sa bhliain 2013, agus b'ionann an chatagóir ba mhó a tuairiscíodh agus bruscar agus dumpáil mhídhleathach ag 45% agus bhí lochtanna bóthair nó cosán ar an dara catagóir ba mhó a tuairiscíodh ag 24%.

Mótarcháin

Faoi dheireadh na bliana 2013, bhí 2.48m feithicil ar bhóithre na hÉireann, ardú 3.3% ón 2.4m ag deireadh na bliana 2012. Tháinig ardú sa bhliain 2013 le 7.8% go €1.1bn ar an ioncam ó mhótarcháin. Ba mar gheall ar mheascán d'arduithe mótarachánach a fógraíodh i mBuiséad na bliana 2013 agus dúnadh lúb ar lár sna nósanna imeachta maidir le feithicil a dhearbhu mar fheithicil nach bhfuil ar an mbóthar é sin. Maidir le hioncam na bliana 2013, aistríodh suim de €100m chuig an Stáitchiste ó Chiste an Rialtais Áitiúil mar bheart a bhí dírithe ar an easnamh náisiúnta a laghdú.

Bhí astuithe CO₂ mar bhonn le mótarcháin d'fheithicilí príobháideacha a cláraíodh ón 1 Iúil 2008. Faoi mhí na Nollag 2013, bhí 538,604 carr sa fhlíit CO₂, nó díreach os cionn 28% de gach feithicil phríobháideach. Cé go bhfuil 77% den fhlíit CO₂ foriomlán sna bandaí A agus B is ísle, tá 94% den na carranna ar cuireadh cáin orthu den chéad uair sa bhliain 2013 sna bandaí A agus B, rud a léiríonn go bhfuil carranna atá ag teacht ar an margadh neamhdhíobhálach don chomhshaol.

Gníomhaireachtaí faoi Choimirce na Roinne

Tháinig titim go 696 ag deireadh na bliana 2013 ar líon na foirne atá fostaithe ag gníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne, i gcomparáid le buaic de 951 ag deireadh na bliana 2008 – laghdú de 255.

Tá Clár Athchóirithe/Éifeachtúlachta, mar atá leagtha amach i bPlean Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí á chur i bhfeidhm ag Gníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne.

Leanadh sa bhliain 2013 le hobair a dhéanamh ar dhíscaoileadh Údarás Forbartha Dugthailte Bhaile Átha Cliath ag teacht le cinneadh Rialtais an 29 Bealtaine 2012, le súil le reachtaíocht a achtú chun an tÚdarás a dhíscaoileadh le linn na bliana 2014.

Faoin gclár cuíchóirithe, rinneadh dul chun cinn ar an obair maidir le cónascadh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil leis an Institiúid Éireannach um Chosaint Raideolaíoch le linn na bliana, agus beidh an cumasc tugtha chun críche sa bhliain 2014.

Aoisliúntas Údarás Áitiúil

Tugadh isteach scéim iomarcaíochta deonaí d'fhostaithe na n-údarás áitiúil i mí Iúil 2013. Tá sé mar aidhm leis an Scéim laghdú buan i bhfórsa saothair na n-údarás áitiúil a bhaint amach ón mbliain 2013 ar aghaidh ag teacht leis na moltaí sa staidéar ar an bhfórsa saothar agus i gClár Gníomhaíochta an Rialtais d'Údarás Áitiúil Éifeachtach: Tús Áite do na Daoine. Cheadaigh údaráis áitiúla thart ar 620 iarratas, d'fhág 390 duine sa bhliain 2013 agus tá 230 eile chun fágáil sa bhliain 2014.

An Stiúrtóireacht Náisiúnta do Bhainistiú Dóiteáin agus Éigeandála

Sa bhliain 2013, rinne an Stiúrtóireacht Náisiúnta do Bhainistiú Dóiteáin agus Éigeandála, trína Bord Bainistíochta agus a Coiste Comhairleach cothabháil ar a cuid tiomantas do bhaint amach feabhsúchán leanúnach seirbhíse le béim faoi leith ar shábháilteacht in oibríochtaí seirbhíse dóiteáin.

Rinne an Stiúrtóireacht Náisiúnta i gcomhpháirtíocht le húdaráis dóiteáin dul chun cinn ó thaobh dhá mhór-thionscnamh a chur chun cinn in earnáil an rialtais áitiúil:

- Foilsíodh Pobail a Choimeád Sábháilte (PCS) mar bheartas náisiúnta i mí Feabhra 2013. Tugann PCS aghaidh ar roinnt saincheistanna fadseasmhacha (m.sh. caighdeáin, comhleanúnachas cur chuige agus luach ar airgead) sna seirbhísí dóiteáin agus is ionann é agus an toradh ar bhreithniú fadréimseach ar ghníomhaíochtaí oibríochta ar a raibh comhairliúchán geallsealbhóra agus rannpháirtíocht le heagraíochtaí teicniúla san áireamh ann. Tá an próiseas maidir leis an mbeartas a chur chun cinn sna húdaráis dóiteáin ag fáil tacaíocht ó shraith de dhoiciméid treorach ábhar sainiúil, agus tugadh líon acu chun críche sa bhliain 2013. Déileálann siad sin le hoiliúint seirbhísí dóiteáin agus Bainistiú Sábháilteachta sna Seirbhísí Dóiteáin. Molann an PCS cur chuige "seirbhísí comhroinnte" a mbeidh titim ar líon na n-aonad seachadadh seirbhíse ón 30 atá ann i láthair na huaire go dtí 21 mar thoradh air.

- Leagan TSR (An Tionscadal Slógtha Ríomhchuidithe) - An Chéad Ghlúin Eile amach plean le himeacht ó Ionaid Chumarsáide Réigiúnacha, don chéad ghlúin eile reatha a ghlacann le glaonna 999/112 ar chúnamh ón bpobal chuig córas aonair náisiúnta le trí nód, agus úsáid á bhaint as ardán raidió TETRA atá urraithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe mar iompróir.

Déanann an Stiúrthóireacht Náisiúnta do Bhainistiú Dóiteáin agus Éigeandála ionadaíocht ar an tír ar an Meitheal um Chosaint Shibhialta na Comhairle Eorpaí ar (MCSCE) agus an Coiste um Chosaint Shibhialta atá á Bhainistiú ag an gCoimisiún Eorpach. Rinne Éire cathaoirleacht ar MCSCE dá bhrí sin le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an AE. Bhí cruinniú neamhfhoirmiúil ann d'Ard-Stiúrthóirí um Chosaint Shibhialta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath an 22/23 Bealtaine 2013. Bhí príomhfhócas MCSCE le linn Uachtaránacht na hÉireann ar an dréacht-reachtaíocht do Mheicníocht an Aontais um Chosaint Shibhialta nua agus rinneadh dul chun cinn comhsheasmhach a chiallaigh go rabhthas in ann glacadh leis an togra níos deireanaí sa bhliain, cé gur tháinig ábhair chun cinn i réimsí um Chosaint an Príomhinfreastruchtúr, feidhmiú Clásal Dlúthpháirtíochta Chonradh Liospóin agus Socruithe um Chomhordú i gcás Géarchéime freisin. Tháinig an reachtaíocht i bhfeidhm an 1 Eanáir 2014. Cuirfidh comhlíontacht lenár gcosc ar thubaistí baile, agus le hullmhú agus le freagracht trí phleanáil agus oiliúint níos fearr.

Chuir an Clár Oiliúna Lárnach 10 gcúrsa agus cúig sheimineár ar fáil chun forlíonadh a dhéanamh ar oiliúint a bhí socraithe ag na húdaráis dóiteáin.

An Toghchóras

Lean an Rannán Toghchórais lena ról ó thaobh forbairt agus maoirseacht a dhéanamh ar chóras toghcháin nua-aimseartha, éifeachtúil, inrochtana agus cothrom trí bheartas agus reachtaíocht a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus trí thacaíocht a thabhairt don phróiseas toghchánaíochta.

Tugann an tAcht um Thoghcháin (Leasú) (Dáilcheantair) 2013, a achtaíodh an 20 Márta 2013, éifeacht reachtúil do na moltaí i dTuarascáil Coimisiún Dáilcheantar 2012. Forálann sé do laghdú go 158 ar líon iomlán na gcomhaltaí i nDáil Éireann, d'athbhreithniú a dhéanamh ar Dháilcheantair agus ar líon na gcomhaltaí atá le toghadh i ndáilcheantair den sórt sin.

Tugann an tAcht um Thoghcháin, Rialtais Áitiúil agus Pleanáil agus Forbairt 2013, a achtaíodh an 22 Iúil 2013, éifeacht do cheanglais AE nua maidir le nósanna imeachta ainmiúcháin d'iarrthóirí neamhnáisiúnach a bheidh i bhfeidhm ag toghcháin Pharlaimint na hEorpa sa bhliain 2014. D'athraigh an t-acht an dlí toghcháin i réimsí eile freisin - tá mionsonraí leagtha amach in Aguisín 1.

Achtaíodh an Bille um Thoghcháin don Pharlaimint na hEorpa (Leasú) 2013, a foilsíodh an 2 Nollaig 2013, an 5 Feabhra 2014. Tugann an tAcht éifeacht reachtúil do na moltaí atá sa Tuarascáil maidir le Toghlaigh Pharlaimint na hEorpa. Forálann sé do shocrú dailcheantair chun 11 comhalta a toghadh ar Pharlaimint na hEorpa in Éirinn do théarma parlaiminteach 2014-2019.

Rinneadh líon lonstraimí agus Orduithe Reachtúla sa bhliain 2013 le héascú a dhéanamh ar fhorbairt creat reachtúil agus ar iompar toghcháin agus reifrinn. Tá siad sin i liosta in Aguisín 1.

Fuarthas dhá iarratas ar fhíorú an Aire maidir le ráitis tacaíochta a bailíodh in Éirinn maidir le Tionscnamh Saoránach Eorpach sa bhliain 2013. Tugadh chun críche an próiseas fóraithe ar an gcéad cheann de na tionscnaimh sin, maidir le ceart uisce le linn na bliana 2013. Bhí an próiseas fóraithe don dara tionscnamh a fuarthas, maidir le cosaint na dínite, an ceart chun na beatha agus an ceart chun sláine an uile-dhuine ón nginiúint, idir lámha ag deireadh na bliana.

Chuir an Rannán Toghchórais an tacaíocht riaracháin a bhí riachtanach ar fáil don Choiste um Theorainneacha Toghlimistéar, a bunaíodh an 15 Samhain 2012, le cur ar a chumas a thuarascáil a chur i láthair an Aire an 29 Bealtaine 2013.

Chuir an Rannán Toghchórais tacaíocht riaracháin ar fáil do Choiste um Thoghlaigh Pharlaimint na hEorpa a thuairiscigh do Chathaoirleach na Dála an 25 Meán Fómhair 2013.

Cinntigh an Roinn go raibh creat agus socruithe oibríochta eile a bhí riachtanach i bhfeidhm don dá reifreann a reáchtáladh sa bhliain 2013 ar na moltaí maidir le leasú a dhéanamh ar an mBunreacht atá sa Bhille um an Dóú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Deireadh a chur le Seanad Éireann) 2013 agus sa Bhille um an Tríú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (An Chúirt Achomhairc) 2013. Chuir an Roinn an tacaíocht a bhí riachtanach ar fáil freisin do Cheann Comhairimh an Reifrinn freisin.

Caibidil 5: Pobail agus Forbairt Tuaithe

Cuspóir Ardleibhéil

Forbairt chomhtháite a éascú ag leibhéal áitiúil, agus pobail bheoga, inbhuanaithe, chuimsitheacha a chothú; chun tacú leis an Earnáil Phobail agus Dheonach ina gcuid iarrachtaí sochaí ghníomhach, dhaonlathach, iolraíoch a bhaint amach.

Ailíniú Forbartha Áitiúil agus Rialtais Áitiúil

Cuireadh tús le hobair maidir leis na moltaí sa réimse seo a chur i bhfeidhm arna leagan amach in Tús Áite do Dhaoine – Clár Gnímh don Rialtas Áitiúil Éifeachtach i nDeireadh Fómhair 2012. Bunaíodh Grúpa Oibre Ailínithe (GOA), faoi chathaoirleacht na Roinne agus é comhdhéanta d'ionadaithe ó Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach, ó Líonra Forbartha Áitiúil na hÉireann (LFÁÉ) agus Pobal chun cúnaimh agus comhairle a thabhairt maidir le saincheisteanna cur chun feidhme.

Bhí tabhairt isteach na gCoistí Forbartha Pobail Áitiúla (CFPÁanna) píolótacha nó lárnacha mar fócas lárnach ag an GOA in 2013 i roinnt ceantar údaráis áitiúil. An cuspóir a bhí leo ná cur chuigí maidir le feidhmiú CFPÁ a iniúchadh agus a thriail agus foghlaim a ghabháil chun rolladh amach iomlán na CFPÁanna ar fud gach ceantar údaráis áitiúil a choinneáil ar an eolas in 2014, agus faoi dheireadh na bliana, bhí cúig cinn díobh curtha ar bun.

Tugadh isteach reachtaíocht chun tacú le bunú na CFPÁanna i ngach ceantar údaráis áitiúil isteach i nDeireadh Fómhair 2013 agus achtaíodh í san Acht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil 2014.

Cuireadh roinnt beart a bhí dírithe ar an gcur chuige tras-rialtas maidir le forbairt áitiúil agus pobail a neartú chun cinn, lena n-áirítear bunú an Ghrúpa Idir-Rannaigh um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail agus obair scóipe ar fhorbairt an chreata measúnachta tionchair chomhchoiteann maidir le cláir forbartha áitiúla agus pobail.

Tacaíochtaí & Cláir Phobail agus Dheonacha

Cláir Thuaidh/Theas cómhaoinithe ag an AE

Lean an Roinn ag tabhairt tacaíochta do líon clár cómhaoinithe ag an AE faoin mbabhta cláraithe 2007-2013. Cuimsíodh soláthar deontas anseo do thionscadail sa réigiún trasteorann ar luach €20.8m faoi PEACE III (Clár don tSíocháin agus don Athmhuintearas) agus €2.5m faoi INTERREG IVA (Clár Comhoibríthe Réigiúnach Trasteorann do Thuaisceart na hÉireann, Réigiún Teorann na hÉireann agus Iarthar na hAlban).

Scéim chun tacaíocht a thabhairt d'Eagraíochtaí Náisiúnta Pobail agus Deonacha

Íocadh maoiniú de €3.6m amach le 63 eagraíocht Phobail agus Dheonach mar pháirt dá ranníocaíochtaí maidir lena bhforchostais faoin bpolasaí 'Tacú le Rannpháirtíocht Saoránach'.

Obair Dheonach/ Fóraim Phobail & Dheonacha

Le linn 2013, cuireadh €0.5m ar fáil do 34 Fóram Pobail agus Deonach ar fud na tíre chun tacú leis na bhfóraim cruinnithe a eagrú, eolas a chur in iúl agus oiliúint/tógáil cumais a sholáthar do bhaill na bhFóram, go háirithe iad siúd a dhéanann ionadaíocht orthu siúd atá eisiata go sóisialta.

Cuireadh €2.9m ar fáil chun raon beart a chur chun cinn a thacaíonn le hobair dheonach agus le saoránacht ghníomhach. Áirítear ar sin maoiniú ar líonra ina bhfuil 21 Ionad Deonach (Tá Cathair Bhaile Átha Cliath Thuaidh agus Cathair Bhaile Átha Cliath Theas ag cumasc isteach in Ionad Deonach amháin do Chathair Bhaile Átha Cliath a dhéanfaidh freastal ar Chathair Bhaile Cliath ina iomláine) agus na heagraíochtaí gaolmhara Oibríthe Deonacha na hÉireann, Young Social Innovators, Focus Ireland, Boardmatch agus Chambers Ireland.

Comhpháirtíocht Shóisialta

Faoin Scéim Comhpháirtíochta Sóisialta a chuireann maoiniú ar fáil don Chran Taca Pobail agus Deonach, cuireadh €0.6m ar fáil do 17 n-eagraíocht Comhpháirtíochta Sóisialta chun costais a chlúdach a bhí bainteach go díreach lena bhfuil déanta acu i gcruithú beartas sa phróiseas comhpháirtíochta sóisialta.

Maoiniú na gCuntas Díomhaoin

Cheadaigh an Rialtas Scéim Eisíocaíochta Cuntas Díomhaoin nua a chlúdaíonn an tréimhse Nollaig 2013 go dtí Samhain 2016. Tabharfaidh sé sin deis plean gníomhaíochta maidir le Cuntais Díomhaoin a chur i bhfeidhm do 2014 agus na blianta ina dhiaidh sin chun leanúint ar aghaidh le maoiniú a thacaíonn le bearta gníomhachtaithe an lucht saothair in údaráis áitiúla i gcomhar leis an Roinn Coimirce Sóisialaí.

An Fóram um Daonchairdeas agus Tiomsú Airgid

Leanann an Roinn de bheith ag tacú leis an bhFóram um Daonchairdeas agus Tiomsú Airgid chun moltaí na tuarascála a seoladh in Iúil 2012 a chur i bhfeidhm. Seoladh an 'Feachtas Náisiúnta um Shíneadh Láimhe, difríocht an aon faoin gcéad', agus bunaíodh an Ciste um Nuálaíocht Shóisialta faoi Achtanna na gCuideachtaí.

Scéim Rabhaidh do Dhaoine Scothaosta

Cuireann an Scéim, arna riaradh ag grúpaí áitiúla pobail agus deonacha, cúnamh deontais ar fáil chun aláraim mhonatóireachta phearsanta a cheannach agus a shuiteáil do dhaoine os cionn 65 bliain d'aois chun iad a choinneáil sábháilte ina dtithe féin.

Cuireadh cúnamh deontais €2.3m ar fáil do 575 Grúpa Pobail agus Deonach Áitiúil in 2013 faoin Scéim Rabhaidh do Dhaoine Scothaosta agus fuair 10,597 tairbhí aonaid monatóireachta mar thoradh air sin.

Clár Forbartha Áitiúil agus Pobail (CFÁP)

Lean an CFÁP de bheith ag cur maoinithe ar fáil do Chuideachtaí Forbartha Áitiúla (CFÁanna) agus do roinnt comhlachtaí forbartha áitiúla eile chun an CFÁP as sholáthar sa bhliain 2013. Tá sé mar aidhm ag an CFÁP aghaidh a thabhairt ar an mbochtaineacht agus ar eisiámh sóisialta trí chomhpháirtíocht agus obair chruthaitheach a dhéanamh leis an Rialtas agus a gcuid gníomhaireachtaí agus daoine i bpobail atá faoi mhíbhuntáiste.

In 2013, caitheadh €47.7m faoin gclár, laghdú os cionn €6m i gcaiteachas ón mbliain roimhe sin. Ainneoin an laghdú sin, léiríonn eolas sealadach ón gCóras Comhtháite um Thuairisciú Faisnéise (IRIS) gur éirigh go han-mhaith leis an gclár

le linn 2013. Léiríonn scrúdú ar na sonraí do 2013 (tá figiúirí aschuir iarbhír inchomparáide do 2012 idir lúibíní) an méid seo a leanas:

- Tugadh cúnamh do 49,790(47,792) duine 2013;
- Tá 17,699(17,119) tairbhí rannpháirteach in oideachas;
- Tá 19,711(16,832) tairbhí rannpháirteach in oiliúint do mhargadh an tsaothair; agus
- Tugadh tacaíocht do 7,419(7,054) duine isteach i bhfostaíocht, lena n-áirítear 5,000 isteach i bhféinfhostaíocht.

Tugadh Athbhreithniú Lár Téarma ar an gclár chun críche le linn 2013. Ba iad príomhaidhmeanna an athbhreithnithe ná, inter alia: meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an chláir go dtí seo i gcoinne táscairí cláir náisiúnta agus bailíocht reatha chuspóirí agus/nó thorthaí an CFÁP agus a gcomhoiriúnacht le straitéis fhoriomlán na Roinne agus Chlár an Rialtais a scrúdú. Tá roinnt cinntí déanta ag an Athbhreithniú maidir le feidhmíocht agus oibriú an CFÁP agus déantar roinnt moltaí maidir le hathscagadh/athmhunlú an chláir.

De réir mar a tháinig an CFÁP chun deiridh an 31 Nollaig 2013, aontaíodh go gcuirfidh socruithe idirthréimhseacha i bhfeidhm in 2014, chun athdhearadh an chláir a éascú agus bunú na gCoistí Forbartha Pobail Áitiúla (CFPÁanna) a cheadú ag teacht le feabhas ar ról an rialtais áitiúil i bhforbairt áitiúil agus pobail. Aistrefar bainistíocht conarthaí reatha agus maoirseachta Clár chuig CFPÁanna ón 1 Iúil seo chugainn. Fanfaidh conarthaí don CFÁP atá ann cheana i bhfeidhm go dtí deireadh 2014 áfach. Leagfar béim athnuaite ar na daoine agus na pobail sin a mbíonn deacrachtaí dul chomh fada leo sa Chlár athdheartha agus déanfar é a rolladh amach ó mhí Eanáir 2015 ar aghaidh.

Forbairt Tuaithe: AE agus Náisiúnta

Eilimintí LEADER de Chlár Forbartha Tuaithe na hÉireann 2007-2013

Is iad príomhchuspóirí eilimintí LEADER den Chlár Forbartha Tuaithe (CFT) ná feabhas a chur ar an gcaighdeán saoil i gceantair tuaithe agus éagsúlú gheilleagar na tuaithe a éascú.

In 2013, rinne an clár taifeadadh ar chaiteachas os cionn €80m, rud a thugann a chaiteachas iomlán go dtí €245m. Cuireadh maoiniú ar fáil do raon leathan tionscadal nuálach agus inbhuanaithe ar fud na hÉireann. In iomlán, cuireadh maoiniú ar fáil do 2,759 tionscadal. Lean an maoiniú sin ag cur tacaíocht luachmhar ar fáil do phobail tuaithe i dtimpeallacht eacnamaíoch an-deacair

agus é mar aidhm aige pobail tuaithe bhríomhara a chruthú agus a chothabháil a chuireann bunsraitheanna daingne ar fáil le haghaidh fás eacnamaíoch sa todhchaí.

Cuireadh maoiniú tacaíochta ar fáil do 2,404 fiontar in 2013, rud a chruthaigh 1,110 post lánaimseartha. Leanadh den infheistíocht i dtionscadail bhonneagair ar scála beag i sráidbhailte in 2013 chomh maith, le 1,301 sráidbhaile agus pobal beag ag baint tairbhe as oibreacha leasúcháin caipitil.

Bainistiú Airgeadais, Iniúchadh Inmheánach agus Bainistiú Riosca:

Sholáthar an Rannóg Seirbhíse Iniúcháireachta córas rialaithe creidiúnaithe don Chlár Forbartha Tuaithe 2007 – 2013 atá cómhaoinithe ag EAFRD trí Rialaithe ar an Spota ex-ante agus seiceálacha ex-post a dhéanamh ar chaiteachas cláir i gcomhréir le Rialacháin an AE. Ina theannta sin, cuireann an Rannóg clár Cigireachta i bhfeidhm do na Scéimeanna agus na Cláir sin atá á maoiniú go hiomlán ag an Státchiste Náisiúnta, agus á gcur i bhfeidhm ag an Rannóg Pobail, chun freastal ar riachtanais an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste.

An Coimisiún um Fhorbairt Eacnamaíochta i Limistéir Tuaithe (CFELT)

Thacaigh an Rannóg um Fhorbairt Tuaithe leis an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, le Teagasc agus le Coimisiún Forbartha an Iarthair (CFI) in obair an Choimisiúin um Fhorbairt Eacnamaíochta i Limistéir Tuaithe (CFELT). Ba í aidhm an Choimisiúin ná cleachtadh taighde agus comhairliúcháin poiblí forleathan a dhéanamh ar chumas eacnamaíoch cheantair tuaithe na hÉireann sa todhchaí d'fhonn an tslí is fearr le maoiniú agus acmhainní a dhíriú idir 2013 agus 2025 a aithint.

Ba í an ghné ba shuntasáí de chuid obair an Choimisiúin ná an próiseas comhairliúcháin a rinneadh idir Eanáir agus Meitheamh 2013. Bhí an cleachtadh comhdhéanta de thrí ghné ar leith: roinnt cruinnithe poiblí; cruinnithe le páirtithe leasmhara agus saineolaithe ábhartha; agus próiseas aighneachta scríofa lenar bhain ceistneoir ar líne agus/nó aighneachtaí scríofa a chur i gcrích.

D'aithin an próiseas sraith éagsúil agus casta saincheisteanna agus dúshlán a mheasann an Coimisiún a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu d'fhonn tacú le forbairt eacnamaíoch cheantair tuaithe na hÉireann sa todhchaí. Cuireadh an tuarascáil deiridh faoi bhráid an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i mí na Samhna 2013 lena bhreithniú, a foilsíodh go luath in 2014.

Áineas Faoi Tuath

Leanadh le cur i bhfeidhm na Scéime Siúlóide in 2013 ar 40 bealach siúlóide ina raibh 1,811 sealbhóir talún páirteach.

Bhí Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse le 12 Cuideachta Forbartha Áitiúil (CFÁanna) i bhfeidhm le linn 2013 do sholáthar raon leathnaithe seirbhísí áineasa tuaithe lena n-áirítear cur i bhfeidhm chuspóirí ábhartha na Straitéise Áineasa Náisiúnta do Cheantair Tuaithe.

Chabhraigh an Roinn le príomhshealbhóirí talún an Stáit a thabhairt le chéile lena n-áirítear Coillte, An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadúlra, BSL, Uiscebhealaí Éireann, Iascaigh Intíre na hÉireann, CIÉ agus Bord an Móna d'fhonn comhaontú a dhaingniú maidir le Plean Náisiúnta Áineasa Allamuigh do Thailte agus Uiscí Poiblí a fhorbairt. Tá an dréacht-chomhaontú gar a bheith curtha i gcrích.

Coimisiún Forbartha an Iarthair (CFI)

Tá an CFI freagrach as oibriú Chiste Infheistíochta an Iarthair (CII), ciste bainistithe a chuidíonn le forbairt an réigiúin trí infheistiú le gnáthscaireanna nó iasachtaí i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide (SMEanna) agus i bhfiontair phobail chun tacú le forbairt gnó agus le fostaíocht. Infheistíonn an CFI ar théarmaí tráchtála agus is féidir gach infheistíocht a íoc ar ais. Chun deireadh a chur le 2013, cuireadh €31.7m maoiniú ón státchiste ar fáil don CII.

Sa bhliain 2013, chuir an CFI cistí infheistíochta ar fáil dar luach €2.3m do 18 fiontar. Is ionann líon iomlán na ndaoine atá fostaíthe faoi láthair sna fiontair arna dtacú ag CFI agus 1,600, agus táthar ag súil go méadóidh an uimhir sin go dtí os cionn 2,500 de réir mar a fhorbraíonn agus a fhásann na cuideachtaí atá á bhforbairt. Tá infheistíocht déanta ag an CII in 108 fiontar go dtí seo. Tá an CFI ag súil le thart ar €3m a íoc amach in 2014, rud a thugann infheistíocht iomlán an CII go dtí beagnach €45m, is ionann sin agus €14.3m a bhí íoctha ar ais leis an CII faoi dheireadh 2013 ó bunaíodh é. Tá an CFI ag brath go hiomlán ar chistí imrothlaithe i láthair na huaire.

CLÁR

Sa bhliain 2013, d'infheistigh an clár CLÁR €0.106m, a thug tacaíocht do 24 tionscadal Caipitil Spóirt agus 2 thionscadal Gaeltachta & Pobail. Tá an Clár seo ag teacht chun críche faoi láthair.

An Ciste Forbartha Tuaithe (CFT)

Chuir an CFT €22,507 ar fáil in 2013 i dtreo íocaíochtaí iarmharacha faoi Thionscadal Athnuachana Chluain Eois agus caiteachas a bhain leis an gCoimisiún um Fhorbairt Eacnamaíochta i Limistéir Tuaithe (CFELT).

Seirbhísí Pobail Rialtais Áitiúil

Cuimsíonn Seirbhísí Pobail Rialtais Áitiúil réimsí cosúil le Sábháilteacht Uisce in Éirinn, saincheistanna Smachta Madraí, Rialacháin maidir le Reiligí agus Teastasú Sábháilteachta do Threalamh Aonaigh.

Leasaíodh na rialacha agus rialacháin maidir le reiligí in 2013 chun ligean d'adhlaic a bheith ar siúl i limistéir shonraithe gan gá le cónraí. Tháinig an t-athrú sin nuair a léirigh baill den phobal Moslamach inní maidir lena deasgnátha adhlachta traidisiúnta agus ba é sin an chéad athrú ar na rialacha sin ó 1929.

Bailte Slachtmhara

Tá an comórtas fós ar cheann de na tionscnaimh phobail agus chomhshaoil is mó sa tír. Ba é 2013 an 55ú bliain as a chéile den chomórtas. Meallann sé os cionn 800 iontráil ó phobail ar fud na hÉireann gach bliain. Obair dheonach is mó a stiúran an comórtas agus tá aghaidh na tíre seo athruithe aige. Gintear spiorad agus bród iontach i bpobail áitiúla, agus is áiteanna níos fearr iad chun cuairt a thabhairt orthu, cónaí iontu, obair iontu agus gnó a dhéanamh iontu dá bharr sin.

Caibidil 6: Pleanáil

Cuspóir Ardleibhéil

Creá beartais agus reachtaíochta a sholáthar chun fás eacnamaíochta agus forbairt chomhardaithe réigiúnach a chur ar fáil, de réir cód láidir pleanála agus dualgas comhshaoil.

Beartas Pleanála agus Reachtaíocht

Cuireadh feabhas an bheartais phleanála agus an chreata reachtaíochta a chinntíonn seachadadh leanúnach bheartas pleanála plean-bhunaithe a bhíonn mar bhonn taca ag torthaí maithe pleanála chun cinn trí sholáthar leanúnach comhsheasmhachta idir pleananna náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Beidh sé sin mar bhonn taca ag cur chuige plean-bhunaithe maidir le forbairt agus bainfear torthaí pleanála inbhuanaithe amach trí sheachadadh comhordaithe bonneagair cumasúcháin, go háirithe tríothu seo a leanas:

- Rannpháirtíocht leanúnach le hÚdarás Réigiúnacha agus Áitiúla, lena n-áirítear tríd an gCoiste Stiúrtha Náisiúnta um Threoirínte Pleanála Réigiúnacha maidir le cur i bhfeidhm na dTreoirínte Pleanála Réigiúnacha 2010-2022;
- Rannpháirtíocht leanúnach maidir le himeachtaí pleanála le Coiste Pleanála, Úsáide Talún agus Iompair an Chumainn Bainisteoirí Contae agus Cathrach (CBCC);
- Dhá Threoir ón Aire arna n-eisiúint faoi Alt 31 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú), a chuir de cheangal ar údarás pleanála bearta ar leith a ghlacadh nuair atá an t-údarás pleanála tar éis neamhaird a thabhairt, nó gan an aird cheart a thabhairt, ar bhreithnithe reachtúla an Aire (rinneadh 83 breithniú dá leithéid le linn 2013); agus
- An tuarascáil taighde um Phleanáil agus Forbairt na gCeantar Mór-Scála Iarnród Dírithe i mBaile Átha Cliath (Bealtaine 2013), idir an Roinn agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair, measúnú ar na saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar fhorbairt na gceantar straitéiseacha in aice le conairí iompair phoiblí, lena n-áirítear go háirithe an brú a bhaineann leis na ceantair sin a fhorbairt ar bhonn dlús níos ísle, agus chun réitigh fhéideartha chun forbairt inmharthana na gceantar sin a chumasú thar téarma níos faide a mholadh.
- Sraith leasuithe reachtaíochta a bhaineann le pleanáil agus comhtháthú pleanála straitéiseach iontu seo a leanas:
 - An tAcht um Thoghchán, Rialtas Áitiúil agus Pleanáil agus Forbairt, 2013;

- o An tAcht um Athchóiriú an Rialtais Áitiúil 2014; agus
- o An tAcht um Sheirbhísí Uisce (Uimh .2), 2013.

Rolladh amach agus monatóireacht an chórais rialála maidir le cairéil faoi alt 261A den Acht um Pleanáil 2000, faoinár ceanglaíodh ar údaráis phleanála, in 2012, a mheas cibé a ndearnadh forbairt ar chairéil áirithe a sháraigh na Treorach MTT nó Treorach na nGnáthóga, agus chun iarratais le haghaidh toilithe ionaid a éileamh, nó fógraí forfheidhmithe a eisiúint, ag brath ar stair pleanála an chairéil. Bailíodh sonraí ar thorthaí na measúnaithe, in os cionn 2,000 cairéal, agus cuireadh an t-eolas sin ar láithreán Gréasáin na Roinne. Eisíodh Treoir bhreise chuig údaráis phleanála faoi alt 28 den Acht. I gcomhairle leis an tionscal, leis na húdaráis phleanála agus An Bord Pleanála aithníodh saincheistanna feidhmithe agus forbraíodh Dréacht-rialacháin chun réitigh a fháil ar shaincheistanna den chineál sin. Táthar ag súil na Rialacháin sin a thabhairt isteach in 2014.

Forálann na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2013 do dhíolúintí ó phleanáil (faoi réir coinníollacha áirithe) maidir le pointí a ghearradh le haghaidh feithiclí leictreonacha, roinnt oibreacha feabhais a dhéantar ar umair sheipteacha, agus roinnt struchtúr arna soláthar ag gnóthaire reachtúil atá údaraithe chun seirbhís teileachumarsáide a sholáthar. Tharla sé sin ar mhaithe le beartas an Rialtais an t-ualach rialála is lú a bhaint amach i gcomhréir le measúnacht chúí ar thograí maidir le toiliú forbartha.

Rinneadh comhairlí reachtúil de Irish Water faoi na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Uimh. 2) 2013 maidir le pleananna agus tionscadail faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú.

Cuireadh comhdhlúthú neamhoifigiúil de na Rialacháin Pleanála i gcrích, a chlúdaigh gach leasú a rinneadh ó na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 bunaidh. Tá sé sin ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne.

Bhí bunú chomharba Ghrúpa Scóipeála an SSN (i mí Lúnasa 2013) comhdhéanta de thriúr saineolaithe² a bhfuil taithí leathan acu ar phleanáil

²Is iad na saineolaithe ná Sean Dorgan, iar-phríomhfheidhmeannach IDA Ireland agus iar-Ard-Rúnaí de dhá Roinn

Rialtais, An Dr. Berna Grist, ar abhcóide, pleanálaí agus fear léinn é, agus iar bhall den Bhord Pleanála, agus Jim McKinnon, Iar-Phríomh-Phleanálaí san Albain.

spáis agus ar fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta, chun tuairisc scóipeála ghairid a ullmhú maidir le comharba ar an SSN reatha d'fhonn moltaí a bhfuil sé beartaithe ag Airí a thabhairt chuig an Rialtas ar phlean oibre chun creatlach pleanála nu a fhorbairt mar chomharba ar an SSN reatha a chur ar an eolas.

Comhaontú an Rialtais (i mBealtaine 2013) maidir le moltaí chun Bille Pleanála agus Forbartha nua a ullmhú chun Oifig nua an Rialóra Pleanála (ORP) a bhunú, ag teacht leis an moladh i dTuarascáil Deiridh an Bhinse Mahon, breithmheas neamhspleách a dhéanamh ar phleananna reachtúla ag leibhéal réigiúnach agus áitiúil arna n-ullmhú agus arna nglacadh faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, eadhon, pleananna forbartha, pleananna an cheantair áitiúil, treoirlínte pleanála réigiúnacha srl.

Treoirlínte Pleanála

Is iad na Treoirlínte do Phlean an Cheantair Áitiúil d'Údaráis Áitiúla (Meitheamh 2013) agus na Leabhráin do Phleananna Ceantair Áitiúil neamh-reachtúil a ghabhann leo, ar na chéad treoirlínte a foilsíodh chun cabhrú le húdaráis pleanála a n-oibleagáidí éigeantacha a sheachadadh chun pleananna ceantair áitiúil a ullmhú ó tugadh isteach coincheap na bpleananna ceantair áitiúil sa reachtaíocht in 2,000. Leagann na treoirlínte béim ar an tábhacht ar leith a bhaineann le comhaontú láidir a thógáil do phleananna ceantair áitiúil trí chomhairliúchán áitiúil lena gcinnteofar pleanáil pobail níos mó le húinéireacht an phróisis déanta pleananna áitiúla dírithe go daingean ar an údarás áitiúil seachas ar phleanáil arna stiúradh ag forbróir.

Chuir an Roinn tús le comhairliúchán poiblí (i mí na Nollag 2013) maidir le 'dréacht'-athbhreithnithe beartaithe ar na Treoirlínte um Fhorbairt Fuinnimh Gaoithe d'Údaráis Phleanála (2006) a dhíríonn go sonrach ar shaincheisteanna torainn (teorainn torainn absalóideach níos déine a shocrú), slánachair (a sholáthraíonn slánachar éigeantach 500 méadar idir tuirbín gaoithe agus an áit chónaithe is gaire ó thaobh cúrsaí taitneamhachta) agus caochaíl scáileanna (a fhorálann go ndéantar coinníoll a chur le gach cead pleanála sa todhchaí d'fheirmeacha gaoithe lena chinntiú nach mbeidh aon caochaíl scáileanna ag cur isteach ar aon áit chónaithe laistigh de 10 trastomhais rótair de thuirbín gaoithe).

Is é príomhaidhm na dTreoirlínte Ranníocaíochtaí Forbartha d'Údaráis Áitiúla (Eanáir 2013) treoir neamhrechtúil a chur ar fáil maidir le scéimeanna ranníocaíochta forbartha a leagan amach chun suntas na n-athruithe eacnamaíocha a léiriú a bhfuil tionchar acu ar fud gach earnáil ó eisíodh treoir go deireanach in 2007. Cé gur feidhm fhorchoimeáda de bhaill thofa gach údarás pleanála é glacadh le scéimeanna ranníocaíochtaí forbartha, ceann de na haidhmeanna ba chóir a bheith ag an treoir nua ná leibhéal comhsheasmhachta níos fearr a bhaint amach i scéimeanna ranníocaíochtaí forbartha ar bhonn náisiúnta, rud a chuirfidh soiléire leasaithe ar fáil chun cinntí infheistíochta a stiúradh thar réimsí éagsúla údaráis áitiúil. Tá sé mar aidhm ag na treoirlínte chomh maith tús áite a thabhairt do chruthú fostaíochta agus infheistíocht eacnamaíoch mar ghné lánach den treoir nua lena n-áirítear ceanglas ar údaráis phleanála rátaí laghdaithe ranníocaíochtaí a bhunú maidir le tionscadail cosúil le forbairtí i lár bailte, tionscadail IDA/Fiontraíocht Éireann, agus leathanbhanda agus bonneagar fuinnimh inbhuanaithe.

Sheol an Roinn agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha (LDBSU) an 25 Márta 2013. Déanann an Lámhleabhar cur síos ar bhearta deartha praiticiúla chun tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do phatrúin taistil níos inbhuanaithe i gceantair uirbeacha agus tugann sé treoir a bhaineann le dearadh bóithre agus sráideanna uirbeacha. Bhain sé Gradam Pleanála Iompair agus Gradam Náisiúnta Pleanála Institiúid Pleanála na hÉireann amach agus beidh deis aige ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn i nGradaim Ghnóthachtála Uirbeach & Réigiúnach na hEorpa a bheidh ar siúl i bhFómhar 2014.

Leagan an Creat neamh-reachtúil maidir le Straitéisí Spásúlachta Comhoibríochta do Thuaisceart Éireann & do Phoblacht na hÉireann (Meitheamh 2013) amach an cur chuige atá le glacadh ag Tionól Thuaisceart Éireann agus Rialtas na hÉireann araon i gcomhoibriú chun straitéisí spásúlachta faoi seach a chur i bhfeidhm.

Treoir MTT

Thug an Coimisiún Eorpach togra ar aghaidh maidir le Treoir um Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta athbhreithnithe i nDeireadh Fómhair 2012. Faoi Uachtaránacht na hÉireann ar an AE, forbraíodh téacs comhréitigh, ag cur tuairimí na mBallstát I ndáil leis an togra ón gCoimisiún san áireamh. Bhí an téacs

sin mar bhunús ag an téacs a comhaontaíodh ar deireadh le Parlaimint na hEorpa faoi Uachtaránacht na Liotáine ar an AE i mí na Nollag 2013.

Tá roinnt gnóthachtálacha eile a thagann faoin gceannteideal Measúnacht Tionchair Timpeallachta mar seo a leanas:

- Eisíodh treoirlínte d'Údaráis Áitiúla agus an Bhoird Phleanála i Márta 2013 maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta a dhéanamh nuair a bhíonn tograí toilithe forbartha á meas.
- Síníodh Rialacháin ón AE (Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus Gnáthóga) 2013 (Alt 181 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000) an 21 Deireadh Fómhair 2013, a cheadaíonn iarratais ghasa chuig an mBord Pleanála le haghaidh oibreacha feabhsúcháin comhshaoil práinneacha agus éascaíodh an próiseas a bhaineann le hiarratas d'oibreacha den chineáil sin a dhéanamh ar shuíomh Ispat ar Inis Sionnach. Ullmhaíodh dréacht-Rialacháin chun an Treoir a chur i bhfeidhm níos fearr i ndáil le druileáil domhain.
- Rinneadh suirbhé ar láithreáin mhóra bainte móna mar fhreagra ar imní faoin measúnacht tionchar timpeallachta agus baint mhóna, mar réamhtheachta le tograí a fhorbairt chun rialáil níos fearr a dhéanamh ar an earnáil seo.

Treoir MST

Lean an Roinn lena ról maidir leis an bPlean Gnímh - Athbhreithniú ar Éifeachtacht MST in Éirinn 2012-2016 a sheachadadh, i gcomhar leis an GCC agus Údaráis Chomhshaoil reachtúla eile, lean n-áirítear fónamh mar chathaoirleach rothlach ar Fhóram MST na hÚdarás Comhshaoil a bunaíodh chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta agus chun comhlíonadh iomlán le riachtanais na Treorach agus na Rialachán MST a chur chun cinn. Cuireadh an Plean Gníomhaíochta le chéile i gcomhpháirt leis na húdaráis chomhshaoil reachtúla agus é mar chuspóir foriomlán acu tús áite a thabhairt do chur i bhfeidhm phríomhthorthaí agus mholtaí an Athbhreithnithe ar Éifeachtacht MST in Éirinn 2012 arna choimisiúnú ag an GCC.

An Bord Pleanála

Lean an Bord Pleanála le hamanna próiseála cásanna le haghaidh achomharc pleanála a laghdú. Síníodh Comhaontú Leibhéal Seirbhíse cuimsitheach idir an Bord agus an Roinn i mBealtaine 2013, lena n-áirítear spriocanna próiseála cásanna sonracha agus ceanglais tuairiscithe míosúla maidir le próiseáil cásanna, caiteachas agus saincheisteanna rialachais corparáideacha eile.

Comhaontaíodh leithdháileadh maoinithe caipitil tosaigh chomh maith chun obair a thosú ar chóras TFC bainistíochta cásanna nua, agus tá sé beartaithe go ndéanfar tuilleadh seirbhísí ar-líne a chur ar fáil le go mbeidh laghdú ar an ngá a bhíonn ann do chustaiméirí cuairt a thabhairt ar oifigí an Bhoird Phleanála chun rochtain a fháil ar cháipéisí pleanála.

Innéacs Forbartha maidir le Geataí agus Moil

Is ionann an Innéacs Forbartha 2012 maidir le Geataí agus Moil, arna fhoilsiú ag na tionóil réigiúnacha i gcomhar leis an Roinn agus scrúdú ar phríomhionaid uirbeacha na hÉireann ar fud réimse táscairí feidhmíochta. Cuireann an tInnéacs deis uathúil ar fáil breathnú ar gheataí agus moil agus tuiscint a fháil ar conas atá siad ag forbairt lena n-áirítear amanna ina mbíonn dúshlán eacnamaíoch i gceist agus cuirfidh sé acmhainn luachmhar ar fáil chun tuilleadh beartas a dhéanamh amach anseo.

Myplan.ie

Cuireann myplan.ie carn eolais agus sonraí ar fáil maidir le pleanáil spásúlachta, lena n-áirítear criosú sa 400+ Plean Forbartha ag Ceantair Áitiúil. Faoi láthair tá sé á rochtain ag 600 go 1200 cuairteoir gach lá oibre, os cionn 80% acu sin ag úsáid na seirbhíse in athuair. Sna blianta amach romhainn, déanfar an tseirbhís a fheabhsú agus a leathnú chun rochtain ar eolas pleanála breise a sholáthar, cosúil le sonraí a bhaineann le hiarratais agus achomhairc phleanála, agus na céimeanna trína dtéann pleananna chun cinn le linn an phróisis déanta pleananna. Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú ar úsáid de réir mar a chuirtear eolas pleanála ar fáil.

Caibidil 7: Met Éireann

Cuspóir Ardleibhéil

Monatóireacht, anailís agus tuar éifeachtach ar aimsir agus aeráid na hÉireann, agus seirbhísí meitéareolaíocha ardchaighdeáin a sholáthar do chustaiméirí

Rannóg Réamhaisnéise

Lean an Rannóg Réamhaisnéise ar aghaidh lena príomhthasc de bheith ag soláthar raon leathan seirbhísí réamhaisnéise agus rabhaidh trína hoifigí i nGlas Naíon, Baile Átha Cliath; Aerfort na Sionainne, Co. an Chláir agus RTÉ, Domhnach Broc, Baile Átha Cliath.

I rith na bliana, bhí Rabhaidh Ghála (rabhaidh de ghaotha i gCeantair Mhara ag Fórsa Beaufort 8 nó níos láidre) i bhfeidhm ar uiscí cósta agus/nó ar Mhuir na hÉireann ar feadh 2,497 uair an chloig in iomlán (thart ar 28% den am), agus bhí Rabhaidh Bhád (rabhaidh de ghaotha ag Fórsa Beaufort 6 nó níos mó) d'uiscí suas go 10 muirmhíle isteach san fharraige i bhfeidhm ar feadh ar iomlán 4,423 uair an chloig in iomlán (díreach os cionn 50% den am).

Rabhaidh Shonracha	Líon na Laethanta i bhfeidhm
Ceo	1
Teocht Ard	10
Sioc / Teocht Íseal	37
Báisteach	35
Sneachta	11
Toirneach	56
Gaoth	51
Cúinsí Aicíde Duibhe	29(lá)

Ath-sheoladh córas rabhaidh aimsire Met Éireann in 2013, le rabhaidh a chatagóiriú mar Buí / Oráiste / Dearg de réir mar is cuí. Baineann an leibhéal Dearg le “Rabhadh Dian-Aimsire” mar a bhíodh ann agus eisíodh dhá rabhadh den chineál sin in 2013, i mí na Nollag le linn tréimhse dhian agus stoirmiúil. Eisíodh rabhaidh sonracha bhreise maidir le coinníollacha aimsire mar atá leagtha amach sa tábla in aice láimhe. Lean an Rannóg de bheith ag soláthar oibre Met Éireann ar an gcóras MeteoAlarm gréasán-bhunaithe, ar fud na hEorpa, a chuireann rabhaidh ar fáil do choinníollacha aimsire sonracha in Éirinn agus timpeall na hÉireann.

Ionchorpraíonn Seirbhísí Aimsire Poiblí saincheist na ngnáth-réamhaisnéisí trí na meáin; i rith na bliana eisíodh os cionn 4,000 téacs réamhaisnéise den chineál sin, chomh maith le thart ar 1,800 craoladh raidió beo ar RTÉ Raidió a hAon agus 3,300 feasachán aimsire teilifíse ar Theilifís RTÉ a hAon.

Cuireann an Rannóg réamhaisnéis laethúil ar fáil, ag breathnú cúig lá chun tosaigh, d'ocht suíomh in Éirinn, don Chóras Eolais um Aimsir an Domhain (comhordaithe ag an Eagraíocht Mheitéareolaíoch Dhomhanda). Soláthraíonn an tairseach faisnéise aimsire gréasán-bhunaithe seo rochtain éasca ar réamhaisnéis agus rabhaidh oifigiúla agus chríochnaitheacha a bailíodh ó Sheirbhísí Meitéareolaíocha ar fud an domhain.

I rith na bliana, d'fhreastail an Rannóg ar chruinnithe de chuid Thascfhórsa an Rialtais um Pleanáil Éigeandála, Grúpa Oibre Idir-Rannóige, Grúpa Oibre Sábháilteachta Muirí, IECR agus Grúpa Cáilíochta Aeir an GCC, agus bhuaill siad le roinnt mhaith custaiméirí maidir leis na táirgí agus seirbhísí a chuirimid ar fáil dóibh. Ullmhaíodh tuar aimsire míosúil leathnaithe lena scaipeadh laistigh den phobal Bainistíochta Éigeandála – ní chuirtear an táirge sin ar fáil don phobal toisc go mbíonn réamhaisnéisí ag an raon ama sin dóchúláíoch agus go mbíonn léirmhíniú saineolach ag teastáil ina leith.

Soláthraíodh seirbhísí aimsire saincheaptha do raon custaiméirí lena n-áirítear an bonneagar fuinnimh, earnáil na tógála, Údaráis Áitiúla agus roinnt gnólachtaí agus lucht leasa tráchtála chomh maith. Le linn shéasúr an gheimhridh ina raibh oighear ar na bóithre, cuireadh thart ar 13,500 réamhaisnéis maidir le breis is 80 suíomh ar fáil d'Údaráis Áitiúla ar fud na tíre agus do líon conraitheoirí príobháideacha cothabhála bóithre.

Feiceann Weatherdial, seirbhís aimsire ghutháin ardráta Met Éireann, go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar úsáid de réir mar a aistríonn baill den phobal chuig foinsí eolais ar-líne. Ba ionann líon iomlán na nglaoanna le linn 2013 agus díreach os cionn 300,000, a léiríonn 33% laghdú ar an mbliain roimhe sin. Méadaíodh an raon faisnéise aimsire curtha ar fáil trí na meáin Gréasáin agus leictreonacha, go háirithe trí sholáthar tairsí gréasáin nua d'fhóin chliste Android agus táibléid.

Bhain tábhacht chomh maith le seoladh na seirbhíse METweb; láithreán gréasáin dúnta le pasfhocal rialaithe, chun eolas aimsire grafach a sheachadadh d'úsáideoirí laistigh den earnáil phoiblí. Faoi dheireadh na bliana bhí seirbhísí METweb oibríochtúla á chur ar fáil do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, do Gharda Cóstá na hÉireann agus do phobal innealtóirí

cothabhála bóithre a bhíonn ag obair faoi chonradh leis an Údarás um Bóithre Náisiúnta.

Seirbhísí Eitlíochta

Tá Rannóg na Seirbhísí Eitlíochta freagrach as seirbhísí meitéareolaíoch a sholáthar do lucht eitlíochta míleata agus sibhialta in Éirinn agus laistigh d'aerspás na hÉireann. Cothaíodh seirbhísí gnáth-sheirbhísí eitlíochta sibhialta, míleata agus ginearálta ag caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta le linn 2013. Bhí seo i bhfeidhm chomh maith ar gach réamhaisnéis neamhchoitianta eitlíochta ar nós leasaithe réamhaisnéise, teachtaireachtaí SIGMET (rabhaidh d'fheiniméin aimsire a d'fhéadfadh bheith contúirteach i Réigiún Faisnéise Eitilte na Sionainne) agus rabhaidh aeradróim sneachta, seaca, gaotha láidre, stoirmeacha toirní agus luathreamhán bolcánach.

Achoimre ar Staitisticí

Líon réamhaisnéisí i dtaca le hoibríochtaí Cuardaithe-is-Tarrthála:	360
Líon réamhaisnéisí i dtaca le hoibríochtaí i gceantair chríochfoirt (sibhialta):	6,424
Líon réamhaisnéisí i dtaca le hoibríochtaí i gceantair chríochfoirt (míleata):	3,223
Líon réamhaisnéisí i dtaca le haerfoirt réigiúnacha:	10,865
Líon réamhaisnéisí do cheantair gheografacha:	2,843
Líon rabhadh i dtaca le hoibríochtaí ar bord:	362
Líon rabhadh i dtaca le hoibríochtaí i gceantar an chríochfoirt:	899
Líon tuairiscí aimsire i dtaca le pleanáil eitilte (sibhialta):	61,260
Líon tuairiscí aimsire i dtaca le hoibríochtaí i gceantar an chríochfoirt (sibhialta):	67,386
Líon tuairiscí aimsire i dtaca le pleanáil eitilte (míleata):	4,380
Líon tuairiscí aimsire i dtaca le hoibríochtaí i gceantar an chríochfoirt (míleata):	4,818

Leanadh le cuíchóiriú seirbhísí agus feabhsuithe i seirbhísí do chustaiméirí le linn 2013:

- Cuireadh feabhas suntasach ar sheirbhísí chuig an Aerchór i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair trí METARanna le haghaidh Aeradróm Mhic Easmuinn a eisiúint. Toisc go n-eisítear iad sin go hidirnáisiúnta feabhsaítear rochtain ar an aimsir iarbhír ag an aeradróm do phiólótaí an Aerchóir;
- D'éirigh leis an Rannóg pas a bhaint amach in iniúchadh córas bainistíochta cáilíochta NSAI ISO 9001:2008 i mí an Mheithimh; agus
- Chuir foireann na Rannóige tacaíocht breathnaithe chriticiúil ar fáil don ócáid Flightfest i mBaile Átha Cliath, chomh maith le bheith rannpháirteach i bpleanáil na hócáide.

Ní mór iarrachtaí fhoireann na Rannóige le heagraíochtaí idirnáisiúnta a aithint chomh maith sa mhéid gur chinntigh siad gur léiríodh suíomh an Stáit i ndáil le caighdeáin agus rialacháin idirnáisiúnta a fhorbairt faoina bhfuil eitlíocht shibhialta á rialú.

Clíomeolaíocht & Breithnithe

Le linn 2013, tháinig thart ar 2,250 glao isteach chuig an Oifig Fiosrúcháin Aeráide agus 1,475 iarratas trí r-phost/facs/litir ag lorg faisnéise nó tuairiscí. Cuireadh thart ar 400 saintuairisc mheitéareolaíoch ar fáil do chásanna dlí/árachais, agus d'fhreastail saineolaithe ar chuartheanna mar fhinnéithe, faoi mar a éilítear.

Cruthaíodh an “Achoimre Mhíosúil Aimsire” ar an gcéad nó dara lá oibre i ndiaidh dheireadh gach míosa, a chuir réamh-mheasúnú ar fáil den aimsir sa mhí sin, le faisnéis bhreise shéasúrach agus bhliantúil ag deireadh an tséasúir/na bliana. Cuireann an “Feasachán Aimsire Míosúil”, foilsithe cúpla mí níos déanaí, cur síos níos suntasaí ar fáil de na cúinsí aimsire le trácht ar imeachtaí suntasacha, in Éirinn agus ar fud an domhain. Cruthaíodh an “Atlas Aeráide 2012”, ina raibh cur síos ar aimsir na bliana ón taobh geografach de, den chuid is mó, chomh maith. Rinneadh na 3 fhoilseachán seo a chur ar fáil ar shuíomh gréasáin Met Éireann, www.met.ie.

Lean an Rannóg de bheith ag cothú agus ag bailiú sonraí ó bhreis is 450 stáisiún clíomeolaíochta agus báistí, le tacaíocht ó ghníomhaireachtaí comhoibritheach agus daoine príobháideacha aonair. Rinneadh rialúchán cáilíochta ar na sonraí seo, chomh maith le sonraí ó stáisiúin Met Éireann, agus cuireadh ar fáil ar an mbunachar sonraí clíomeolaíochta iad.

Rannóg na Teicneolaíochta

Clár Maoirseachta Meitéareolaíoch:

Rinneadh cothabháil agus forbairt ar líonra maoirseachta meitéareolaíoch na hÉireann i rith 2013. Fuair stáisiúin shionoptacha ar leith logálaithe, braiteoirí sneachta agus ceamaraí breathnadóireachta nua. Rinneadh uasghrádú ar an gcóras chun teirmiméadair friotaíochta platanaim (TFP) agus baraiméadair a chalabhrú.

Leanadh le breithnithe a bhailiú 24 uair sa lá ar feadh na bliana.

Rinneadh cothabháil ar chórais mhaoirseachta eitleíochta ag 5 Aerfort Éireannacha agus bailíodh breithnithe cléimeolaíochta agus báistí ó thart ar 450 suíomh.

Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide:

Forbraíodh feidhmchlár bogearraí nua in-tí chun eolas meitéareolaíochta a dháileadh tríd an Líonra Cumarsáide Sonraí Meitéareolaíochta Réigiúnach (LCSMR). Aistríodh an córas léirsamhlaithe réamhaisneora (Aimsir Amhairc) chuig cruá-earraí nua le huasghrádú bogearraí suntasach. Mar chuid den uasghrádú suiteáladh braisle nua ag Aerfort na Sionainne.

Bhí seirbhísí ar an idirlíon fós ina ghné shuntasach de sheachadadh seirbhíse aimsire Met Éireann.

Córais Ghlactha Radair agus Satailíte Meitéareolaíoch

Oibríonn Met Éireann dhá radar faireachais aimsire líonraithe, suite in Aerfort Bhaile Átha Cliath agus na Sionainne.

Déantar cothabháil ar stáisiúin talún a ghlacann le sonraí ó shatailítí meitéareolaíocha chomh maith.

Cuireadh uasghrádú bogearraí i bhfeidhm ar an gcóras glactha Satailíte i rith na bliana.

Rinneadh uasghrádú bogearraí ar na córais próiseála comharthaí radar i mBaile Átha Cliath agus sa tSionainn chun a bhfeidhmíocht a fheabhsú.

Láithreán Gréasáin Met Éireann

Déantar láithreáin ghréasáin phoiblí Met Éireann, www.met.ie agus <http://m.met.ie/a> óstáil go seachtrach ar fhreastalaí tiomnaithe ard-infhaighteachta.

www.met.ie: Sa bhliain 2013, tháinig 6.3 milliún cuairteoir chuig an láithreán ar 27 milliún cuairt aonair. Bhí sé sin mórán mar a chéile leis an mbliain roimhe sin. An lá ba ghnóthaí sa bhliain 2013 ná an 21 Eanáir, lá fuar le ceathanna geimhriúla, go háirithe san Oirthear, le 227,000 cuairt.

<http://m.met.ie>: Tháinig an chuid is mó den fhás ar sheirbhísí láithreán gréasáin in 2013 ó leagan “feidhmchlár gréasáin” den príomhláithreán gréasáin atá dírithe ar fhóin chliste agus táibléid, a seoladh i lár 2012. Tugadh thart ar 10 milliún cuairt air ó níos mó ná milliún feiste aonair, méadú faoi dheich ar an mbliain roimhe sin. Tá líon iomlán 162,000 suiteáil déanta ag aipeanna Android agus iPhone go dtí seo.

Seoladh www.metweb.ie in 2012 chomh maith, láithreán arna chosaint ag pasfhocal atá tiomnaithe do sheirbhísí réamhaisnéise speisialaithe agus atá in oiriúint don duine aonair chuig custaiméirí seirbhíse poiblí agus stáit.

Seirbhís Ghréasáin “Féin-Fhaisnéisiú Met” (FFM)

Tá an láithreán gréasáin eitlíochta féin-fhaisnéisithe speisialtóra FFM seo tacaithe agus óstáilte go himmheánach d’úsáid phíolótaí eitlíochta ginearálta a úsáideann aerfoirt Éireannacha amháin.

I rith na bliana aistríodh an feidhmchlár chuig aonaid phróiseála sonraí nua feabhsaithe. Cuireadh feabhsuithe slándála i bhfeidhm ar an gcóras chomh maith.

Lean sé air de bheith ag soláthar seirbhísí eitlíochta go héifeachtach le breis is 550 úsáideoir agus cuideachta ag baint úsáide as an tseirbhís thart ar 112,000 uair i rith 2013, méadú de 25% ar an úsáid a baineadh as sa bhliain 2012.

An Rannóg um Taighde, Chomhshaol agus Iarratais

Taighde agus Athrú Aeráide

Rinneadh uasghrádú ar an gcóras uimhriúil tuair aimsire HIRLAM i rith na bliana, rud a d'fheabhsaigh cruinneas na réamhaisnéisí. Leanann an córas de bheith ag cur treorach oibriúcháin ar ardchaighdeán ar fáil do réamhaisnéiseoirí agus stiúranann sé raon éagsúil feidhmchlár a bhaineann le haimsir. Mar chomhpháirtí sa tionscadal HIRLAM idirnáisiúnta chomhoibrigh Met Éireann i dtaighde bunúsach i dTuar Aimsire Uimhriúil; fothaíonn an taighde seo ar ais isteach sna córais réamhaisnéise oibriúcháin.

Mar pháirtí sa Chuibhreas EC-Earth, lean Met Éireann de bheith ag reáchtáil ionsamhlúcháin aeráide domhanda agus ag cur sonraí ar fáil CMIP5 le breithniú ag an PIRAA mar ullmhú do sheoladh na tuarascála AR5; tugadh an obair sin chun críche de réir sceidil agus luadh tacair sonraí sa tuarascáil AR5 a seoladh san fhómhar. Baineadh úsáid as na sonraí chun réamh-mheastacháin aeráide d'Éirinn a nuashonrú; seoladh tuarascáil mhór (Aeráid na hÉireann: an bóthar amach romhainn) a rinne achoimre ar na torthaí, i gcomhthráth le heisiúint na tuarascála AR5.

Bunaíodh cumas nua samhaltaithe scaipthe oibriúcháin chun tacú leis an GCC, IECR agus leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i bpleanáil éigeandála. Cuireann an córas oiriúnaithe ar chumas úsáideoirí anailís agus réamhaisnéisíú a dhéanamh ar scaipeadh substaintí díobhálacha san atmaisféar (víreas Crúibe is Béil, doirteadh ceimiceacha, luathreamhán bolcánach, ábhair radaighníomhacha, srl). Cinntíonn an córas cairdiúil láidir seo, a bunaíodh ag dhá shuíomh ríomhaire neamhspleách, go bhfuil na sonraí meitéareolaíocha is cothroime le dáta agus is fearr caighdeán ar fáil chun iompar atmaisféarach a thuar agus chun na húdarais a chur ar an eolas i gcás éigeandála náisiúnta.

Tugadh staidéar nua maidir le cáilíocht na meastachán báistí radar-dhíorthaithe; feabhsóidh sé sin ár gcumas maidir le tuilte a réamhaisnéisiú.

I gcomhar leis an Institiúid Mhuirí agus le Met Office an RA, lean Met Éireann ar aghaidh de bheith ag cothabháil an Líonra Baoithe Aimsire Muirí ar fud na hÉireann, ag déanamh monatóireachta ar an aeráid mhuirí agus ag cur raon sain-réamhaisnéisí ar fáil d'úsáideoirí.

Ionstraimíocht agus Monatóireacht Chomhshaoil

Réadlann Dairbhre

Déantar arduithe raidió sondála san aer uachtarach chun próifíl ingearach na ngnéithe meitéareolaíocha a thomhas ag Réadlann Dairbhre. Rinneadh tomhas ar leibhéal radaíochta ultraivialaite (UV) agus dromchla agus colúin ózóin iomlán chomh maith, tacaithe ag arduithe ózón sondála seachtainiúla.

Tugadh staidéar féidearthachta maidir le tabhairt isteach córas raidió sondála uathoibríoch i gcrích.

Bhí an Réadlann páirteach i gcláir mhonatóireachta náisiúnta agus idirnáisiúnta i gceimic atmaisféarach, geomhaighnéadaigh, seismeolaíocht agus san fheineolaíocht. Cuireadh nuashonraí laghduithe geomhaighnéadacha ar fáil d'Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) agus do Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann (OSI).

Suiteáladh córas nua chun breithnithe atmaisféaracha (sonraí MOD-S) bunaithe ar rianta eitilte aerárthach a bhailiú ag an Réadlann.

Cuireadh tús le hobair ar an suíomh nua monatóireachta comhshaoil ag Oileán Dhairbhre.

Saotharlann

Leanadh leis an gclár fairsing monatóireachta comhshaoil le linn 2013 le béim ar an anailís ar chomhdhéanamh ceimice samplaí aeir agus báistí ó stáisiúin shionoptacha roghnaithe. Cuimsithe san obair seo bhí anailís ar 5 shampla ó 5 shuíomh truaillithe trasteorann de chuid na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) agus anailís ar shamplaí cáilíochta aeir ó stáisiún Faire Atmaisféarach Domhanda ag Ceann Mhása agus an stáisiún Faire Astmaisféarach Réigiúnach ag Réadlann Dairbhre.

Caibidil 8: Acmhainní a Sholáthar don Roinn Nua-Aimseartha

Cuspóir Ardleibhéil

Forbairt leanúnach Rannóige ardfheidhmíochta a chinntiú atá tiomanta do sheirbhís ardchaighdeán, éifeachtach agus éifeachtúil a sholáthar dár gcustaiméirí uile.

Acmhainní Daonna, Bainistíocht Feidhmíochta agus Forbairt Córas, Oiliúint agus Forbairt

Bhí Uachtaránacht an AE ag Éire sa chéad leath de 2013. Mar fhreagra air sin, cuireadh baill foirne ó gach cuid den Rannóg chuig áiteanna ina raibh an t-ualach oibre trom de bharr ár nUachtaránachta. Cuireadh foirne Trasrannóige/Trasghníomhaireachta chuig roinnt earnálacha. Cuireadh socruithe tuairiscithe solúbtha tras-srutha i bhfeidhm idir foirne teicniúla/riaracháin chun bainistíocht a dhéanamh ar roinnt sainchomhad bainteach leis an Uachtaránacht. Fostaíodh líon beag foirne breise i leith Uachtaránacht an AE.

I ndiaidh na hUachtaránachta, rinneadh Athbhreithniú Athstruchtúrú Roinne lena chinntiú go raibh na struchtúir agus soláthar foirne is fearr i bhfeidhm chun tosaíochtaí agus tiomantais ghnó a sheachadadh. Bhí comhairliúchán leathan leis an bhfoireann i gceist leis an Athbhreithniú, mar aon le hatheagrú agus sannadh foirne ar fud aonad gnó agus láithreacha éagsúla na Roinne.

Ba príomhréimse béime é cur i bhfeidhm an Chreata Rialaithe Fostaíochta (CRF) don Ghrúpa Vótaí Comhshaoil fós. Leagann an CRF uasteorainneacha foriomlána agus earnála amach laistigh den Ghrúpa Vótaí Comhshaoil, atá comhdhéanta den Roinn, comhlachtaí Státurraithe Neamhthráchtála (CSNanna) faoi choimirce na Roinne agus na n-údarás áitiúil.

Lean an Roinn de bheith ag baint amach a raibh geallta faoi Phlean Gníomhaíochta Pháirc an Chrócaigh a chomharba, Comhaontú Bóthar Haddington (CBH), a tháinig i bhfeidhm i mí Iúil 2013. Chuir an Roinn forálacha an CBH i bhfeidhm, lena n-áirítear laghduithe pá, leasuithe ar fhorchéimniú incriminteach agus uaireanta oibre breise, agus ag an am céanna sholáthar sí príomhthiomantais agus leasuithe Rialtais. Beidh gá le cur i bhfeidhm leanúnach maidir le go leor gnéithe den CBH thar tréimhse an chomhaontaithe (2013-2016).

Le linn 2013, lean an Roinn lena Plean Gnímh ORP, a comhaontaíodh i nDeireadh Fómhair 2011, a chur i bhfeidhm. Tá roinnt gníomhartha AD, lena n-áirítear cur chuige níos straitéisí a fhorbairt maidir le seachadadh AD agus tacú le bainisteoirí ina ról ceannaireachta.

In 2013, d'fhoilsigh an Roinn a céad Plean Fórsa Oibre, i gcomhréir le Treoirínte ón Roinn Chaiteachais Phoiblí & Athchóirithe. Is éard atá i gceist le Pleanáil Fórsa Oibre ná a chinntiú go bhfuil na daoine cearta leis na scileanna cearta i mbun oibre ag an am ceart. Tá Pleanáil Fórsa Oibre mar chuid thábhachtach do phleanáil straitéiseach na Roinne agus is próiseas leanúnach atá ann.

Reáchtáil an Rannóg clár cuimsitheach sonraithe oiliúna agus forbartha in 2013, a chur os cionn 700 cúrsa oiliúna ar fáil lena n-áirítear oiliúint bainistíochta líne AP agus HEO, dianchúrsa oiliúna sláinte agus sábháilteachta, scríbhneoireacht don ghnó, TFC agus oiliúint sa Ghaeilge. Ina theannta sin, tugadh tacaíocht do 35 rannpháirtí a rinne cúrsaí tríú in Eacnamaíocht, Dlí, Anailís ar Bheartais, Bainistíocht Tionscadal agus Airgeadas sa bhliain acadúil 2013/2014.

Lean an fhoireann orthu de bheith ag baint leasa as raon scéimeanna cothromaithe oibre/saoil chomh maith, faoi mar atá léirithe thíos:

Comhroinnt Oibre	91
Saoire Tuismitheora	62
Sos Gairme	Bhí 24 ball foirne ar Shos Gairme agus 6 ar Shos Gairme le Dreasacht
Saoire Staidéir	Bhain 28 ball foirne leas as saoire staidéir
Bliain Oibre Níos Giorra	Bhain 61 ball foirne leas as Bliain Oibre Níos Giorra of staff availed of Shorter Working Year

Leanadh ag baint úsáide as CBFF chun bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar fheidhmíocht agus forbairt agus baineadh amach ráta forfheidhmithe 96%.

B'ionann líon iomlán na foirne ag obair sa Roinn ag deireadh an bliana 2013 agus 748.21 post Coibhéise Láncaimseartha (CL), le líon teoranta ball ar shaoire mháithreachais agus saoire eile. Is ionann sin agus laghdú de 30.57 CL ó dheireadh 2012 agus laghdú 583.91 CL ó dheireadh 2008. Bhí athrú suntasach ar líon foirne na Roinne in 2011 mar gheall ar na hathruithe struchtúrtha a tharla nuair a aistríodh an fheidhme oidhreachta chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta

agus Gaeltachta agus feidhmeanna an phobail chuig an Roinn. Earcaíodh líon teoranta ball foirne agus tugadh ardú céime ar bhealaí éagsúla le linn 2013, lena n-áirítear iad a athlonnú, trí ardú céime inmheánach agus trí chomórtas oscailte.

Léiríonn staitisticí saoire bhreitheachta na Roinne maidir le 2013 8.46 lá tinnis ar an meán in aghaidh gach fostaí le ráta neamhláithreachta de 3.86%. Sin i gcomparáid le ráta 6.94 lá tinnis ar an meán in aghaidh gach fostaí le ráta neamhláithreachta de 3.17% in 2012, rud a léiríonn méadú beag sna rátaí.

Tá rátaí neamhláithreachta na Roinne níos ísle ná an meán i gcomparáid leis na rátaí don státseirbhís. Is iad na figiúirí is déanaí ón Roinn Caiteachais agus Athchóirithe i ndáil le rátaí na státseirbhíse ná 2012. In 2012, bhí 9 lá breitheachta ar an meán in aghaidh CL ar fud na státseirbhíse le ráta neamhláithreachta 4.6%.

Sa bhliain 2013, ghlac an Roinn páirt sa Tionscnamh Náisiúnta Job Shadow.

Chomh maith leis sin, ghlac an Roinn páirt i Scéim JobBridge FÁS agus bhí 6 intéirneacht i bhfeidhm sa bhliain 2013.

Aonad Tacaíochta Straitéiseach agus Gnó

Ar cheann de thorthaí an athstruchtúraithe, a ndearnadh tagairt dó níos luaithe, bhí bunú an Aonaid Tacaíochta Straitéisigh agus Gnó chun pleanáil agus cur i bhfeidhm straitéiseach agus gnó a thacú agus a stiúradh lena n-áirítear feabhas ar an bpróiseas gnó leanúnach ar fud na Roinne. Bainfidh an t-aonad sin amach trí bheith i gcomhpháirtíocht dhlúth le AD agus trí thabhairt faoi athbhreithnithe straitéiseacha agus oibriúcháin agus trí bhainistíocht tionscadal agus seirbhísí dlí eacnamaíocha, luach ar airgead, TFC a chur ar fáil d'aonaid ghnó eile. Rinneadh an tAonad TFC a chomhtháthú isteach in Aonad Tacaíochta Straitéiseach agus Gnó.

Rinneadh dul chun cinn maith le linn 2013 ar straitéis TFC na Roinne, arna foilsiú sa bhliain 2011. Bhí infhaighteacht an líonra TFC sa Roinn nach mór 100% éifeachtach agus rinneadh dul chun cinn i bhfeabhsú stuamacht an líonra mar ar cuireadh i bhfeidhm naisc iolracha rud a chuir ar chumas ardáin Bhaile Átha Cliath agus Loch Garman a chéile a chúltaic. Ar na nithe eile a baineadh amach i rith na bliana bhí siad seo:

- Rinneadh dul chun cinn déanta maidir le bailiú agus malartú sonraí idir an Roinn agus an Earnáil Rialtais Áitiúil nuair a seachadadh roinnt feidhmchlár lena n-áirítear Comhaireamh Bliantúil na dTeaghlach Lucht Siúil agus Suirbhé ar Eastáit Neamhchríochnaithe Tithíochta;
- Baineadh ailíniú le caighdeán ISO 27001 amach;
- Feabhsúcháin leanúnacha ar chumais Athshlánaithe ó Thubaiste (AT) TFC na Roinne;
- Soláthar seirbhíse TFC chuig an Rannóg Oidhreachta den Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus síneadh feidhmiúlachta TFC eile chuig Gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile faoi choimirce na Roinne;
- Tá athsholáthar eastát deisce Microsoft XP curtha i gcrích;
- Cuireadh leathadh amach priontála lárnaí i gcrích ar fud na Roinne;
- Ceadú faighte ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara an Clár Forbartha Tuaithe a riaradh, tar éis iniúchta breise de chuid Deloitte ar bhonneagar agus nósanna imeachta Shlándaíl Faisnéise na Roinne;
- Forbraíodh agus seachadadh córais tacaíochta gnó i roinnt réimsí – cosúil le Córas Iarratais ar Cheadúnas Imeall Trá agus roinnt feidhmchlár tacaíochta de chuid an Chórais Faisnéise Geografaí, lena n-áirítear tacú le suirbhé na méadar uisce baile agus tacú le Franchise agus iad ag obair ar Thuarascáil an Choiste um Theorainneacha Toghlimistéar;
- Leanadh leis an bhforbairt ar myplan.ie leis an Aire Chaiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ag aithint myplan.ie mar shampla de cainéil uasmhéadaithe

seachadta seirbhíse nua agus nuálaíochta i dtuarascáil dhul chun cinn an Phlean um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí; agus

- I gcomhpháirtíocht le Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann, sheol an Roinn GeoPortal mar chuid dá thiomantas maidir le beartas r-Rialtais a leathnú agus freastal ar spriocanna na Treorach INSPIRE de chuid an Aontais Eorpaigh (Bonneagar d'fhaisnéis Spáis na hEorpa).

Coiste Comhpháirtíochta

Lean Coiste Comhpháirtíochta na Roinne ina fhóram inar pléadh forbairtí suntasacha agus tionscnaimh nua i réimsí an nuachóirithe agus na n-acmhainní daonna trí phróiseas comhairliúcháin, cumarsáide agus comhthuisceana.

Dhírigh cuid mhaith d'obair an Choiste ar chainteanna Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí, ar cheisteanna Acmhainní Daonna/Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta agus ar an bpróiseas athstruchtúrúithe atá ar bun ag an Roinn in 2013.

Tugadh an Coiste suas chun dáta maidir le dul chun cinn an Phlean Cumarsáide Inmheánaí, Straitéis TFC agus bhí mioncheistiú aige, i ndiaidh Uachtaránacht an AE. Ghlac an Coiste páirt i bpróiseas pleanála gnó agus tosaíochta na Roinne. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar fheidhmiú na Comhpháirtíochta ag na baill agus tabharfaidh grúpa oibre tuairisc ar ais don Choiste iomlán.

Iarratais maidir le Saoráil Faisnéise/Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol (SF/RFC):

Sa tábla thíos tá sonraí na gníomhaíochta SF agus RFC maidir le heolas faoi chatagóir na n-iarrthóirí ag déanamh na n-iarratas SF sa bhliain 2013. Chuir Oifig an Ombudsman isteach 16 iarratas ar fhaisnéis i ndáil le géaráin a fuair an oifig maidir le teip na Roinne freagra pras a thabhairt ar chomhfhreagras agus maidir le cinní a ghlac an Roinn.

Cinní	SF	RFC
Ceadaithe	40	6
Páirtcheadaithe	23	6
Diúltaithe	19	10
Iarratais tarraingthe siar	10	4

Aistrithe	1	0
I léig	2	0
Iarratais idir lámha	15	5
Iomlán na nIarratas Faighte*	110	31
Miondealú na nIarratas de réir Rannóige	SF	RFC
Pobal	13	1
Airgeadas & Seirbhísí Lárnacha	27	4
Pleanáil & Tithíocht	20	7
Rialtas Áitiúil	17	0
Seirbhís Iniúchta an Rialtais Áitiúil	1	0
Comhshaol	10	16
Uisce & TFC	22	3
Miondealú ar Iarratais de réir Chatagóir an Iarratasóra	SF	RFC
Meáin & Iriseoirí	62	4
Gnó, Cuideachtaí, Sainchomhairleoirí	12	1
Baill an Oireachtais / Ionadaithe Poiblí	1	0
Cumainn & comhlachtaí gairmiúla eile	8	9
Indibhidiúil (Iarratas neamhphearsanta)	19	17
Indibhidiúil (Iarratas pearsanta)	8	0
Athbheithnithe Inmheánacha	SF	RFC
Seasadh leis an gCinneadh Bunaidh	4	5
Athraíodh an Cinneadh Bunaidh	1	0

Athbhreithniú idir Lámha	0	0
Iomlán na nAthbhreithnithe Faighte	5	5

An Ghaeilge

Idir Lúnasa 2012 agus Iúil 2013, dhéileáil an fhoireann le 41 glao teileafóin, 2 fhiosrú duine le duine, agus 34 píosa comhfhreagrais i scríbhinn, lena n-áirítear 4 Uiríoll Aireachta agus 10 ceist pharlaiminteach, trí Ghaeilge. Rinne an Roinn gach iarracht freisin a chinntiú go mbeadh gach foirm iarratais, póstaer agus bileog eolais a úsáidtear go coiteann, ar fáil go dátheangach faoi aon chlúdach amháin (nó ar leithligh, i gcás nach bhfuil sin indéanta mar thoradh ar dhearadh an fhoilseacháin). Bíonn an Roinn ag feabhsú inneachar Gaeilge a láithreáin ghréasáin ar bhonn leanúnach.

Cuireadh ranganna forbartha Gaeilge ar fáil d'fhoireann na Roinne ina hoifigí i mBaile Átha Cliath agus i Loch Garman. Cuireadh ranganna ar líne ar fáil chomh maith do bhaill foirne in oifig Bhéal an Átha agus in oifig Loch Garman. D'ullmhaigh an Roinn a tríú Scéim Teanga in 2012, a cheadaigh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta in 2013 agus a tháinig i bhfeidhm an 16 Meán Fómhair 2013.

Ag Tacú leis an bPróiseas Parlaiminteach

	2012	2013
	Ceisteanna Parlaiminteacha	
Ceisteanna a Fuarthas	4,516	4,524
Ceisteanna a Freagraíodh ³	3,972	3,605
Astu Sin:		
Ó Bhéal	399	448
I Scríbhinn	3,573	3,157
	Díospóireachtaí Saincheisteanna Reatha	
	364	289
	Díospóireacht Atrátha Seanaid	
	61	69
	Uirí⁴	
	8,951	6,286
	Cuirí⁵	
	1,263	1,614

Bainistiú Airgeadais, Iniúchadh Inmheánach agus Bainistiú Riosca thiomantas an Rialtais

I gcomhréir le tiomantas an Rialtais míchothromaíochtaí tromchúiseacha sna cistí poiblí a cheartú mar thacaíocht ar imeacht na hÉireann ón gclár AE-IMF, thit Caiteachas Vótáilte Comhlán na Roinne go dtí €1.15bn in 2013, i gcomparáid leis an €1.25bn a caitheadh an bhliain roimhe sin. Bhí an €1.15bn a caitheadh in 2013 comhdhéanta de €697m i gcaiteachas caipitiúil (lena n-áirítear €41m a tugadh ar aghaidh) agus €451m i gcaiteachas reatha.

Chosain an Roinn seirbhíse líne tosaigh in 2013 oiread agus ab fhéidir agus í ag obair laistigh de shrianta bearta físcach an Rialtais ónar theastaigh rialuithe daingne ar chaiteachas poiblí agus acmhainní laghdaithe le haghaidh Ranna go ginearálta.

³I gcás na gceisteanna eile níor ceadaíodh iad, tarraingíodh siar iad nó aistríodh iad.

⁴Is ionann sin agus na hiomláin ó hOifig an Aire agus ó hOifig an Aire Stáit

⁵Is ionann sin agus na hiomláin ó hOifig an Aire agus ó hOifig an Aire Stáit

Bhí caiteachas ar Sheirbhísí Uisce agus caipitil LEADER níos ísle ná mar a ceapadh in 2013; tugadh €72m i gcaiteachas caipitil neamhchaite ar aghaidh chuig 2014 chun forálacha vótáilte a fhorlíonadh.

Dúshlán lárnach a bheidh ann in 2014 agus sa mheántéarma a chinntiú go leanfar de na hacmhainní a chuirtear ar fáil do chlár na Roinne a úsáid le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht uasta chun príomhaidhmeanna a bhaint amach.

Rinne Aonad Iniúchta Inmheánach na Roinne ocht iniúchadh inmheánach agus seacht athbhreithniú iniúchta/iar-iniúchadh le linn 2013. Bhí cúig chruinniú ag Coiste Iniúchta na Roinne i rith na bliana.

De réir bheartas an Rialtais maidir le héifeachtacht níos fearr agus luach ar airgead, rinneadh bainistiú gníomhach ar shainchomhairleoireacht. An figiúr sealadach d'íoc amach le haghaidh 2013 is ea tuairim is €1.22m.

In 2013, rinne foireann Meastóireachta Cód Chaiteachas Poiblí na Roinne athbhreithnithe um dhearbhu cáilíochta maidir le comhlíonadh le riachtanais an Chóid Caiteachais Poiblí nua ag mar chuid de chlár rollach trí bliana athbhreithnithe. Is gearr go bhfoilseoidh an Roinn Tuarascáil um Dhearbhú Cáilíochta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2013, a thuairiscíonn féin-mheasúnú ar chomhlíonadh le oibleagáidí an Chóid Chaiteachais Phoiblí ag an Roinn, Gníomhaireachtaí agus Comhlachtaí faoina scáth agus san Earnáil Rialtais Áitiúil.

Tá Straitéis Traenála Comhtháite chun cur i bhfeidhm dualgas an Chóid Chaiteachais Phoiblí a chinntiú á forbairt ag an Roinn. In 2013, rinne an Roinn Athbhreithnithe Luach ar Airgead agus Beartas (ALABanna) agus Measúnuithe Beartas Dírithe (MBDanna) agus leagfar na príomhtheachtaireachtaí uathu sin amach sa tuarascáil um Dhearbhú Cáilíochta.

Leanadh le ALABanna agus MBDanna in 2013 agus leagfar na príomhtheachtaireachtaí uathu sin amach sa tuarascáil um Dhearbhú Cáilíochta. D'fhoilsigh an Roinn tuarascáil Luach ar Airgead Uimh. 28 'Bainistiú Neamhláithreach de bharr Breoiteachta in Údaráis Áitiúla' in 2013. I measc príomh-mholtaí na tuarascála tá tuairisciú iomlán ar na costais a bhaineann le neamhláithreachta de bharr breoiteachta agus feidhmíocht i gcoinne spriocanna earnála maidir le coigiltis éifeachtachta agus éifeachtúlachta go náisiúnta. Tá sprioc ar fud na hearnála poiblí de 3.5% socraithe ag an Roinn

Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. B'ionann an meán-ráta neamhláithreachta don earnáil údaráis áitiúil in 2011 agus 5.19% (4.43% neamhláithreacht breoiteachta deimhnithe agus 0.76% neamhláithreacht breoiteachta féin-dheimhnithe). Moladh an sprioc náisiúnta a bheith socruithe don earnáil faoin Imlitir LG (P) 09/2013. Tá an Coiste Bainistíochta Freastal den LGMA chun cur i bhfeidhm phríomh-mholtaí na tuarascála a phleanáil agus monatóireacht a dhéanamh orthu i gcomhréir le ceanglais na himlitreach. Déanfar dul chun cinn maidir leis sin a thuarascáil um Dhearbhú Cáilíochta.

Íoc Pras

Sa bhliain 2013, d'íoc an Roinn 93% de gach sonrasc laistigh de 15 lá féilire agus íocadh 99% de gach sonrasc laistigh de 30 lá féilire.

Maidir leis an mbliain iomlán, thabhaigh an Roinn ús ar íocaíochtaí déanacha de €52 (€13 in 2012). B'ionann luach na n-íocaíochtaí déanacha mar chéatadán de gach íocaíocht ar shonrasc sa bhliain 2013 agus 0.0009% (0.0003% in 2012). Chomh maith leis an ús ar íocaíochtaí déanacha, íocadh costais cúitimh (a raibh éifeacht leo ón 16ú Márta 2013) arb ionann €220 iad in 2013.

AGUISÍNÍ

AGUISÍN 1: Gníomhaíocht Reachtaíochta sa bhliain 2013

Achtanna an Oireachtais sa bhliain 2013

Uimh.	Teideal	Tuairisc	An bhfuil MTR ann? (Tá/Níl)	An fáth nár ullmhaíodh MTR
6	An tAcht um Sheirbhísí Uisce 2013	Leis an Acht seo, déantar socrú maidir le Irish Water/Uisce Éireann a bhunú mar fhochuideachta de Bhord Gáis Éireann agus soláthraítear na cumhachtaí riachtanacha d'Uisce Éireann chun dul i mbun an chláir méadráithe uisce tís. Leis an Acht freisin, soláthraítear feidhm don Choimisiún um Rialáil Fuinnimh (an Coimisiún) chun comhairle a thabhairt don Rialtas i ndáil le beartas a fhorbairt maidir le soláthar seirbhísí uisce a rialáil.	Níl	Rinneadh anailís mhionsonraithe faoi na tionchair a ghabhann le haistriú feidhmeanna ó na húdaráis áitiúla chuig fóntas aonair a leagan amach sa mheastóireacht neamhspleách a rinne Pricewaterhouse Coopers (PwC). I bhfianaise na hanailíse forleithne a bhí i gceist sa mheastóireacht sin, measadh nach raibh gá le MTR eile a dhéanamh maidir leis an reachtaíocht a bhí beartaithe. Ina theannta sin, tá deiseanna

				ann le haghaidh comhairliúcháin phoiblí tríd an gCoimisinéir um Rialáil Fuinnimh.
7	An tAcht Toghcháin (Leasú) (Dáilcheantair) 2013	Leis an Acht seo, déantar socrú maidir le líon comhaltaí Dháil Éireann, maidir le dáilcheantair a athmheas agus maidir le líon na gcomhaltaí atá le toghadh do na dáilcheantair sin.	Tá	
9	An tAcht um Mótarfheithic lí (Dleachtann agus Ceadúnais) 2013	Leis an Acht seo, tugadh éifeacht do na méaduithe ar mhótarcháin a fógraíodh i mBuiséad 2013 agus rinneadh socrú maidir le haistriú airgid ón gCiste Rialtais Áitiúil chuig an Státchiste.	Níl	Ní raibh gá léi.
16	An tAcht um Neamhúsáid Feithiclí 2013	Leis an Acht seo, rinneadh foráil maidir le socruithe athbhreithnithe maidir le dearbhuithe a dhéanamh i dtaobh neamhúsáide feithicle agus socrú maidir le híocaíochtaí as an gCiste Rialtais Áitiúil a thabhairt don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, ar íocaíochtaí iad a bhaineann le socruithe oibríochtúla idirthréimhseacha i ndáil leis an tseirbhís nua ceadúnas tiomána a sholáthar.	Tá	
22	Acht na dTithe (Leasú) 2013	Is is príomhchuspóir don Acht seo ná leasú a dhéanamh ar alt 31 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 a mhéid a bhaineann le cíosanna údarais áitiúil ionas	Níl	Ní raibh gá léi.

		gur féidir an t-achtachán a thabhairt i ngníomh de réir oird éifeachtaigh.		
27	An tAcht um Thoghchán, Rialtas Áitiúil agus Pleanáil agus Forbairt 2013	<p>Leis an Acht um Thoghchán, Rialtas Áitiúil agus Forbairt 2013, a achtaíodh ar an 22 Iúil 2013, tugtar éifeacht do Threoir 2013/1/AE i ndáil leis na ceanglais a bhaineann le saoránaigh AE nach náisiúnaigh iad agus a bhfuil cónaí orthu in Éirinn a ainmniú lena dtoghadh chuig Parlaimint na hEorpa.</p> <p>Leis an Acht seo freisin, déantar socrú maidir le roinnt nithe eile a bhaineann le toghchán:</p> <p>bonn reachtaíochta i ndáil le hullmhú agus foilsíú clár aonair toghthóirí don tréimhse 2014/2015 i Luimneach, i dTiobraid Árann agus i bPort Láirge ar limistéir iad ina ndéanfar comhaltaí d'údaráis áitiúla nua aonair a thoghadh sa bhliain 2014;</p> <p>le Cuid 9 den Acht, déantar foráil maidir le bainisteoir déach a cheapadh i gComhairle Chontae Phort Láirge agus i gComhairle Cathrach Phort Láirge i gcomhréir leis na socruithe atá i bhfeidhm cheana féin i Luimneach agus i dTiobraid Árann; coiste a bhunú chun</p>	Tá	

		<p>tuairisciú a dhéanamh maidir le toghlaigh Pharlaimint na hEorpa i gcomhthéacs athraithe ar an líon CPE-anna atá le toghadh;</p> <p>tuilleadh ama chun glacadh le hiarratais ar ainm a chur isteach san fhorlónadh a ghabhann le liosta na bpostvótálaithe agus na vótálaithe speisialta ar chlár na dtoghthóirí roimh reifrinn agus roimh thoghcháin Áitiúla, roimh thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa agus roimh thoghcháin Uachtaráin;</p> <p>deireadh a chur leis an gceanglas ar An Post cóipeanna de Bhillí Reifrinn a chur ar fáil i bpostoifigí.</p>		
50	An tAcht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2) 2013	Leis an Acht seo, déantar socrú maidir le haistriú na freagrachta as soláthar seirbhísí uisce ó na húdaráis seirbhísí uisce chuig Uisce Éireann. Déantar socrú leis an Acht freisin maidir le rialálaí eacnamaíochta seirbhísí uisce a bhunú laistigh den Choimisiún um Rialáil Fuinnimh.	Níl	Rinneadh anailís mhionsonraithe faoi na tionchair a ghabhann le haistriú feidhmeanna ó na húdaráis áitiúla chuig fiontas aonair a leagan amach sa mheastóireacht neamhspleách a rinne Pricewaterhouse Coopers (PwC). I bhfianaise na hanailíse

				forleithne a bhí i gceist sa mheastóireacht sin, measadh nach raibh gá le MTR eile a dhéanamh maidir leis an reachtaíocht a bhí beartaithe. Ina theannta sin, tá deiseanna ann le haghaidh comhairliúcháin phoiblí tríd an gCoimisinéir um Rialáil Fuinnimh.
51	An tAcht um Réiteach Piríte 2013	Leis an Acht um Réiteach Piríte 2013, déantar socrú maidir leis an mBord um Réiteach Piríte a bhunú ar bhonn reachtúil agus maidir leis an mBord do chur scéime réitithe piríte i bhfeidhm le tacaíocht ón nGníomhaireacht Tithíochta.	Níl	An phráinn leis an reachtaíocht a rith.

Billí a d'fhoilsigh an Roinn i rith na bliana 2013 (seachas iad sin a achtaíodh agus atá luaite sa tábla sin roimhe seo)

Uimh.	Teideal	Tuairisc	An bhfuil MTR ann? (Tá/Níl)	An fáth nár ullmhaíodh MTR
98	An Bille Rialtais Áitiúil 2013	Dréachtaíodh an Bille Rialtais Áitiúil 2013 chun éifeacht reachtaíochta a thabhairt do thograí atá leagtha amach sa Chlár Gníomhaíochta i gcomhair Rialtais Áitiúil Níos Éifeachtaí, Tús Áite do na Daoine. Tá 65 alt agus 5 Sceideal ann sa Bhille agus tá forálacha reachtacha ann chun éifeacht a thabhairt do na bearta atá ann sa Chlár Gníomhaíochta, is é sin, raon leathan forálacha i ndáil le struchtúir, feidhmeanna, maoiniú agus rialachas rialtais áitiúil agus le nithe a bhaineann le cúrsaí oibríochta.	Tá	
124	An Bille um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa (Leasú) 2013	Leis an mBille seo, leasaítear Sceideal 3 den Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa 1997 mar thoradh ar athbhreithniú a rinneadh i ndáil leis na toghlaigh ina ndéantar comhaltáí Parlaimint na hEorpa a thoghadh sa Stát.	Tá	

Scéimeanna Ginearálta/Ceannteidil Billí a tugadh os comhair an Rialtais i rith na bliana 2013 (seachas iad sin a foilsíodh/achtaíodh agus atá luaite sna táblaí sin roimhe seo)

Uimh.	Teideal	Tuairisc	An bhfuil MTR ann? (Tá/Níl)	An fáth nár ullmhaíodh MTR
	An Bille um an Limistéar Muirí agus Imeall Trá (Leasú)	Is é is aidhm don Bille ná na córais imill trá agus pleanála a chomhtháthú, rud a éascóidh MTT aonair a bheith ann do thionscadail, agus déantar socrú leis maidir le sásra chun bainistiú a dhéanamh ar fhorbairt sa Chrios Eacnamaíochta Eisiatach	Tá	

	<p>Bille na dTithe 2013</p>	<p>Le Scéim Ghinearálta an Bhille a cheadaigh an Rialtas ar an 17 Nollaig 2013, déantar socrú maidir le halt nua a chur in ionad alt 62 d'Acht na dTithe 1966 agus neartaítear forálacha Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 1997 a bhaineann le horduithe eisiata. Déantar socrú freisin maidir le scéim cheannaigh do thionóntaí i gcás tithe údaráis áitiúil láithreacha, ar scéim í a riarfaí i gcomhréir le córas incriminteach agus a ghlacfaidh ionad scéim cheannaigh 1995 do thionóntaí i gcás tithe údaráis áitiúil. De bhreis air sin, déanfar socrú maidir leis an Íocaíocht nua Cúnaimh Tithíochta ar dá réir a dhéanfaidh údaráis tithíochta freagracht as cásanna fadtéarma a bhaineann leis an bhforlónadh cíosa a ghlacadh chucu féin ón Roinn Coimirce Sóisialaí.</p>	<p>Níl</p>	<p>Ní raibh gá léi.</p>
--	-----------------------------	---	------------	-------------------------

	<p>An Bille um Chosaint Raideolaíoch (Forálacha Ilghnéitheach a)</p>	<p>Tá scéim ghinearálta Bille lena ndéantar socrú maidir le cumasc na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch agus na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil ceadaithe ag an Rialtas. Leis an mBille seo freisin, déanfar téarmaí Leasú 2005 ar an gCoinbhinsiún um Chosaint Fhisiceach Ábhair Núicléigh a thabhairt isteach i ndlí na hÉireann. Cheadaigh an Rialtas an Bille a dhréachtú ar bhonn tosaíochta.</p>	<p>Tá</p>	
--	--	---	-----------	--

	<p>An Bille Comhshaoil (Forálacha Ilghnéitheach a)</p>	<p>Maidir leis an mBille seo:</p> <p>i) tabharfaidh sé éifeacht do ghealltanas atá ann sa Chlár Rialtais agus a bhaineann le beartas dramhaíola;</p> <p>ii) athbhunóidh sé fógraí íocaíochta seasta (FÍS) a athbhunú i gcás cionta áirithe faoi na Rialacháin um Breosla Soladach agus leathnóidh sé FÍS chuig raon cionta eile;</p> <p>iii) déanfaidh sé leasuithe áirithe ar na hAchtanna fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil in oirchill chumasc na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus na hInstitiúide Éireannaí um Chosaint Raideolaíoch;</p> <p>iv) táillí ceadúnais GCC a leathnú agus táillí a thabhairt isteach do scéimeanna maidir le comhlíonadh TFT;</p> <p>v) leasóidh sé forálacha a bhaineann le rochtain ar cheartas i ndáil le nithe a bhaineann leis an gcomhshaoil; agus</p> <p>vi) leasóidh sé roinnt earráidí clóscríbhneoireachta i reachtaíocht phríomha láithreach.</p>	<p>Níl</p>	<p>Déanann an Bille mionleasuithe ar reachtaíocht láithreach agus ní thugann sé éifeacht d'aon bheartais nua.</p>
--	--	---	------------	---

	Ceannteidil Imlíneacha Bille um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin .	A chumasú don Stát aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin, aeráid-dhíonach agus inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de a shaothrú agus a bhaint amach faoin mbliain 2050.	Níl	Beidh MTR ann in am trátha in éineacht leis an Scéim Ghinearálta chríochnaitheac h.
--	---	--	-----	---

Dréacht-Treoracha AE a raibh freagracht ar an Roinn ina leith i rith na bliana 2013:

Uimh.	Teideal	Tuairisc	An bhfuil MTR ann? (Tá/Níl)	An fáth nár ullmhaíodh MTR
COM (2011) 593	Treoir ón gComhairle lena leagtar síos caighdeáin bhunúsacha maidir le cosaint ar na contúirtí a éiríonn as teacht faoi lé radaíochta ianúcháin.	Is é is aidhm don Treoir ná sruthlíniú a dhéanamh ar an reachtaíocht láithreach agus comhleanúnachas a chur ar bun i dtaca le bearta rialála agus cosanta ar mhaithe leis an bpobal, le hoibrithe agus le hothair. Mar thoradh uirthi, beidh reachtaíocht Eorpach i gcomhréir leis an tuiscint reatha eolaíochta go háirithe trí phríomh-mholtaí an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chosaint ar Radaíocht (ICRP) a chur i bhfeidhm, go háirithe a mhéid a bhaineann le foinsí radaíochta nádúrtha agus cosaint an chomhshaoil.	Níl	Déanfar an anailís nuair atá an Treoir á trasuíomh.
COM (2012) 643 críoch nait	Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gáis cheaptha	Is é is aidhm don togra ná díspreagadh a dhéanamh i leith gáis lena ngabhann ardleibhéal téimh dhomhanda trí mhalairtí	Níl	Chuathas i mbun comhairliúcháin le geallsealbhóirí agus déanfar tuilleadh breithnithe mar

heach h	teasa fhluaírinthe	nach bhfuil díobhálach don chomhshaol, atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh de agus atá sábháilte a chur ina n-ionad. Is é is aidhm dó freisin ná feabhas a chur ar imshrianadh agus ar dhiúscairt deireadh ré táirgí agus trealaimh ina bhfuil F-gháis.		chuid den chur i bhfeidhm.
COM (2013) 343	Dréacht-Togra le haghaidh Treorach ón gComhairle lena leasófar Treoir 2009/71/EURATOM lena mbunaítear creat Comhphobail i ndáil le sábháilteacht núicléach suiteálacha; tíolacadh an dréacht faoi Airteagal 31 de Chonradh Euratom chun tuairim Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a fháil ina leith.	Measann an Coimisiún gur cúí an Treoir maidir le Sábháilteacht Núicléach a leasú, a neartú agus a fhorlíonadh trí fheabhsúcháin theicniúla a chumasc le saincheisteanna níos forleithne amhail rialachas, trédhearcacht agus ullmhacht agus plean gníomhaíochta i gcás ina dtarlaíonn staid éigeandála ar an láthair.	Tá	

<p>COM (2013) 919 críoch nait heac h</p>	<p>Togra le haghaidh Treorach ón gComhairle maidir le hastaíochtaí truailleán áirithe isteach san aer ó ghléasraí dócháin meánmhéide a theorannú</p>	<p>Is é is aidhm don togra ná astaíochtaí substaintí truailithe aeir ó ghléasraí dócháin meánmhéide ag a bhfuil ionchur teirmeach rátáilte idir 1 agus 50 MW a rialú agus, sa tslí sin, an creat rialála don earnáil dócháin a chomhlánú agus, ina theannta sin, d'fhonn na sineirgíochtaí idir na beartais go léir a bhaineann le truailiú agus le hathrú aeráide a mhéadú.</p>	<p>Níl</p>	<p>Níor foilsíodh an togra go dtí an 18 Nollaig 2013.</p>
<p>COM (2013) 920</p>	<p>Togra le haghaidh Treorach ón gComhairle maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán atmaisféir áirithe a laghdú</p>	<p>Tabharfaidh an togra seo éifeacht dhlíthiúil d'uasteorainneacha comhaontaithe Phrótacal Gothenburg 2020 arb é is aidhm dó ná laghdú a dhéanamh ar astaíochtaí i gcás cúig thruailleán (Dé-ocsaíd sulfair, ocsaídí nítrigine, comhdhúile orgánacha so-ghalaithe, amóinia agus ábhar cáithnínach mín) agus uasteorainneacha nua a leagan síos don bhliain 2030 i gcás na gcúig thruailleán chéanna mar aon le meatán. Glacfaidh sé seo ionad Threoir Láithreach</p>	<p>Níl</p>	<p>Níor foilsíodh an togra go dtí an 18 Nollaig 2013.</p>

		2001/81/CE maidir le hUasteorainneacha Astaíochtaí Náisiúnta.		
--	--	---	--	--

Ionstraimí/Orduithe Reachtúla a d'Ullmhaigh an Roinn sa bhliain 2013:

Uimh.	Teideal	Tuairisc	An bhfuil MTR ann? (Tá/Níl)	An fáth nár ullmhaíodh MTR
26	Na Rialacháin um Measúnachtaí Tithíochta Sóisialta (Achoimre) 2013	Leis na rialacháin seo, forordaítear an fhoirm atá le húsáid ag údaráis tithíochta chun achoimrí ar mheasúnachtaí tithíochta sóisialta a ullmhú de réir alt 21 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009.	Níl	Ní raibh gá léi.

32	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach) (Leasú) 2013	Leis na Rialacháin seo, leasaítear Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach) 2011 agus tugtar tuilleadh éifeachta leo d'fhorálacha Threoir 2002/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, arna leasú. Tá siad ceaptha chun aisghabháil dramhthrealaimh leictrigh agus leictreonaigh a chur chun cinn agus chun baint amach spriocanna i ndáil le haisghabháil agus diúscairt dramhthrealaimh leictrigh agus leictreonaigh, ar spriocanna iad a bunaíodh le Treoir 2002/96/CE, arna leasú, a éascú.	Níl	Leasuithe teicniúla ar reachtaíocht láithreach.
----	---	--	-----	---

38	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Plean Cigireachta) 2013	Rinneadh na rialacháin seo chun athrú a dhéanamh ar an dáta ar faoi a dhéanfaidh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil an Plean Náisiúnta Cigireachta le haghaidh córas cóireála dramhuisce tí.	Níl	Ní raibh gá léi
----	--	---	-----	-----------------

71	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dramhbhia Teaghlaigh agus Bithdhramhaíl) 2013	<p>Tá na Rialacháin seo ceaptha chun leithscaradh agus aisghabháil dramhbhia teaghlaigh a chur chun cinn.</p> <p>Ranncuideoidh na Rialacháin, go háirithe, le baint amach na spriocanna atá leagtha amach in Airteagal 5 de Threoir AE 99/31/CE maidir le talamh a líonadh le dramhaíl, ar spriocanna iad a bhaineann le dramhaíl bhardasach bhith-indíghrádaithe a atreorú ó láithreáin líonta talún chuig gléasraí múirínithe agus bithgháis agus chuig cineálacha eile cóireála údaraithe. Ina theannta sin, méadóidh siad an méid dramhbhia a aisghabhhtar.</p>	Tá	
----	---	---	----	--

80	Na Rialacháin um Rialú Foirgníochta (Leasú) 2013	Leis na Rialacháin seo, neartaítear na socruithe reatha atá i bhfeidhm maidir le gníomhaíocht fhoirgníochta a rialú. Tagann na Rialacháin i bhfeidhm ar an 1 Márta 2014.	Tá	
91	Na Rialacháin Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) 2013	Liosta forbairtí atá díolmhaithe ó Cháin Mhaoine Áitiúil.	Níl	Ní raibh gá léi.
108	An tOrdú fan Acht um Sheirbhísí Uisce 2013 (Tosach Feidhme) 2013	Leis an Ordú seo, déantar forálacha áirithe den Acht um Sheirbhísí Uisce 2013 a thabhairt i ngníomh.	Níl	Ní raibh gá léi

137	Na Rialacháin fán Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (Astaíochtaí Tionscail) (Ceadúnú) 2013.	Leagtar amach an nós imeachta maidir le iarratas ar cheadúnas, maidir le hathbhreithniú ceadúnas nó ar cheadúnais athbhreithnithe, maidir leis an nGníomhaireacht do bhreithniú agóidí, lena n-áirítear éisteachtaí ó bhéal a sheoladh, agus nósanna imeachta maidir le rannpháirtíocht ag daoine den phobal sa chóras ceadúnaithe astaíochtaí a riarann an Gníomhaireacht agus inneachar chlár na n-iarratas a ghabhann leis an bpróiseas i ndáil le hiarratas a dhéanamh ar Cheadúnas Astaíochtaí Tionscail.	Níl	Ní raibh gá léi
-----	---	--	-----	-----------------

138	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Astuithe Tionscail) 2013.	Leis na Rialacháin seo, leasaítear an tAcht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992 agus an tAcht um Bainistiú Dramhaíola 1996.	Níl	Ní raibh gá léi
147	Na Rialacháin Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) (Díolúine Piríte) 2013.	Leis na Rialacháin seo, déantar foráil maidir le díolúine ón gcáin mhaoine áitiúil (CMÁ) i gcás maoine cónaithe ina bhfuil damáiste suntasach piríte. Tháinig na Rialacháin i bhfeidhm ar an 2 Bealtaine 2013.	Níl	Ní raibh gá léi.

148	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Gléasraí Loiscthe Dramhaíola agus Gléasraí Comhloiscthe Dramhaíola) 2013	Leis na Rialacháin seo, trasuitear Caibidil IV de Threoir 2010/75/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain, 2010, maidir le hastaíochtaí tionscail (cosc agus rialú comhtháite ar thruailliú) (Athmhúnlú). Baineann na Rialacháin le Gléasraí Loiscthe Dramhaíola agus Gléasraí Comhloiscthe Dramhaíola de réir mar atá leagtha amach sna Rialacháin.	Níl	Leasuithe teicniúla ar reachtaíocht láithreach
176	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú ar Astaíochtaí Truailleán Gásach agus Cáithníníeach ó Innealra Soghluaiste Neamhbhóthair) (Leasú) 2013	Leis na Rialacháin seo, tugadh éifeacht do Threoir 2012/46/AE lena ndéantar leasú teicniúil ar Threoir 97/68/CE maidir le hinnealra soghluaiste neamhbhóthair.	Níl	Leasú teicniúil ar rialacháin láithreacha. Níl aon tionchar suntasach ann.

180	Na Rialacháin um Chórais Cóireála Dramhuisce Tí (Clárú) (Leasú) 2013	Rinneadh na Rialacháin seo chun foráil a dhéanamh maidir le clárú córas cóireála dramhuisce tí nua-thógtha nó nua-shuiteáilte.	Níl	Ní raibh gá léi
185	An tOrdú um an gCoimisiún Reifrinn (Bunú) 2013	Leis an ordú seo, bunaíodh Coimisiún Reifrinn chun críocha Achtanna an Reifrinn 1998 agus 2001 i dtaca leis an mBille um an Dara Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Deireadh a chur le Seanad Éireann) 2013 agus ceapadh an 6 Meitheamh 2013 mar an lá a raibh éifeacht le post chathaoirleach an Choimisiúin.	Níl	Ní raibh gá léi.

189	Na Rialacháin fán Acht um Sheirbhísí Uisce 2007 (Ath-iniúchadh) 2013	<p>Rinneadh na rialacháin seo chun forordú a dhéanamh maidir leis na nithe seo a leanas:</p> <p>a) an fhoirm atá le húsáid agus</p> <p>b) an táille is iníoctha, i gcás ina ndéanann duine arb éagóir leis nó léi fógra comhairleach a sheirbheáiltear faoi Chuid 4A den Acht um Sheirbhísí Uisce 2007 ath-iniúchadh a iarraidh.</p>	Níl	Ní raibh gá léi
190	Na Rialacháin fán Acht um Sheirbhísí Uisce 2007 (Cigirí a Cheapadh) 2013	<p>Rinneadh na rialacháin seo chun an fhoirm a fhorordú atá le húsáid ag iarratasóirí ar cheapachán mar chigire chun críocha Chuid 4A den Acht um Sheirbhísí Uisce 2007.</p>	Níl	Ní raibh gá léi

194	Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Tobhach Líonta Talún) (Leasú) 2013	Leis na Rialacháin seo, leasaítear na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Tobhach Líonta Talún) 2011 agus déantar an tobhach líonta talún i gcás dramhaíola a dhiúsraítear ag saoráidí údaraithe agus neamhúdaraithe líonta talún a mhéadú ó €65 in aghaidh an tona go €75 in aghaidh an tona le héifeacht ón 1 Iúil 2013	Níl	Leasuithe teicniúla ar reachtaíocht láithreach
-----	---	---	-----	--

207	An tOrdú fán Acht um Neamhúsáid Feithiclí 2013 (Tosach Feidhme) 2013	Cuireadh tús le feidhm na n-alt lena ndéantar foráil maidir le socruithe airgeadais idirthréimhseacha tar éis feidhm an cheadúnais tiomána a aistriú chuig an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus lena ndéantar foráil maidir leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt do theacht chun bheith ina údarás ceadúnúcháin agus, chomh maith leis sin, cuirtear tús le feidhm na n-alt réamhráiteach agus ginearálta.	Níl	Ní raibh gá léi.
-----	--	--	-----	------------------

	<p>Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2013</p>	<p>Leis na rialacháin seo, déantar foráil maidir le díolúintí ó phleanáil (faoi réir coinníollacha áirithe) i leith pointí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha, i leith oibreacha feabhais áirithe a dhéantar ar umair sheipteacha agus i leith déanmhas áirithe a sholáthraíonn gnóthas reachtúil atá údaraithe chun seirbhís teileachumarsáide a sholáthar. Rinneadh sin de bhun bheartas na Roinne maidir leis an ualach is lú rialála a bhaint amach i gcomhréir le measúnú cuí ar thograí maidir le toiliú le forbairt.</p>	<p>Níl</p>	
--	---	--	------------	--

222	Na Rialacháin um Chórais Cóireála Dramhuisce Tí (Cúnamh Airgeadais) 2013	Leis na rialacháin seo, déantar foráil maidir le scéim cúnaimh airgeadais d'úinéirí córas cóireála dramhuisce tí a bhfuil gá le hobair feabhais nó uasghrádaithe ina leith tar éis iniúchadh a bheith déanta orthu agus tar éis fógra comhairleach a sheirbheáil ar na húinéirí faoi Chuid 4A den Acht um Sheirbhísí Uisce 2007, arna cur isteach le hAlt 4 den Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2012.	Níl	Ní raibh gá léi
-----	--	--	-----	-----------------

224	Na Rialacháin um na Rialacháin Fhoirgníochta (Leasú ar Chuid D) 2013.	Leis na Rialacháin seo, leasaítear Cuid D (Ábhair agus Ceardaíocht) de na Rialacháin Fhoirgníochta 1997 trí athbhreithniú a dhéanamh ar an míniú ar “ábhair chúí” chun aird a thabhairt ar na forálacha iomchuí de Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Marta 2011 lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n-aisghairtear Treoir 89/106/CEE ón gComhairle. Tháinig na Rialacháin i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2013.	Tá	
-----	---	---	----	--

225	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Táirgí Foirgníochta) 2013.	Leis na Rialacháin seo, déantar cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 305/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Marta 2011, lena leagtar síos coinníollacha comhchuibhithe maidir le táirgí foirgníochta a mhargú agus lena n-aisghairtear Treoir 89/106/CEE ón gComhairle, a éascú in Éirinn. Tháinig na Rialacháin i bhfeidhm ar an 1 Iúil 2013.	Tá	
232	An tOrdú fán Acht um Neamhúsáid Feithiclí 2013 (Tosach Feidhme) (Uimh. 2) 2013	Cuireadh tús le feidhm alt a bhaineann le dearbhú a dhéanamh i ndáil le neamhúsáid feithicle.	Níl	Ní raibh gá léi.
233	Na Rialacháin um Neamhúsáid Feithiclí 2013	Forordaíodh an fhoirm ar a ndéantar an dearbhú i ndáil le neamhúsáid feithicle.	Níl	Ní raibh gá léi.

250	An tOrdú um an gCoimisiún Reifrinn (Bunú) (Uimh. 2) 2013	Leis an ordú seo, bunaíodh Coimisiún Reifrinn chun críocha Achtanna an Reifrinn 1998 agus 2001 i dtaca leis an mBille um an Tríú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Cúirt Achomhairc) 2013 agus ceapadh an 10 Iúil 2013 mar an lá a raibh éifeacht le post chathaoirleach an Choimisiúin.	Níl	Ní raibh gá léi.
251	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dramhbhia Teaghlaigh agus Bithdhramhaíl) (Leasú) 2013	Leis na Rialacháin seo, leasaítear Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Dramhbhia Teaghlaigh agus Bithdhramhaíl) (Leasú) 2013 trí shoiléiriú a dhéanamh ar céard é cion faoi na Rialacháin, déileáiltear le cumhachtaí daoine údaráithe agus scriostar Rialachán 7(b) a bhaineann le húsáid mionbhristeoirí.	Níl	Leasuithe teicniúla ar reachtaíocht láithreach

269	An tOrdú fan Acht um Sheirbhísí Uisce 2013 (Daoine Forordaithe) 2013	Rinneadh an tOrdú seo chun a fhorordú gur duine iomchuí é Bord Gáis Éireann chun críocha Alt 26 den Acht um Sheirbhísí Uisce 2013.	Níl	Ní raibh gá léi
272	An tOrdú fán Acht um Thoghchán, Rialtas Áitiúil agus Pleanáil agus Forbairt 2013 (Tosach Feidhme) 2013	Leis an Ordú seo, tugadh Cuid 4 den Acht um Thoghchán, Rialtas Áitiúil agus Pleanáil agus Forbairt 2013 i ngníomh, ar cuid é a dhéileálann le hamlínte i leith iarratais a dhéanamh chuig údaráis chlárúcháin ar ainm a chur isteach san fhorlónadh a ghabhann le liosta na bpostvótálaithe agus na vótálaithe speisialta ar chlár na dtoghthóirí.	Níl	Ní raibh gá léi.
273	Na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh) 2013	Liosta na bhforbairtí atá díolmhaithe ón Muirear Teaghlaigh	Níl	Ní raibh gá léi.

282	An tOrdú fán gCoiste um Thoghlaigh Pharlaimint na hEorpa (Bunú) 2013	Leis an ordú seo, bhunaigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil coiste chun tuairisciú a dhéanamh maidir le toghlaigh Pharlaimint na hEorpa mar thoradh ar an gcinneadh ón gComhairle Eorpach ar an 28 Meitheamh 2013 faoin líon comhaltaí a bhí le toghadh i gcomhair théarma Parlaiminteach 2014-2019. Is é atá sa líon sin in Éirinn ná 11 chomhalta.	Níl	Ní raibh gá léi.
-----	--	---	-----	------------------

283	Na Rialacháin fán Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (Rialú Comhtháite ar Thruailliú) (Ceadúnú) 2013.	Leagadh amach nithe a bhaineann leis an nós imeachta i ndáil le ceadúnú comhtháite ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i ndáil le gníomhaíochtaí Rialaithe Chomhtháite ar Thruailliú a shonraítear san Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992.	Níl	Ní raibh gá léi
-----	--	---	-----	-----------------

284	Na Rialacháin fán Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (Táillí Ceadúnaithe) 2013.	Leagadh síos na táillí i leith iarratas chuig an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar cheadúnais chun gníomhaíochtaí áirithe a bhaineann leis an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionscail (2010/75/AE) agus atá sonrath sa Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992 (a cuireadh isteach leis an Acht Comhshaoil 2003 agus arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Astuithe Tionscail) 2013 (I.R. Uimh. 138 de 2013)).	Níl	Ní raibh gá léi
-----	--	--	-----	-----------------

318	Na Rialacháin um Neamhúsáid Feithiclí (Alt 3) 2013	Rinneadh foráil maidir le socruithe idirthréimhseacha chun éascaíocht a dhéanamh i leith úinéirí do dhearbhú nach raibh feithicil á húsáid, ar úinéirí iar nach raibh in ann freastal i bpearsa i Stáisiún de chuid an Gharda Síochána chun déanamh amhlaidh.	Níl	Ní raibh gá léi.
-----	--	---	-----	------------------

320	An tOrdú fán Acht um Chosaint Raideolaíoch 1991 (Dramhaíl Radaighníomhach a Bhainistiú go Freagrach agus go Sábháilte) 2013	<p>Leis an Ordú seo, trasuitear oibleagáidí na hÉireann i ndáil le Treoir 2011/70/Euratom. Is é is cuspóir don Treoir sin ná déileáil le gach gné de bhainistiú dramhaíola radaighníomhaí agus breosla chaite, ón tráth giniúna go dtí diúscairt fhadtéarma.</p> <p>Sonraítear ann freagracht phríomha na ngineadóirí agus freagracht ar leith gach Ballstáit i ndáil le bainistiú dramhaíola a ghintear ina gcríoch trína chinntiú go ndéantar socrúithe cuí náisiúnta a chur i bhfeidhm chun ardleibhéal sábháilteachta a ráthú chun oibrithe agus an pobal i gcoitinne a chosaint ar na rioscáil a éiríonn as radaíocht ianúcháin.</p> <p>Déantar freagracht</p>	Níl	<p>Rinneadh an Treoir a thrasuíomh leis an Ordú seo.</p> <p>Ní raibh gá le MTR mar go ndearnadh í ag céim na caibidlíochta .</p>
-----	---	---	-----	--

327	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Feithiclí a bhfuil a Ré Caite) (Leasú) 2013	Leis na Rialacháin seo, leasaítear na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Feithiclí a bhfuil a Ré Caite) 2006 agus tá siad beartaithe chun éifeacht a thabhairt do Threoir 2013/28/AE ón gCoimisiún an 17 Bealtaine 2013 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2000/53/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Feithiclí a bhfuil a Ré Caite. Le Treoir 2000/53/CE, toirmiscear luaidhe, mearcar, caidmiam nó cróimiam heicsifhiúsach a úsáid in ábhair agus i gcomhchodanna feithiclí a chuirtear ar an margadh tar éis an 1 Iúil 2003, seachas i gcásanna atá liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Treoir sin agus faoi na coinníollacha atá sonraithe inti. De bhun Airteagal 4(2)(b) de Threoir 2000/53/CE, déanann an	Níl	Leasuithe teicniúla ar reachtaíocht láithreach
-----	---	---	-----	--

328	Na Rialacháin um Fheithiclí Bóthair (Clárú agus Ceadúnú) (Leasú) 2013	Rinneadh foráil maidir le haitheantóir aonair do cheadúnais trádála arna n-eisiúint i Luimneach, i dTiobraid Árann agus i bPort Láirge sa bhliain 2014.	Níl	Ní raibh gá léi.
342	Na Rialacháin Rialtais Áitiúil (Muirear Teaghlaigh) (Leasú) 2013	Athbhreithníodh liosta na bhforbairtí atá díolmhaithe ón Muirear Teaghlaigh	Níl	Ní raibh gá léi.

363	Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Pacáistiú) (Leasú) 2013	<p>Leis na Rialacháin seo, leasaítear na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Pacáistiú) 2007 agus tá siad beartaithe chun éifeacht a thabhairt do Threoir 2013/2/AE ón gCoimisiún an 7 Feabhra 2013 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 94/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pacáistiú agus maidir le dramhaíl a phacáistiú.</p> <p>Le hAirteagal 3(1) de Threoir 94/62/CE an 20 Nollaig 1994 maidir le pacáistiú agus maidir le dramhaíl a phacáistiú, sainmhínítear "pacáistiú" trí roinnt critéar a leagan amach. Is é atá sna hítimí atá liostaithe in Iarscríbhinn I ná samplaí a thugann léiriú ar fheidhm na gcritéar sin. Ar chúiseanna a bhaineann le deimhneacht</p>	Níl	Leasuithe teicniúla ar reachtaíocht láithreach
-----	---	--	-----	--

417	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú ar Astaíochtaí Truailleán Gásach agus Cáithníneach ó Innealra Soghluaiste Neamhbhóthair) (Leasú) 2013	Trasuíodh Treoir 2012/46/AE lenar leasaíodh Treoir 1997/68/CE i ndáil le rialú astaíochtaí truailitheacha ó innill dócháin inmheánaigh a úsáidtear in innealra soghluaiste neamhbhóthair. Rinneadh iarscríbhinní teicniúla áirithe de chuid na Treorach a uasdátú agus a ionadú de réir thuairim an Choiste Theicniúil maidir le Mótarfheithicíl.	Níl	Leasuithe teicniúla ar reachtaíocht láithreach
-----	--	---	-----	--

424	An tOrdú fán Acht um Thoghchán, Rialtas Áitiúil agus Pleanáil agus Forbairt 2013 (Tosach Feidhme) (Uimh. 2) 2013	Leis an Ordú seo, rinneadh Cuid 5 den Acht um Thoghchán, Rialtas Áitiúil agus Pleanáil agus Forbairt 2013 a thabhairt i ngníomh, ar Acht é lena n-aisghairtear ailt 21(c) agus 22 d'Acht an Reifrinn 1994 ina ndéileáiltear leis na ceanglais i ndáil le cóipeanna de Bhille ina bhfuil togra is ábhar do reifreann a chur ar fáil lena iniúchadh agus lena cheannach i bpostoifigí.	Níl	Ní raibh gá léi.
-----	--	--	-----	------------------

429	An tOrdú um an Acht Rialtais Áitiúil 2001 (Bainisteoir a Cheapadh) (Tiobraid Árann) 2013	<p>Leis an Ordú seo, déantar foráil maidir leis an Uas. Joe MacGrath a cheapadh, le hOrdú ón Aire, mar bhainisteoir Chontae Thiobraid Árann Theas. Sin an chéad cheapachán chuig an bpost sin tar éis thosach feidhme Chuid 4 den Acht Rialtais Áitiúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2012. Rinneadh é de réir alt 145(3A) den Acht Rialtais Áitiúil 2001 de bhua an Uas. MacGrath a bheith i seilbh phost bhainisteoir Chontae Thiobraid Árann Thuaidh sa ghrúpa údarás i dTiobraid Árann.</p> <p>Gníomhóidh an tUas. MacGrath mar bhainisteoir don dá chontae de réir mar a fhoráiltear in alt 144(1A)(b) den Acht Rialtais Áitiúil 2001.</p>	Níl	Ní raibh gá léi.
-----	--	--	-----	------------------

430	An tOrdú um an Acht Rialtais Áitiúil 2001 (Comhairle Shonraithe) (Tiobraid Árann) 2013	Leis an Ordú seo, déantar foráil á rá gurb í Comhairle Contae Thiobraid Árann Thuaidh an chomhairle ar fúithi a shealbhóidh bainisteoir fostaíocht i dtaca le post bhainisteoir Chontae Thiobraid Árann Thuaidh agus Chontae Thiobraid Árann Theas.	Níl	Ní raibh gá léi.
-----	--	---	-----	------------------

431	An tOrdú um an Acht Rialtais Áitiúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2012 (Tosach Feidhme) 2013	Leis an Ordú seo, cuirtear tús le feidhm na forála atá fágtha de Chuid 4 den Acht Rialtais Áitiúil (Forálacha Ilghnéitheacha) 2012 agus a bhaineann le post an bhainisteora i dTiobraid Árann Thuaidh agus Theas. Leis an ordú maidir le tosach feidhme, cuireadh foráil nua isteach in alt 144 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 ar foráil í lena ndéantar foráil á rá, i gcás Chontae Thiobraid Árann Thuaidh agus Chontae Thiobraid Árann Theas, go bhfeidhmeoidh an duine céanna mar bhainisteoir iontu agus, tríd an méid sin a dhéanamh, ceadaíodh an bainisteoir sin a cheapadh – féach I.R. Uimh. 429/2013 thuas.	Níl	Ní raibh gá léi.
-----	--	--	-----	------------------

446	An tOrdú um an Acht Rialtais Áitiúil 2001 (Tosach Feidhme) 2013	Leis an Ordú seo, déantar foráil maidir le tosach feidhme alt 230 den Acht Rialtais Áitiúil 2001 le héifeacht ón 27 Samhail 2013, ar alt é lena gcumhachtaítear don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil lá a shocrú ar a ndéantar comhbhord adhlactha nó comhchoiste reilige a dhíscaoileadh agus ar a dtagann an t-údarás áitiúil iomchuí chun bheith ina chomharba ar an gcomhlacht lena mbaineann.	Níl	Ní raibh gá léi.
-----	---	---	-----	------------------

447	An tOrdú um an Acht Rialtais Áitiúil 2001 (Alt 230) 2013	Leis an Ordú seo, socraítear lá (an 1 Meitheamh 2014) ar a ndéantar na comhbhoird shonraithe adhlactha agus an comhchoiste reilige sonraithe a dhíscaoileadh agus ar a dtagann na húdaráis áitiúla iomchuí chun bheith ina gcomharbaí ar na comhlachtaí lena mbaineann de réir alt 230 den Acht Rialtais Áitiúil 2001.	Níl	Ní raibh gá léi.
-----	--	--	-----	------------------

504	Na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Toirmeasc ar Dhiúscairt Dramhaíola trína Dó) (Leasú) 2013	Leis na Rialacháin seo, déantar díolúine dá bhforáiltear faoi na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Toirmeasc ar Dhiúscairt Dramhaíola trína Dó) 2009 a leathnú go dtí an 1 Eanáir 2016, ar díolúine í atá ann chun gur féidir le feirmeoirí, mar rogha dheiridh, dramhaíl a ghintear de bharr cleachtas talmhaíochta a dhiúscairt.	Níl	Leasuithe teicniúla ar reachtaíocht láithreach
505	Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) (Dramhaíl) 2013	Leis na Rialacháin seo, tugtar tuilleadh éifeachta do Threoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le measúnacht ar thionscadail phoiblí agus phríobháideacha áirithe i ndáil leis an gcomhshaol.	Níl	Leasuithe teicniúla ar reachtaíocht láithreach

507	Rialacháin na dTithe (Tithe a Dhíol) (Leasú) 2013	Leis na rialacháin seo, tugtar 6 mhí eile d'údaráis tithíochta (go dtí an 30 Meitheamh 2014) chun bailchríoch a chur ar dhíolacháin le tionóntaí faoi scéim fhoirceanta ceannaigh 1995 do thionóntaí i dtaca le tithe údaráis áitiúil.	Níl	Ní raibh gá léi.
520	Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Uimh. 2) 2013	Leis na Rialacháin seo, socraíodh nach mór dul i gcomhairle le hUisce Éireann i dtaca le pleananna agus tionscadail faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú.	Níl	

575	An tOrdú fán Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2) 2013 (Tosach Feidhme) 2013	Leis an ordú seo, déantar forálacha ginearálta áirithe den Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2) 2013 a thabhairt i ngníomh; tá leasuithe ilghnéitheacha ann freisin ar an Acht um Sheirbhísí Uisce 2007 agus ar an Acht um Sheirbhísí Uisce 2013.	Níl	Ní raibh gá léi
576	An tOrdú fán Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2) 2013 (Lá an Aistrithe) 2013	Leis an ordú seo, foráiltear gurb é an 1 Eanáir 2014 an lá a cheaptar mar lá an aistrithe chun críocha an Achta um Sheirbhísí Uisce 2013. Déantar feidhmeanna na n-údarás seirbhísí uisce a aistriú chuig Uisce Éireann ar an lá sin.	Níl	Ní raibh gá léi
Níl uimhir ann	An tOrdú um Dháil Éireann (Corrthoghchán) 2013	Leis an Ordú seo, socraíodh an 5 Márta 2013 mar lá vótaíochta do chorrthoghchán na Mí Thoir. Foilsíodh an tOrdú san Iris Oifigiúil.	Níl	Ní raibh gá léi.

Níl uimhir ann	Ordú an Reifrinn - Vótaíocht	Leis an Ordú seo, socraíodh an 4 Deireadh Fómhair 2013 mar lá vótaíochta do na reifrinn ar an mBille um an Dara Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Deireadh a chur le Seanad Éireann) agus ar an mBille um an Tríú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Cúirt Achomhairc) 2013. Foilsíodh an tOrdú san Iris Oifigiúil.	Níl	Ní raibh gá léi.
Níl uimhir ann	Ceann Comhairimh Reifrinn	Leis an Ordú seo, ceapadh an Ceann Comhairimh Reifrinn do na reifrinn ar an mBille um an Dara Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Deireadh a chur le Seanad Éireann) agus ar an mBille um an Tríú Leasú is Tríocha ar an mBunreacht (Cúirt Achomhairc) 2013. Foilsíodh an tOrdú san Iris Oifigiúil.	Níl	Ní raibh gá léi.

AGUISÍN 2: Foilseacháin sa bhliain 2013

Déantar na foilseacháin a d'ullmhaigh an Roinn i rith na bliana 2013 a shonrú anseo thíos. I gcás na bhfoilseachán a bhfuil táille ann ina leith, féadfar iad a cheannach go díreach ó Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais mura léirítear a mhalairt.

Clár	Ainm an Fhoilseacháin	Ar fáil	Costas
Athbhreithniú Lár-Théarma LCDP	Athbhreithniú Lár-Théarma LCDP	www.viron.ie	Saor in aisce
Forbairt Tuaithe Náisiúnta	Recreation in the Irish Countryside "Property Rights, Obligations and Responsibilities"	www.countrysidecouncil.ie ar macasamhail é de www.viron.ie Limistéar Forbartha Tuaithe Náisiúnta	Saor in aisce
An Toghchóras	Torthaí Reifrinn: 1937 - 2013	www.viron.ie	Saor in aisce
Pleanáil Mhuirí agus Imeall Trá	Ailtireacht Tola agus Pleanála Nua maidir le Forbairt sa Réimse Muirí	www.viron.ie	Saor in aisce
Athchóiriú na hEarnála Uisce	Straitéis maidir le Cur i bhFeidhm	www.viron.ie	Saor in aisce
Creat don Straitéis Mhuirí	Tuarascálacha maidir le Straitéis Mhuirí na hÉireann faoi Airteagal 19 den Chreat-Treoir	www.viron.ie agus cóip chrua	Saor in aisce
Creat don Straitéis Mhuirí	Atlas Muirí na hÉireann	www.marine.ie	Saor in aisce

Comhshaol	Suirbhé Uile-Oileánda ar Bhoinn Úsáidte	www.viron.ie	Saor in aisce
Comhshaol	Tuarascáil Rialachais Chorparáidigh	www.viron.ie	Saor in aisce
Comhshaol	Tuarascáil maidir le Tobhach Pacáistithe d'Éirinn	www.viron.ie	Saor in aisce
Comhshaol	Athbhreithniú ar Shamhail an Tionscnaimh um Fhreagracht an Táirgeora in Éirinn Cuid 9: Boinn agus Boinn Dramhaíola	www.viron.ie	Saor in aisce
Comhshaol	Athbhreithniú ar Shamhail an Tionscnaimh um Fhreagracht an Táirgeora in Éirinn FRC: Tionscnamh Freagrachta an Táirgeora	www.viron.ie	Saor in aisce
Comhshaol	Staidéar Féidearthachta ar Shárchleachtas Bainistíochta maidir le Áthúsáid Dramhaíola Téagartha	www.viron.ie	Saor in aisce

Comhshaol	Páipéar Comhairliúcháin ar Rialáil Dramhaíola Tí	www.environ.ie	Saor in aisce
Tithíocht	Bileog ar Íoschaighdeáin i gCóiríocht ar Cíos	www.environ.ie	Saor in aisce
Tithíocht	Ag Tógáil don Todhchaí, Cód Rialála Deonach do Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta in Éirinn	www.environ.ie	Saor in aisce
Tithíocht	Éasca le Léamh – Straitéis Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas	www.environ.ie	Saor in aisce
Tithíocht	Ráiteas Beartais maidir le hEaspa Dídine	www.environ.ie	Saor in aisce
Tithíocht	Treoir-Dhoiciméad Theicniúil D – Ábhair agus Saoirseacht (2013)	www.environ.ie	€4.00
Tithíocht	Nóta Eolais ar Rialáil Tháirgí Foirgníochta	www.environ.ie	Saor in aisce

Rialtas Áitiúil & an Toghchóras	Plean d'Fhórsa Saothair Chomhairle Cathrach Chorcaí 2013 – 2014; lena n-áirítear Tuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe Neamhspleách ar Leibhéal Foirne i gComhairle Cathrach Chorcaí	www.environ.ie	Saor in aisce
Rialtas Áitiúil & an Toghchóras	An Grúpa Athbhreithnithe Éifeachtachta Rialtais Áitiúil – Tuarascáil Bhreise chuig an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil	www.environ.ie	Saor in aisce
Met Éireann Caffarra, A., Zottele, F., Gleeson, E., Donnelly, A. (2013)	Spatial heterogeneity in the timing of birch budburst in response to future climate warming in Ireland	International Journal of Biometeorology 57 (5) doi: 10.1007/s00484-013-0720-5.	Foilseachán in Iris

<p>Met Éireann Drijfhout, S.S., Gleeson, E., Dijkstra, H.A., Livina, A. (2013)</p>	<p>Spontaneous abrupt climate change due to an atmospheric blocking-sea-ice-ocean feedback in an unforced climate model simulation</p>	<p>PNAS 110 (49) 19713-19718; doi:10.1073/pnas.1304912110. (Published ahead of print 18/11/2013)</p>	<p>Foilseachán in Iris</p>
<p>Met Éireann Fitzpatrick, N. (2013)</p>	<p>Fíorú ar Radar Aimsire Met Éireann. Nóta Teicniúil Met Éireann Uimh. 62.</p>	<p>www.met.ie</p>	<p>Saor in aisce</p>
<p>Met Éireann Gleeson, E., Donnelly, A., Ní Bhroin, A., O'Neill, B.F., Semmler, T., McGrath, R. (2013)</p>	<p>A comparison of spring tree phenology with a range of meteorological parameters.</p>	<p>Biology and Environment; Proceedings of the Royal Irish Academy 113B, 47-56. doi: 10.3318/BIOE.2013.06.</p>	<p>Foilseachán in Iris</p>
<p>Met Éireann Gleeson, E., McGrath, R., Treanor, M. (2013)</p>	<p>Ireland's climate: the road ahead.</p>	<p>www.met.ie</p>	<p>Saor in aisce</p>

<p>Met Éireann Om P. Tripathi, S. G. Jennings, C. D. O'Dowd, K. P. Lambkin agus E. Moran (2013)</p>	<p>Measurements of stratospheric ozone at a mid-latitude observing station Valentia, Ireland (51.94° N, 10.25° W), using ground-based and ozonesonde observations from 1994 to 2009.</p>	<p>J AtmosChem, DOI 10.1007/s10874-013-9274-5.</p>	<p>Foilseachán in Iris</p>
<p>Met Éireann Regan, E.C., Gleeson, E. (le foilsiú).</p>	<p>Painted lady (Vanessa cardui L., 1758) migration of 2009 as recorded by the Irish Butterfly Monitoring Scheme and an investigation into the origin of the migration.</p>	<p>Irish Naturalists' Journal, Volume 32, Part 2, pp108-113.</p>	<p>Foilseachán in Iris</p>
<p>Pleanáil</p>	<p>Treoirínte d'Údaráis Áitiúla maidir le Pleananna Ceantair Áitiúla (Meitheamh 2013)</p>	<p>www.environ.ie</p>	<p>Saor in aisce</p>

Pleanáil	<p>Leasuithe beartaithe ar Treoirlínte ar Fhorbairt Fuinnimh Ghaoithe 2006</p> <p>Athbhreithniú Spriocdhírthe i ndáil le Torann, Gaireacht agus Caochaíl Scáileanna – 11 Nollaig 2013</p>	www.environ.ie	Saor in aisce
Pleanáil	Treoirlínte maidir le Ranníocaíochtaí Forbartha (Eanáir 2013)	www.environ.ie	Saor in aisce
Pleanáil	Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus do Shráideanna Uirbeacha (LDBSU)	www.environ.ie	Saor in aisce
Pleanáil	Creat maidir le Comhoibriú Straitéisí Spáis Thuaisceart Éireann agus Pobalacht na hÉireann (Meitheamh 2013)	www.environ.ie	Saor in aisce

Pleanáil	Treoirínte d'Údaráis Áitiúla agus don Bhord Pleanála maidir le carrying out Measúnachtaí Tionchair Timpeallachta a dhéanamh	www.environ.ie	Saor in aisce
-----------------	--	--	---------------

AGUISÍN 3: Tuairisciú Bliantúil maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh – Forléargas ar Úsáid Fuinnimh sa bhliain 2013

Sna figiúirí thíos maidir le tomhaltas fuinnimh na Roinne, cuimsítear oifigí na Roinne i dTeach an Chustaim, Baile Átha Cliath, i Loch Garman agus i mBéal an Átha. Bhain tuairim is aon trian de thomhaltas fuinnimh le spásanna a théamh, agus bhain an chuid eile den fhuinneamh a úsáideadh le trealamh soilsiúcháin, aerúcháin, téite uisce, oifige (TF) agus lónadóireachta.

Is iad seo a leanas na figiúirí iomchuí don bhliain 2013:

Suíomh	Leictreachas (MWh)	Gás (MWh)	Breoslaí Athnuaite (MWh)	In- Iomlán (MWh)	Laghdú mar % i gcomparáid leis an mBonnbhliain (2007)
Teach an Chustaim	966	1,761	8.5	2,735 (65%)	+20.43%
Béal an Átha	281	267	Nialas	548 (13%)	-20%
Loc Garman	525	396	0.1	921(22%)	+1.3%
				4,205 (100%)	-11.4%

San iomlán, is é atá sa sábháil ó thaobh tomhaltais fuinnimh de thar na trí oifig Roinne don tréimhse 2013, i gcomparáid leis an mbonnbhliain (2007) ná -11.4%.

Ba í bonnbhliain 2007 an chéad bhliain ar ghlac an Roinn páirt i scéim OOP “Optimising Power @ Work”, is é sin, feachtas feasachta foirne i 250 foirgneamh mór faoi úinéireacht/ar léas ag OOP lena n-úsáid ag Ranna Rialtais agus ag gníomhaireachtaí stáit, ar feachtas é sin a bhí dírithe ar laghdú a dhéanamh at astaíochtaí CO₂ ó thomhaltas fuinnimh ag an earnáil phoiblí. Is é is príomhfhócas don fheachtas ná dianfheachtas i leith feasachta ar chúrsaí fuinnimh i measc na foirne i ngach foirgneamh rannpháirteach agus, ag an am céanna, á chinntiú go bhfuil na foirgnimh sin á n-oibriú ar an mbealach is éifeachtúla agus is féidir a mhéid a bhaineann leis na próisis trína ndéantar fuinneamh a thomhailt.

Sa chéad chéim den scéim 'Optimising Power @ Work' baineadh amach laghdú 14% ar astaíochtaí CO2 faoi mhí Bealtaine 2010 don earnáil phoiblí go léir (i.e. gach foirgneamh rannpháirteach) agus leanann an tsábháil de bheith ag dul in airde. Is é atá sa sprioc reatha ná laghdú 20% faoi dheireadh na bliana 2015.

Bhí deacrachtaí ag Teach an Chustaim i mBaile Átha Cliath maidir leis an gcóras téite agus tugadh aghaidh air sin sa bhliain 2013. Mar thoradh glan air sin, beidh laghdú ar an líon kWh sa bhliain 2014 ó thaobh téimh de.

Rinneadh an t-iniúchadh bliantúil ar fhaireachais i ndáil le Córas Bainistíochta Comhshaoil na Roinne i gcomhair Theach an Chustaim a chur i gcrích i mí na Samhna agus dhaingnigh iniúchóir NSAI Clárúchán ISO 1401 don foirgneamh le haghaidh 12 mhí eile. Tá deimhniúchán Theach an Chustaim i bhfeidhm don tréimhse 2012-2015 agus déanann an NSAI iniúchadh faireachais uair sa bhliain – baineadh an deimhniúchán athnuaithe sin amach le cabhair ó gach duine den fhoireann agus fuarthas ionchur ar leith ó Fhoireann Ghlas Theach an Chustaim.

Le linn iniúchadh ISO 1401, scrúdaíodh gach gné den bhainistíocht chomhshaoil san foirgneamh agus aird ar leith á tabhairt ar obair na Foirne Glaise agus ar an iliomad tionscnamh nua sábhála fuinnimh a tugadh isteach thar an mbliain atá caite lena n-áirítear insliú as dáta i ndíonta an fhoirgnimh a thabhairt chun bealaigh agus insliú nua-aimseartha teirmeach ardéifeachtúlachta a chur ina ionad mar aon le forbairt shuntasach Feistí nua Ilfheidhme (MFD-anna) i dTeach an Chustaim sa bhliain 2013, rud as a leanfaidh fíorshábháil, thar am, sa bhliain 2014 agus ina dhiaidh sin i dtéarmaí na gcostas a bhaineann le páipéar/clódóireacht/earraí intomhalta/etc.

Gníomhartha a rinneadh sa bhliain 2013

Anuraidh, chuaigh an Roinn i mbun raon tionscnamh sna trí shuíomh chun feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- Feabhsuithe de bharr tionscnamh “cas as” (ríomhairí pearsanta agus soilse);
- Cur i bhfeidhm teicniúil agus suiteáil i ndáil le coirí nua (Béal an Átha);
- Díon nua ar chodanna de Theach an Chustaim, rud a mhéadaigh leibhéal an inslithe;
- Suiteáil tumthéitheoirí leictreacha le gur féidir coirí a chasadh as le linn an tsamhraidh (Teach an Chustaim);
- Méadair bhreise a chur isteach i dTeach an Chustaim;
- Faireachán géar ar am-chloig ar chórais mheicniúla agus leictreacha;
- Tuairisciú míosúil maidir le fuinneamh;

- Tá an feachtas feasachta fuinnimh 'Optimising Power @ Work' ar siúl;
- Cur i Láthair i ngach foirgneamh de chuid na Roinne; agus
- BMS PC a shuiteáil i dTeach an Chustaim.

Gníomhartha atá Beartaithe don bhliain 2014

Sa bhliain 2014 (agus i mblianta ina dhiaidh sin), tá sé beartaithe ag an Roinn feabhsúcháin eile a bhaint amach maidir le feidhmíocht agus éifeachtúlacht fuinnimh trí thuilleadh tionscnamh a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- Leanúint d'fhaireachán agus de choigeartú a dhéanamh ar chórais Téite, Aerúcháin agus Aeroiriúnaithe (HVAC);
- Tá iniúchtaí le déanamh ar an gCóras Bainistithe Foirgnimh, go háirithe ar an BMS PC nua i dTeach an Chustaim;
- Tá iniúchtaí fuinnimh le déanamh lasmuigh d'uaireanta oibre;
- Fócas athnuaite ar fheasacht i measc na foirne trí chur i láthair a thabhairt de réir mar is gá;
- Athríomh a dhéanamh maidir le tagairmharcanna agus feidhmíocht i ndáil le rialú HVAC; agus
- Faireachán a dhéanamh ar úsáid grianphainéal chun tuilleadh feabhais a chur ar thomhailt fuinnimh, go háirithe mar thoradh ar thumthéitheoirí nua a bheith suiteáilte (Teach an Chustaim).